20	C2.1R1 Cánachas Glas	Garsprioc	Tuarascáil ar an measúnú tionchair lena dtomhaistear éifeacht an athchóirithe ar an gcomhshaol agus ar an ngeilleagar	Foilsíú na tuarascála ar an measúnú tionchair lena dtomhaistear éifeacht an athchóirithe ar an gcomhshaol agus ar an ngeilleagar	-	-	-	R2	2026	Tuarascáil ar an measúnú tionchair ina dtomhaistear éifeacht an athchóirithe ar an gcomhshaol agus an éifeacht eacnamaíoch ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí, chomh maith le tuilleadh leasuithe cánach a mholadh, de réir mar is gá.
21	C2.1R2	Garsprioc	Dlí maidir le Rialáil an	Foráil sa dlí lena léirítear	-	-	-	R4	2021	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Rialáil an Mhargaidh Leictreachais 2021, lena n-

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Neamhspleách as Oibreoir Chóras Tarchurtha na Cipire (TSOC) ó Údarás Leictreachais reatha na Cipire		Mhargaidh Leictreachais 2021	teacht i bhfeidhm ‘Dlí 2021 maidir leis an Margadh Leictreachais a Rialáil’						éascófar oscailt an mhargaidh leictreachais don iomaíocht agus lena gcuirfear borradh faoi ghlacadh RES tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (a) neamhspleáchas Oibreoir Córais Tarchurtha na Cipire (TSOC) a bhaint amach ó Údarás Leictreachais na Cipire (EAC) atá ann faoi láthair (uathriail i rialachas, uathriail airgeadais agus neamhspleáchas phearsanra TSOC), (b) na bearta is gá a thabhairt isteach chun costas an leictreachais a laghdú do chustaiméirí baile agus tráchtála/tionsclaíocha agus (c) dálaí trédhearcachta agus iontaoibhe a chruthú chun infheistíoirí nua a spreagadh i nginiúint agus i soláthar leictreachais.
22	C2.1R3 Ionaid Ilfhreastail Dhigiteacha chun tionscadail RES a cheadaíonn siad a chuíchóiriú agus chun Athchóiriú Fuinnimh i bhFoirgnimh a éascú	Garsprioc	Ardán TF lánoibríochtúil	Ardán TF lánoibríochtúil a nglacann an Aireacht Fuinnimh, Tráchtála agus Tionscail leis	-	-	-	R4	2022	Ardán TF lánoibríochtúil chun (1) an t-iarratasóir a threorú tríd an bpróiseas riaracháin iarratais ar chead ar bhealach trédhearcach go dtí go ndéanfaidh na húdaráis fhreagracha cinneadh amháin nó roinnt cinntí, (2) an fhaisnéis uile is gá a sholáthar don iarratasóir agus páirt a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, d’údaráis riaracháin eile.
23	C2.1R4 Creat Rialála Stórála Fuinnimh	Garsprioc	Leasú ar na Rialacha Tarchurtha agus Dáileacháin	Foilsíú ar shuíomh gréasáin Udarás Rialála Fuinnimh na	-	-	-	R4	2021	Teacht i bhfeidhm leasaithe ar na Rialacha Tarchurtha agus Dáileacháin (TDRanna) agus ar na Rialacha Trádála agus Socraíochta (TSRanna) lena soláthrófar an creat rialála (rialacha margaidh) agus na módúlachtaí

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			(TDRanna) agus ar na Rialacha Trádála agus Socraíochta (TSRanna)	Cipire um Leasú ar na Rialacha Tarchurtha agus Dáileacháin (TDRanna) agus ar na Rialacha Trádála agus Socraíochta (TSRanna)						teicniúla is gá lena gceadófar do shaoráidí stórála an méid seo a leanas a dhéanamh: - páirt a ghlacadh sa mhargadh mórdhíola leictreachais, forbairt margaidh leictreachais a chur chun cinn atá inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de, éifeachtúil, sábháilte agus dírithe ar thomhaltóirí agus lena dtugtar tús áite do leictreachas a ghiniúint ó chórais fuinnimh in-athnuaite.
24	C2.1I1 Infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh in FBManna agus in eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a chur chun cinn	Garsprioc	Scéim tacaíochta chun infheistíochtaí éifeachtúlacht a fuinnimh a chur chun cinn in FBManna, i mbardais, i bpobail agus san earnáil phoiblí i gcoitinne	Foilsíú an ghlaio ar thograí le haghaidh na scéime tacaíochta chun infheistíochtaí éifeachtúlacht a fuinnimh a chur chun cinn in FBManna, i mbardais, i bpobail agus san earnáil phoiblí i gcoitinne	-	-	-	R4	2021	Glaio ar thograí a eisiúint maidir leis an scéim tacaíochta chun infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn in FBManna, i mbardais, i bpobail agus san earnáil phoiblí i gcoitinne, tar éis fíorú a dhéanamh ar an rialachán maidir le státhabhair atá le cur i bhfeidhm ag an gCoimisinéir um Rialú ar Státhabhair agus tar éis chinneadh Chomhairle na nAirí lena bhformheastar cuspóirí na scéime. Beidh sé d'aidhm ag an infheistíocht laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh a bhaint amach ar an meán.
25	C2.1I1 Infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh in FBManna agus in eagraíochtaí	Sprioc	Eintitis (FBManna, eagraíochtaí neamhbhrabúsacha) a bhfuil idirghabhálach		Líon	0	125	R4	2024	Cuireadh 125 thionscadal ar a laghad (a dhéanann FBManna nó eagraíochtaí neamhbhrabúsacha) chun feidhme trí idirghabhálacha éifeachtúlachta fuinnimh (bearta éifeachtúlachta fuinnimh) i bhfoirgnimh nó trí bhearta éifeachtúlachta

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	neamhbhrabúsacha a chur chun cinn		a éifeachtúlacht a fuinnimh curtha chun feidhme acu							fuinnimh a bhaineann lena bpróisis táirgthe agus é mar chuspóir laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh a bhaint amach ar an meán. Beidh na tionscadail a roghnófar i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
26	C2.1I1 Infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh in FBManana agus in eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a chur chun cinn	Sprioc	Eintitis (FBManana, eagraíochtaí neamhbhrabúsacha) a bhfuil idirghabhálach a éifeachtúlacht a fuinnimh curtha chun feidhme acu		Líon	125	275	R4	2025	Cuireadh 275 thionscadal ar a laghad (a dtugann FBManana nó eagraíochtaí neamhbhrabúsacha fúthu) chun feidhme trí idirghabhálach a éifeachtúlachta fuinnimh (bearta éifeachtúlachta fuinnimh) i bhfoirgnimh nó trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann lena bpróisis táirgthe agus é mar chuspóir laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh a bhaint amach ar an meán. Beidh na tionscadail a roghnófar i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
27	C2.1I2 Foinsí in-athnuaite fuinnimh agus bearta aonair éifeachtúlachta fuinnimh a	Garsprioc	An chéad ghlaio ar thograí chun foinsí in-athnuaite fuinnimh agus bearta aonair	Foilsíodh an chéad ghlaio ar thograí	-	-	-	R2	2021	Foilsíodh an chéad ghlaio ar thograí chun foinsí in-athnuaite fuinnimh agus bearta aonair éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i dteaghaisí ar shuíomh gréasáin RES agus an Chiste Caomhnaithe Fuinnimh. Beidh sé d’aithm ag an infheistíocht laghdú 30 % ar a

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	chur chun cinn i dteaghaisí agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh i dteaghlaigh ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais		éifeachtúlacht a fuinnimh a chur chun cinn i dteaghaisí							laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh a bhaint amach ar an meán.
28a	C2.1I2 Foinsí in-athnuaite fuinnimh agus bearta aonair éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i dteaghaisí agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh i dteaghlaigh ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais	Sprioc	Teaghaisí agus teaghlaigh ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais (lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas) a chuir feabhas ar a bhfeidhmíocht fuinnimh	-	Líon	0	8 500	R4	2023	Tá feabhas curtha ag 8 500 teaghais ar a laghad agus 600 teaghlach ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais (lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas) ar a bhfeidhmíocht fuinnimh mar gheall ar an tacaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil, chomh maith le réitigh shaincheaptha (seirbhísí tacaíochta agus treoir fuinnimh) do dhaoine faoi mhíchumas, agus é mar chuspóir laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh a bhaint amach ar an meán.
29a	C2.1I2 Foinsí in-athnuaite fuinnimh agus bearta aonair éifeachtúlachta	Sprioc	Teaghaisí agus teaghlaigh ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais	-	Líon	8 500	16 200	R2	2026	Tá feabhas curtha ag 16 200 teaghais ar a laghad agus ag 1 600 teaghlach ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais (lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas) ar a bhfeidhmíocht fuinnimh mar gheall ar an tacaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil, chomh

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	fuinnimh a chur chun cinn i dteaghaisí agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh i dteaghlaigh ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais		(lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas) a chuir feabhas ar a bhfeidhmíocht fuinnimh							maith le réitigh shaincheaptha (seirbhísí tacaíochta agus treoir fuinnimh), agus é mar chuspóir laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh a bhaint amach ar an meán.
30	C2.1I3 Úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus coigilteas fuinnimh ag údaráis phoiblí áitiúla/níos leithne a spreagadh agus aistriú na bpobal áitiúil i dtreo maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a éascú;	Garsprioc	An chéad ghlaio ar thograí chun tacú le húdaráis áitiúla i mbearta éifeachtúlacht a fuinnimh	An chéad ghlaio ar thograí a fhoilsiú	-	-	-	R3	2021	Foilsíodh an chéad ghlaio ar thograí chun tacú le húdaráis áitiúla i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh ar shuíomh gréasáin RES agus an Chiste Caomhnaithe Fuinnimh. Beidh sé d'aithne ag an infheistíocht laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh a bhaint amach ar an meán.
31a	C2.1I3 Úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus coigilteas	Sprioc	Infheistíochtaí a rinne údaráis phoiblí áitiúla agus údaráis phoiblí níos	-	MWh in aghaidh na bliana	0	3600	R4	2024	Tá feabhas tagtha ar fheidhmíocht fuinnimh na n-infheistíochtaí a rinne na húdaráis áitiúla agus phoiblí i gcoitinne i ngeall ar an tacaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil agus tá laghdú

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	fuinnimh ag údaráis phoiblí áitiúla/níos leithne a spreagadh agus aistriú na bpobal áitiúil i dtreo maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a éascú;		leithne a chuir feabhas ar a bhfeidhmíocht fuinnimh							3600 MWh ar a laghad bainte amach acu ar ídiú fuinnimh phríomhúil in aghaidh na bliana
32a	C2.1I3 Úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus coigilteas fuinnimh ag údaráis phoiblí áitiúla/níos leithne a spreagadh agus aistriú na bpobal áitiúil i dtreo maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a éascú;	Sprioc	Infheistíochtaí a rinne údaráis áitiúla a chuir feabhas ar a bhfeidhmíocht fuinnimh	-	MWh in aghaidh na bliana	3600	11 250	R2	2026	Tá feabhas tagtha ar fheidhmíocht fuinnimh na n-infheistíochtaí a rinne na húdaráis áitiúla agus phoiblí i gcoitinne i ngeall ar an tacaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil agus tá laghdú 11 250 MWh ar a laghad bainte amach acu ar ídiú fuinnimh phríomhúil in aghaidh na bliana.
32c	C2.1I3 Úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus	Sprioc	Scéim deontais chun tacú le hinfeistíochta	Líon	-	0	27	R2	2026	Tugadh tacaíocht do 27 bpobal áitiúla ar a laghad chun infheistíochtaí um oiriúnú don athrú aeráide a chur chun feidhme.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	coigilteas fuinnimh ag údarais phoiblí áitiúla/níos leithne a spreagadh agus aistriú na bpobal áitiúil i dtreo maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a éascú;		í oiriúnaithe aeráide inbhuanaithe i gComhairlí (Comhphobail) áitiúla							
33	C2.1I4 Laghdú ar astaíochtaí CO2 i ngnólachtaí a spreagadh	Sprioc	Gnóthais a bhfuil a bpleananna gníomhaíochta maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú forbartha acu	-	Líon	0	300	R4	2024	Tá a bpleananna gníomhaíochta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú forbartha ag 300 gnóthas ar a laghad, mar gheall ar an tacaíocht a cuireadh ar fáil. Beidh na bpleananna gníomhaíochta a cheapfar i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an bhforáil maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
35	C2.1I5 Éifeachtúlacht Fuinnimh Uasghrádú ar fhoirgnimh phoiblí	Sprioc	Córais inslithe theirmigh agus fhótavoltacha suiteáilte i scoileanna	-	Líon	0	405	R1	2022	Córais inslithe theirmigh agus fhótavoltacha atá suiteáilte i 405 scoil ar a laghad agus é mar chuspóir laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh a bhaint amach ar an meán.
36	C2.1I5 Éifeachtúlacht Fuinnimh Uasghrádú ar	Sprioc	Bunú agus suiteáil córais fhótavoltaigh a chur i gcrích	-	Líon	0	943	R4	2023	Bunú agus suiteáil an chórais fhótavoltaigh a chur i gcrích in Ospidéal Ginearálta na Niocóise agus toilleadh iomlán 943 KW ann.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	fhoirgnimh phoiblí		in Ospidéal Ginearálta na Niocóise							
37	C2.1I5 Éifeachtúlacht Fuinnimh Uasghrádú ar fhoirgnimh phoiblí	Sprioc	Suiteáil córas fótavoltach a chur i gcrích i stáisiún caidéil uisce agus i stáisiún dóiteáin	-	Líon	0	2 200	R4	2025	Suiteáil córas fótavoltach, ag a bhfuil toilleadh iomlán 2 200 KW, a chur i gcrích i stáisiún caidéil uisce agus i stáisiún dóiteáin.
38	C2.1I6 Bonneagar tástála fuinnimh in-athnuaite agus eangacha cliste a uasghrádú in Ollscoil na Cipire	Garsprioc	Síniú conarthaí chun trealamh a shuiteáil chun an eangach leictreachais a uasghrádú ina heangach chliste	Síniú na gConarthaí	-	-	-	R4	2023	Síniú conarthaí chun trealamh a shuiteáil chun an eangach leictreachais a uasghrádú ina heangach chliste tar éis nós imeachta rathúil soláthair phoiblí.
39	C2.1I6 Bonneagar tástála fuinnimh in-athnuaite agus eangacha cliste a uasghrádú in Ollscoil na Cipire	Garsprioc	Seachadadh, suiteáil rathúil agus glacadh leis an trealamh le haghaidh eangacha cliste	Tuarascáil ghlacktha eisithe	-	-	-	R4	2024	Seachadadh, suiteáil rathúil, tástáil, calabrú, coimisiúnú agus glacadh an trealaimh le haghaidh eangacha cliste, agus comhtháthú deiridh bonneagair ina dhiaidh sin.
40	C2.1I7 Ollsuiteáil agus oibriú ag Oibreoir Córais Dáileacháin (OCD) an	Garsprioc	Síniú Conartha le haghaidh bonneagar méadraithe	Síniú an Chonartha	-	-	-	R1	2024	Síniú Conartha le haghaidh bonneagar méadraithe leictreachais chliste (Hardware, software and support & other services).

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Bhonneagair Méadraithe Chliste (Ardbhonneagair Méadraithe)		leictreachais chliste							
41	C2.1I7 Ollsúiteáil agus oibriú ag Oibreoir Córais Dáileacháin (OCD) an Bhonneagair Méadraithe Chliste (Ardbhonneagair Méadraithe)	Sprioc	Seachadadh agus suiteáil méadar cliste	-	Líon	0	50 000 seachadta chuig EAC 15 000 suiteáilte do chustaiméirí leictreachais deiridh	R3	2024	Seachadadh agus glacadh 50 000 méadar cliste leictreachais ar a laghad chuig EAC agus 15 000 díobh sin a shuiteáil do chustaiméirí deiridh leictreachais, lena n-áirítear daoine nádúrtha agus dlítheanacha.
42	C2.1I7 Ollsúiteáil agus oibriú ag Oibreoir Córais Dáileacháin (OCD) an Bhonneagair Méadraithe Chliste (Ardbhonneagair Méadraithe)	Sprioc	Seachadadh agus suiteáil méadar cliste	-	Líon	50 000 seachadta chuig EAC 15 000 suiteáilte do chustaiméirí leictreachais deiridh	40 0 000 seachadta chuig EAC 250 000 suiteáilte do chustaiméirí deiridh leictreachais	R2	2026	Seachadadh 400 000 méadar cliste leictreachais chuig EAC agus glacadh leo agus suiteáil 250 000 díobh sin chuig custaiméirí deiridh leictreachais, lena n-áirítear daoine nádúrtha agus dlítheanacha.
43	C2.1I8 Faireachán agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa talmhaíocht	Garsprioc	Aonaid faireacháin a cheannach agus a shuiteáil chun astaíochtaí GCT ón	Formheas an trealaimh agus suiteáil ag an gcoiste glactha	-	-	-	R2	2023	Aonad gluaisteán agus aonaid faireacháin bhuana a cheannach agus a shuiteáil, chun astaíochtaí GCT ón talmhaíocht a thomhas agus é mar chuspóir beartais leordhóthanacha a chur chun feidhme chun astaíochtaí GCT a mhaolú.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			talmhaíocht a thomhas							
44	C2.1I8 Faireachán agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa talmhaíocht	Sprioc	Laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht	-	% (Céatadán)	0	10	R4	2025	Laghdú 10 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht a bhaint amach trí fhaireachán a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus trí Fhachtóirí Náisiúnta Astaíochtaí le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh agus trí Fhachtóirí Astaíochtaí a chur chun feidhme tríd an bhFardal Náisiúnta le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa sa tír. Is ionann iomlán tagartha na n-astaíochtaí ó ithreacha talmhaíochta bunaithe ar Thuarascáil Fardal Náisiúnta na tíre agus coibhéis 122,8 kt CO2 le haghaidh 2019.
45	C2.1I9 Cosaint dóiteáin foraoisí	Garsprioc	Síniú 8 gComhaontú/ Sínithe Conartha chun feithiclí, trealamh agus soláthar seirbhísí a cheannach agus chun glao ar thairiscintí a eisiúint chun aerárthaí comhraic dóiteáin a cheannach	Síniú 8 gComhaontú/Sínithe Conartha	-	-	-	R2	2022	Síniú 8 gComhaontú/Conradh le soláthróirí chun feithiclí, trealamh agus soláthar seirbhísí a cheannach agus chun glao ar thairiscintí a eisiúint maidir le haerárthaí comhraic dóiteáin a cheannach agus é mar chuspóir rannchuidiú le hoiriúnú don athrú aeráide agus leis an riosca pléascatha agus leathnaithe dóiteáin foraoise a laghdú agus leis an gcosaint ar na rioscaí a bhíonn roimh shaoránaigh, bonneagar agus foraoisí ó theagmhas dóiteáin a d'fhéadfadh a bheith ann a neartú.
46	C2.1I9 Cosaint dóiteáin foraoisí	Garsprioc	Seachadadh aerárthaí comhraic dóiteáin,	Deimhnithe glactha arna n-eisiúint chun aerárthaí, feithiclí agus	-	-	-	R4	2025	Aerárthaí, feithiclí agus trealamh comhraicthe dóiteáin a sheachadadh agus glacadh leo.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			feithiclí agus trealaimh	trealamh comhraicthe dóiteáin a sheachadadh						
47	C2.1I9 Cosaint dóiteáin foraoisi	Garsprioc	Críochnú seirbhísí	Deimhnithe glactha a eisítear chun a dheimhniú go nglactar le seirbhísí	-	-	-	R2	2026	Na seirbhísí seo a leanas a chur i gcrích: (1) oibriochtaí comhraicthe dóiteáin agus oiliúint maidir le rátáil cineáil píolótaí, (2) cleachtais foraoiseolaíochta agus (3) seirbhísí le haghaidh 3 aerfheithicil gan foireann (UAV) – ladrainn.
48	C2.1I10 Córas Bainistíochta Margaidh chun oscailt an mhargaidh leictreachais don iomaíocht a éascú	Garsprioc	An Córas Bainistíochta Margaidh a thabhairt chun críche, a shuiteáil agus a chur i bhfeidhm agus oiliúint a chur ar phearsanra	Deimhniú Glactha Deiridh a eisiúint le haghaidh an Chórais Bainistíochta Margaidh agus cur i gcrích na hoiliúna pearsanra a fhíorú	-	-	-	R1	2023	An Córas Bainistíochta Margaidh do Mhargadh Leictreachais na Cipire a thabhairt chun críche, a shuiteáil agus a chur i bhfeidhm agus oiliúint a chur ar phearsanra an Oibreora Córais Tarchurtha maidir leis an gcóras faisnéise rollta amach agus nósanna imeachta oibriochtúla gaolmhara.

B.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht 11 (C2.1I11) Deireadh a chur le leithlisiú fuinnimh – Tionscadal Leasa Choitinn ‘Idirnascaire EuroAsia’

Is é is cuspóir don bheart slándáil an tsoláthair agus praghsanna mórdhíola leictreachais níos iomaíche a áirithiú, agus úsáid mhéadaithe leictreachais ó fhoinsí níos glaine, go háirithe foinsí in-athnuaite fuinnimh, a chumasú trí líonra leictreachais na Cipire a nascadh le córas ilchríochach an Aontais.

Is éard a bheidh san infheistíocht PCI 3.10.2 Idirnasc idir an Chipir agus an Ghréig a chríochnú agus a choimisiúnú, lena n-áireofar stáisiún tiontaire DC 1 000 MW sa Chipir agus bonneagar gaolmhar sa Chipir agus sa Chréit, atá nasctha trí 898 km de cháblaí fomhuirí HVDC a bhfuil acmhainneacht 1 000 MW acu. Meastar go mbeidh sé sin mar chuid d’infheistíocht níos leithne lena dtógfar idirnascaire trasteorann dar fad iomlán 1 208 km idir an Chréit, an Chipir agus Iosrael. Táthar ag súil go bhfaighidh codanna éagsúla den tionscadal cistiú ó fhoinsí éagsúla, eadhon an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, iasacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta, iasachtaí tráchtála agus cothromas.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh. Go háirithe, déanfar na bearta maolaitheacha atá dírithe ar chaomhnú na muirthimpeallachta a urramú go cuí le linn chur chun feidhme an tionscadail mar a leagtar amach sa Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol agus sa chead tógála. Aon bhearta a shainaithnítear i gcreat MTC agus an mheasúnaithe faoi Threoir 2000/60/CE mar bhearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), déanfar iad a chomhtháthú sa tionscadal agus comhlíonfar iad ag céimeanna tógála, oibríochta agus díchoimisiúnaithe an bhonneagair.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

B.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Uimhir Sheicheamha ch	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
49	C2.1I11 Deireadh a chur le leithlisiú fuinnimh – Tionscadal Leasa Choitinn ‘Idirnascaire EuroAsia’	Garsprioc	Tús na n-oibreacha tógála ar Stáisiún Tiontaire HVDC i Kofinou agus an bonneagar ar tír mór sa Chipir	Comhaontú sínithe chun Stáisiún Tiontaire Kofinou a thógáil	-	-	-	R4	2022	Tús a chur le hoibreacha tógála Stáisiún Tiontaire HVDC in Kofinou agus an bonneagar ar tír sa Chipir tar éis foinsí cistiúcháin ábhartha a dhaingniú lasmuigh den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
50	C2.1I11 Deireadh a chur le leithlisiú fuinnimh – Tionscadal Leasa Choitinn ‘Idirnascaire EuroAsia’	Garsprioc	Tógáil an stáisiúin tiontaire a chur i gcrích	Deimhniú glactha ar láimh a eisiúint chun stáisiún tiontaire a thógáil	-	-	-	R4	2024	Tógáil stáisiúin tiontaire a thabhairt chun críche lena n-áirítear suiteáil ardvoltais agus trealamh rialaithe
51	C2.1I11 Deireadh a chur le leithlisiú fuinnimh – Tionscadal Leasa Choitinn ‘Idirnascaire EuroAsia’	Garsprioc	Saoráid iomlán agus lánoibríochtúil an idirnaise leictreachais idir an Chipir agus an Chréit (an Ghréig)	Síníonn foireann glactha táirgí insoláthartha éifeachtúlacht oibríochtúil an tionscadail; fógra poiblí maidir le tús a chur le hoibriú an idirnascaire	-	-	-	R4	2025	Saoráid iomlán agus lánoibríochtúil an idirnaise leictreachais idir an Chipir agus an Chréit (an Ghréig) chun: (1) deireadh a chur le leithlisiú fuinnimh na Cipire mar Bhallstát de chuid an Aontais agus (2) slándáil an tsoláthair fuinnimh a áirithiú (3) spriocanna náisiúnta aeráide a bhaint amach mar a shonraítear sa Phlean Aeráide Náisiúnta

C. COMHPHÁIRT 2.2: IOMPAR INBHUANAITHE

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire soghluaisteacht uirbeach níos glaine, níos cliste, níos sábháilte agus níos cothroime a chur chun cinn trí aistriú módach a spreagadh ó ghluaisteáin phríobháideacha chuig modhanna iompair níos inbhuanaithe amhail iompar poiblí, rothaíocht, siúl, agus úsáid feithiclí astaíochtaí nialasacha nó ísle (LEVanna) a chur chun cinn chomh maith le húsáid córas digiteach in earnáil an iompair.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na moltaí tírshonracha maidir le hinfheistíocht in iompar inbhuanaithe (Moladh Tírshonrach 4 de 2019 agus Moladh Tírshonrach 3 de 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C2.2R1): Córas Cliste Iompair a bhunú ina n-úsáidtear teicneolaíochtaí an Leathchúpla Dhigitigh

Is é cuspóir an bhirt bonneagar teicneolaíochta a fheabhsú, faireachán níos fearr agus níos éifeachtúla ar an mbonneagar a chumasú agus gnéithe cliste a thabhairt isteach chuige.

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú Córas Cliste Iompair a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar bhainistiú na soghluaisteachta i limistéir uirbeacha agus i ngréasán TEN-T na Cipire, agus tríd an gcomhar idir páirtithe leasmhara éagsúla a fheabhsú freisin. Áireofar san athchóiriú seachadadh, suiteáil agus nascadh 300 braiteoir leis an bPointe Rochtana Náisiúnta. Meastar go mbeidh an trealamh sin mar bhonn do dhigitiú na líonraí soghluaisteachta fisicí i mbunachar sonraí córais faisnéise geografáil (GIS) agus do chomhtháthú seirbhísí soghluaisteachta.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 2 (C2.2R2): An creat rialála a sholáthar le haghaidh bonneagar athluchtaithe feithiclí leictreacha (EV) atá idir-inoibritheach agus éifeachtach agus le haghaidh margadh athluchtaithe éifeachtúil feithiclí leictreacha

Is é is cuspóir don bheart cruthú bonneagair leictrea-shoghluaisteachta éifeachtúil a éascú chun feithiclí leictreacha a athluchtú.

Is éard atá san athchóiriú teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le bonneagar athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha. Is é is aidhm don athchóiriú sásra a chruthú chun (i) an margadh athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air agus (ii) anailís sonraí a chomhordú lena bhféadfar faireachán éifeachtach a dhéanamh ar an líonra agus comhlíonadh an dlí náisiúnta agus dhlí an Aontais a áirithiú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú 3 (C2.2R3): Deireadh a chur de réir a chéile leis na feithiclí is mó truailliú, go háirithe i gceantair uirbeacha thruaillithe

Is é cuspóir an athchóirithe an creat rialála a sholáthar chun spreagadh a chruthú chun sean-rothstoc agus rothstoc truaillitheach a ionadú, agus chun dreasachtaí a chur ar fáil chun réitigh chomaitéireachta agus soghluaisteachta inbhuanaithe a úsáid.

Leis an athchóiriú sin, bunófar an creat dlíthiúil lena gceadófar bearta a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh feithiclí truaillitheacha a eisiamh ó phríomhréimsí, amhail criosanna gan astaíochtaí, tobhaigh ar chúrsaíocht feithiclí i réimsí áirithe, agus úsáid éigeantach feithiclí leictreacha in oibríochtaí iompair áirithe. Tacaítear leis an athchóiriú le hInfheistíocht 3 (Úsáid fhorleathan feithiclí leictreacha, feithiclí saothair éadroim agus modhanna malartacha iompair a chur chun cinn).

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 1 (C2.2I1): Tionscadail Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (SUMP) agus bearta feabhsaithe inrochtaineachta a chur chun feidhme

Is iad cuspóirí na mbeart an bonneagar riachtanach a chruthú chun soghluaisteacht uirbeach a fheabhsú le roghanna atá níos neamhdhíobhálai don chomhshaol, timpeallacht na cathrach agus sábháilteacht ar bhóithre in Limassol agus Larnaca a fheabhsú. Áireofar san infheistíocht freisin bearta chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar ghluaiseacht shábháilte coisithe, rothaithe agus daoine faoi mhíchumas i ngach lárionad uirbeach.

Go sonrach, is éard atá i gceist leis an infheistíocht bealaí rothaíochta, lánaí bus agus an trealamh ITS ábhartha (i.e. córas soilse tráchta cliste le córas tosaíochta bus) a thabhairt isteach, chomh maith le seastáin rothar, scáthláin bhus agus feabhas a chur ar dhálaí sábháilteachta ar bhóithre ag acomhail roghnaithe. Áirítear leis freisin Páirceáil agus Campa a chruthú; Stáisiúin Taistil agus an trealamh CCI ábhartha chomh maith le huasghráduithe ar an ngréasán bóithre atá ann cheana sna hionaid uirbeacha (amhail siúlbealaí, trasrianta do choisithe, rothaithe agus/nó daoine faoi mhíchumas, córais rabhaidh do dhaoine lagamhairc, moil pháirceála rothar, rampaí siúlbealaigh).

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Márta 2026.

Infheistíocht 2 (C2.2I2): Bonneagar leictrea-shoghluaisteachta a chruthú

Is iad cuspóirí na mbeart an bonneagar is gá a chruthú chun an t-aistriú chuig leictrea-shoghluaisteacht a éascú agus chun rannchuidiú le pointí luchtaithe a chur in úsáid.

Tá trí fhobheart san infheistíocht: (i) stáisiúin mearluchtúcháin feithiclí leictreacha atá inrochtana don phobal a shuiteáil; (ii) scéim deontais chun pointí luchtaithe a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu a shuiteáil ar áitribh gnólachtaí agus údarás áitiúil; agus (iii) scéim deontais chun feithiclí leictreacha a mhuirearú ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh (RES).

Fobheart 1: stáisiúin mearluchtúcháin atá inrochtana don phobal a shuiteáil le haghaidh feithiclí leictreacha

Is éard atá san infheistíocht 10 stáisiún mearluchtaithe a shuiteáil mar thionscadal taispeána chun leictrea-shoghluaisteacht a chur chun cinn. Cuirfidh sé rochtain ar fáil ar bhonneagar mearluchtaithe d'fheithiclí leictreacha agus, dá bhrí sin, meastar go rannchuideoidh sé le deireadh a chur le cosc ar thomhaltóirí maidir le neamhspleáchas feithiclí leictreacha. Cuirfear na 10 stáisiún mearluchtaithe i limistéir a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu amhail ospidéal, áiteanna móra páirceála a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu nó lasmuigh d'fhoirgnimh seirbhísí poiblí (amhail Aireachtaí nó Cúirteanna).

Fobheart 2: scéim deontais chun pointí luchtaithe a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu a shuiteáil in áitribh gnólachtaí agus údarás áitiúil

Cuirfidh an scéim suiteáil pointí luchtaithe chun cinn i limistéir a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu agus atá faoi úinéireacht gnólachtaí nó údarás áitiúil.

Fobheart 3: scéim deontais chun feithiclí leictreacha a ghearradh ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh

Soláthrófar dreasachtaí airgeadais leis an scéim chun forbairt an bhonneagair is gá le haghaidh leictrea-shoghluaisteachta a chur chun cinn go háirithe trí fheithiclí leictreacha a luchtú ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Áireofar sa scéim deontais córais fhótavoltacha agus trealamh luchtaithe a shuiteáil i dteaghaisí chun feithiclí príobháideacha leictreacha a luchtú agus údaráis áitiúla/phoiblí a mhaoiniú chun pointí luchtaithe poiblí a thógáil le haghaidh feithiclí leictreacha. Táthar ag súil go nginfear cuid mhór den leictreachas do na pointí luchtaithe poiblí ó RES.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 3 (C2.2I3): Úsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha (EVanna) a chur chun cinn

Is é is cuspóir don bheart ceannach feithiclí leictreacha, feithiclí ceallra-leictreacha (LEVanna) (i.e. carr a astaíonn níos lú ná 50 g/km CO₂), rothar leictreach agus modhanna iompair poiblí nó gan inneall (amhail bus, rothar) a chur chun cinn, agus feithiclí truaillitheacha níos sine a bhaint de chúrsaíocht ag an am céanna de réir a chéile. Meastar go gcomhlánóidh an infheistíocht Athchóiriú 3 (Deireadh a chur de réir a chéile leis na feithiclí is mó truailliú, go háirithe i limistéir thruaillithe).

Tá trí fhobheart san infheistíocht: (i) tús a chur leis an aistriú chuig leictrea-shoghluaisteacht in earnáil an rialtais; (ii) scéim tacaíochta chun feithiclí leictreacha a cheannach; agus (iii) scéim diúscartha le haghaidh na bhfeithiclí is mó truailliú in éineacht le dreasachtaí le haghaidh roghanna soghluaisteachta astaíochtaí ísle/astaíochtaí neamh-ísle.

Fobheart 1: tús a chur leis an aistriú chuig leictrea-shoghluaisteacht in earnáil an rialtais

Áirítear leis an infheistíocht bearta arb é is aidhm dóibh tús a chur de réir a chéile le feithiclí leictreacha a chur in ionad fhlít gnáthfheithiclí rialtais de réir a chéile agus an t-aistriú chuig leictrea-shoghluaisteacht a chur chun cinn. Áireofar ann ceannach 100 feithicil leictreach le haghaidh riachtanais an rialtais ghinearálta agus suiteáil na bpointí luchtaithe ábhartha ar áitribh rialtais.

Táthar ag súil go bhfeidhmeoidh sé sin mar thionscadal taispeántais chun leictrea-shoghluaisteacht a chur chun cinn don phobal i gcoitinne.

Fobheart 2: scéim tacaíochta chun feithiclí leictreacha a cheannach

Soláthrófar dreasachtaí leis an scéim, trí bhíthin deontais, chun feithiclí leictreacha a cheannach agus a chlárú agus chun rothair leictreacha a cheannach. Tá sé nasctha go díreach le hAthchóiriú 3, 'Deireadh a chur de réir a chéile leis na feithiclí is truaillithe, go háirithe i gceantair uirbeacha thruaillithe', mar bheart comhthreomhar, tacaíochta agus comhlántach.

Fobheart 3: scéim diúscartha le haghaidh na bhfeithiclí is mó truailliú in éineacht le dreasachtaí le haghaidh roghanna soghluaisteachta astaíochtaí ísle/astaíochtaí neamh-ísle

Leis an scéim, spreagar tiománaithe chun feithiclí níos sine agus níos truailléain a thabhairt suas mar mhalairt ar roghanna soghluaisteachta malartacha, amhail LEV nó rothar leictreach agus/nó ticéid bhus bhliantúla saor in aisce a cheannach. Táthar ag súil go gcuirfidh baint feithiclí níos sine le

hastáíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) ón iompar a laghdú, chomh maith lena thionchar ar thruailliú aeir, uisce, ithreach agus torainn a mhaolú. Déanfaidh athchúrsálaithe ceadúnaithe na feithiclí a cuireadh á mbriseadh a athchúrsáil. Tabharfar tosaíocht do na feithiclí is sine atá le briseadh.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gerích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
52	C2.2R1 Córas Cliste Iompair a bhunú ina n-úsáidtear teicneolaíochtaí an Leathchúpla Dhigitigh	Sprioc	Seachadadh agus suiteáil 150 braiteoir ar a laghad	-	Líon	0	150	R1	2024	Seachadadh, suiteáil agus nascadh 150 braiteoir tráchtá ar a laghad leis an bPointe Rochtana Náisiúnta chun na líonraí a dhigitiú agus chun tacú le Córas Cliste Iompair a fhorbairt.
53	C2.2R1 Córas Cliste Iompair a bhunú ina n-úsáidtear teicneolaíochtaí an Leathchúpla Dhigitigh	Sprioc	Seachadadh agus suiteáil 300 braiteoir san iomlán	-	Líon	150	300	R4	2025	Seachadadh, suiteáil agus nasc chuig an bPointe Rochtana Náisiúnta ina bhfuil 300 braiteoir tráchtá san iomlán chun na líonraí a dhigitiú agus chun tacú le Córas Cliste Iompair a fhorbairt.
54	C2.2R2 An creat rialála a sholáthar le haghaidh bonneagar athluchtaithe feithiclí leictreacha (EV) atá idir-inoibritheach agus éifeachtach agus le haghaidh margadh athluchtaithe éifeachtúil feithiclí leictreacha	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta a bhaineann le pointí luchtaithe feithiclí leictreacha	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm na reachtaíochta	-	-	-	R4	2024	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le bonneagar athluchtaithe feithiclí leictreacha agus margadh athluchtaithe éifeachtúil feithiclí leictreacha. Cuirfidh an creat rialála an méid seo a leanas chun cinn: (1) sásra chun margadh athluchtaithe feithiclí leictreacha a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh air; agus (2) anailís chomhordaithe ar shonraí lena féidir faireachán éifeachtach a dhéanamh ar líonraí agus lena n-áirítear comhlíonadh na reachtaíochta náisiúnta agus reachtaíocht an Aontais.

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
55	C2.2R3 Deireadh a chur de réir a chéile leis na feithiclí is mó truailliú, go háirithe i gceantair uirbeacha thruaillithe	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha reachtacha/riaracháin a bhaineann le deireadh a chur de réir a chéile leis na feithiclí is mó truailliú	Foráil sna gníomhartha reachtacha/riaracháin lena léirítear teacht i bhfeidhm na reachtaíochta	-	-	-	R4	2023	Teacht i bhfeidhm gníomhartha reachtacha/riaracháin maidir le feithiclí truaillitheacha a eisiamh ó phríomhréimsí/príomhoibríochtaí. Cruthófar leis na gníomhartha reachtacha/riaracháin an bunús dlí chun glacadh beart sriantach a bhaineann le cúrsaíocht mótarfeithiclí a fhorfheidhmiú, agus é mar aidhm deireadh a chur de réir a chéile leis na feithiclí is mó truailliú.
56	C2.2R3 Deireadh a chur de réir a chéile leis na feithiclí is mó truailliú, go háirithe i gceantair uirbeacha thruaillithe	Garsprioc	Dhá bheart ar a laghad a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh feithiclí truaillitheacha a eisiamh	Dhá bheart a chur chun feidhme	-	-	-	R4	2025	Tá dhá bheart ar a laghad éifeachtach arb é is aidhm dóibh feithiclí truaillitheacha a eisiamh ó phríomhréimsí/oibríochtaí, amhail criosanna gan astaíochtaí, tobhaigh a chur i bhfeidhm ar chúrsaíocht feithiclí i limistéir áirithe, bearta éigeantacha a chur i bhfeidhm maidir le húsáid feithiclí leictreacha in oibríochtaí iompair áirithe, nó bearta coibhéiseacha.
57	C2.2I1 Tionscadail Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (SUMP) agus bearta feabhsaithe inrochtaineachta a chur chun feidhme	Garsprioc	Conarthaí a shíniú le haghaidh obair thógála bonneagair iompair inbhuanaithe agus suiteálacha coimhdeacha	Conarthaí sínithe	-	-	-	R2	2024	Síniú conarthaí le haghaidh (1) bealaí rothaíochta, lánai bus agus páirceáil agus campa a thógáil; stáisiúin marcaíochta na dTionscadal Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (SUMP) agus (2) suiteálacha coimhdeacha a sholáthar a bhaineann le hiompar inbhuanaithe, lena n-áirítear saoráidí páirceála rothar agus crosairí do choisithe, do rothaithe agus/nó do dhaoine faoi mhíchumas.
58	C2.2I1 Tionscadail Soghluaisteachta Uirbí	Sprioc	Obair thógála a thabhairt chun críche ar feadh 52 km ar a	-	Líon	0	52	R1	2026	Obair thógála a chur i gcrích ar feadh 52km ar a laghad de bhealaí iompair inbhuanaithe, lena n-áirítear 33km ar a laghad de bhealaí rothaíochta,

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Inbhuanaithe (SUMP) agus bearta feabhsaithe inrochtaineachta a chur chun feidhme		laghad de bhealaí iompair inbhuanaithe							11km ar a laghad de lánáil bus agus 8km ar a laghad de shiúlbealaí.
59	C2.211 Tionscadail Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (SUMP) agus bearta feabhsaithe inrochtaineachta a chur chun feidhme	Sprioc	Obair thógála a chur i gcrích le haghaidh 644 shuiteáil choimhdeacha ar a laghad a bhaineann le hiompar inbhuanaithe	-	Líon	0	644	R1	2026	Obair thógála a chur i gcrích le haghaidh 644 shuiteáil choimhdeacha ar a laghad a bhaineann le hiompar inbhuanaithe, lena n-áirítear 4 pháirceáil agus champas ar a laghad; stáisiúin marcaíochta, 40 trasnú ar a laghad, 300 rampa ar a laghad, 300 mol páirceála rothar ar a laghad.
60	C2.212 Bonneagar leictrea-shoghluaisteacht a achruthú	Sprioc	Suiteáil 330 pointe luchtaithe ar a laghad, mar gheall ar an tacaíocht a deonaíodh	-	Líon	0	330	R4	2024	De bharr na tacaíochta a deonaíodh faoin scéim tacaíochta, ceannaíodh agus suiteáladh 330 pointe luchtaithe ar a laghad i bhfoirgnimh phoiblí, in údaráis áitiúla, i ngnóilachtaí agus/nó i dteaghlaigh phríobháideacha.
61	C2.212 Bonneagar leictrea-shoghluaisteacht a achruthú	Sprioc	Suiteáil 1 200 pointe luchtaithe ar a laghad, mar gheall ar an tacaíocht a deonaíodh	-	Líon	330	1 200	R2	2026	De bharr na tacaíochta a deonaíodh faoin scéim tacaíochta, ceannaíodh agus suiteáladh 1 200 pointe luchtaithe ar a laghad i bhfoirgnimh phoiblí, in údaráis áitiúla, i ngnóilachtaí agus/nó i dteaghlaigh phríobháideacha.
62a	C2.213 Úsáid fhorleathan Feithiclí	Sprioc	Ceannach feithiclí leictreacha, rothar leictreach,	-	Líon	0	1523	R4	2024	De bharr na tacaíochta a deonaíodh leis an scéim tacaíochta agus leis an soláthar poiblí, ceannaíodh 1523 fheithicil leictreacha ar a laghad de chatagóirí M1, M2-3, N, L1e-L7e agus rothair.

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Leictreacha (EVanna) a chur chun cinn		mar gheall ar an tacaíocht a deonaíodh							
63a	C2.2I3 Úsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha (EVanna) a chur chun cinn	Sprioc	Ceannach feithiclí leictreacha, rothar leictreach, mar gheall ar an tacaíocht a deonaíodh	-	Líon	1523	4335	R2	2026	De bharr na tacaíochta a deonaíodh leis an scéim tacaíochta agus leis an soláthar poiblí, ceannaíodh 4335 fheithicil leictreacha ar a laghad de chatagóirí M1, M2-3, N, L1e-L7e agus rothair.
64	C2.2I3 Úsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha (EVanna) a chur chun cinn	Sprioc	Feithiclí astaíochtaí arda a scríobadh, mar gheall ar an tacaíocht a deonaíodh	-	Líon	0	1 000	R4	2024	De bharr na tacaíochta a deonaíodh leis an scéim tacaíochta, cuireadh deireadh le 1 000 feithicil astaíochtaí arda ar a laghad agus cuireadh rothair leictreacha, ticéid bhus bhliantúla agus feithiclí astaíochtaí ísle nó astaíochtaí nialasacha (faoi bhun 50 g CO2/km) ina n-ionad.
65	C2.2I3 Úsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha (EVanna) a chur chun cinn	Sprioc	Feithiclí astaíochtaí arda a scríobadh, mar gheall ar an tacaíocht a deonaíodh	-	Líon	1 000	1 950	R2	2026	Mar gheall ar an tacaíocht a dheonaítear leis an scéim tacaíochta, cuirtear deireadh le 1 950 feithicil astaíochtaí arda ar a laghad agus cuirtear rothair leictreacha, ticéid bhus bhliantúla agus feithiclí astaíochtaí ísle (faoi bhun 50 g CO2/km) ina n-ionad.

D. COMHÁBHAR 2.3: BAINISTIÚ CLISTE AGUS INBHUANAITHE UISCE

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire, tugtar aghaidh ar neamhéifeachtúlachtaí i mbainistiú uisce. Is iad cuspóirí na comhpháirte sin soláthar leordhóthanach gan bhriseadh d'uisce óil ar ardchaighdeán a áirithiú, an bonneagar le haghaidh córais bailithe séarachais, cóireáil séarachais agus athúsáid eisiltigh chóireáilte sa talmhaíocht a uasmhéadú; caillteanas uisce a laghdú, astarraingt uisce neamhioncaim agus screamhuisce, bonneagar friththuilte a fheabhsú, éifeachtúlacht oibríochtúil na seirbhísí atá á soláthar do thomhaltóirí a fheabhsú trí dhul chun cinn teicneolaíoch agus trédhearcacht in idirbhearta airgeadais a bhunú.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar an Moladh Tírshonrach maidir le bainistiú uisce (Moladh Tírshonrach 3 de 2020 agus Moladh Tírshonrach 4 de 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (C2.3R1): Athchóiriú ar Bhainistiú Acmhainní Uisce

Is é cuspóir an bhirt gníomhaíochtaí a shainiú lena dtugtar aghaidh ar laigí struchtúracha i mbainistiú acmhainní uisce sa Chipir agus feabhas a chur ar a héifeachtúlacht agus ar a hinbhuanaitheacht.

94	C3.1I2 Feabhas a chur ar bhunachar sonraí iseatópach de tháirgí traidisiúnta na Cipire	Sprioc	Bianna/deochann a traidisiúnta áitiúla atá nasctha leis an gcóras	-	Líon	0	10	R1	2025	Sonraí Iseatópacha ComhtháiteBases (le haghaidh deich mbia/deoch thraidisiúnta/áitiúla ar a laghad) atá nasctha le córas Blocshlabhra.
95	C3.1I3 Uas-sciliú a dhéanamh ar fheirmeoirí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo	Sprioc	Scoláireachtaí a deonaíodh	-	Líon	0	5	R4	2022	Bronnadh cúig scoláireacht ar a laghad ar chéimithe meánscoile chun staidéar a dhéanamh ar chúrsaí céime a bhaineann leis an talmhaíocht, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, leis an Institiúid um Thaighde Talmhaíochta agus le hollscoileanna áitiúla.
97	C3.1I5 Féiniúlacht Tráchtála Náisiúnta a chruthú agus an táirge traidisiúnta ‘halloumi’ a chur chun cinn	Garsprioc	Pleananna Gníomhaíochta le haghaidh (a) brandáil ‘déanta sa Chipir’, agus (b) chun cáis halloumi a chur chun cinn	Foilsíú an chinnidh ó Chomhairle na nAirí agus an phlean gníomhaíochta	-	-	-	R1	2022	Glacfaidh Comhairle na nAirí Pleananna Gníomhaíochta arb é a bheidh iontu: (1) cabhrú le gnólachtaí a dtáirgí agus a seirbhísí a chur chun cinn ar bhonn na brandála ‘déanta sa Chipir’, agus (2) sainiúlacht na cáise halloumi a mhéadú mar tháirge barántúil de chuid na Cipire agus feachtas bolscaireachta agus feasachta a dhearadh ina leith.
98	C3.1I6 Scéim chun nuachóiriú agus digitiú a dhéanamh ar fhiontair atá i mbun táirgí talmhaíochta a mhonarú agus a thrádáil	Sprioc	Deontais d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá ag gabháil do thrádáil agus do tháirgeadh táirgí talmhaíochta	-	Líon	0	65	R4	2024	Deontais a dhámhachtain do 65 Fhiontar Bheaga agus Mheánmhéide ar a laghad atá ag gabháil do mhonarú agus trádáil táirgí talmhaíochta chun iad a nuachóiriú agus a dhigitiú
99	C3.1I6	Sprioc	Deontais d’fhiontair	-	Líon	65	176	R1	2026	Deontais a dhámhachtain do 176 FBM ar a laghad atá ag gabháil do mhonarú agus

Uimhir Sheicheamha ch	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Scéim chun nuachóiriú agus digitiú a dhéanamh ar fhiontair atá i mbun táirgí talmhaíochta a mhonarú agus a thrádáil		bheaga agus mheánmhéide atá ag gabháil do thrádáil agus do tháirgeadh táirgí talmhaíochta							trádáil táirgí talmhaíochta chun iad a nuachóiriú agus a dhigitiú
100	C3.117 Scéim chun iomaíochas agus/nó éifeachtúlacht fuinnimh fiontar mór sa Chipir a fheabhsú	Garsprioc	Tús na scéime deontais ar fhiontair mhóra	Foilsíú an ghlaio ar thograí ar shuíomh gréasáin na hAireachta	-	-	-	R3	2023	Tar éis do Chomhairle na nAirí scéim a fhorghlaio, glao ar thograí a eisiúint chun deontais a dhámhachaint d'fhiontair mhóra chun an gnó atá ann cheana a leathnú trí infheistíochtaí a fheabhsaíonn an leibhéal teicneolaíochta, an próiseas táirgthe agus a dtáirgiúlacht, chomh maith le tabhairt faoi infheistíochtaí a fheabhsaíonn a bhfeidhmíocht fuinnimh. Na téarmaí tagartha lena n-áirítear critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaoil a chomhlíonadh.
101a	C3.117 Scéim chun iomaíochas agus/nó éifeachtúlacht fuinnimh fiontar mór sa Chipir a fheabhsú	Sprioc	Deontais d'fhiontair mhóra	-	Líon	0	3	R4	2024	Deontais a dhámhachaint do thrí fhiontar mhóra ar a laghad, san Eanáil Monaraíochta go príomha, chun an gnó atá ann cheana a leathnú trí infheistíochtaí lena bhfeabhsaítear an leibhéal teicneolaíochta, an próiseas táirgthe agus a dtáirgiúlacht, agus chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht fuinnimh.

Uimhir Sheicheamha ch	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										Beidh na tionscadail go léir a roghnófar i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
102a	C3.1I7 Scéim chun iomaíochas agus/nó éifeachtúlacht fuinnimh fiontar mór sa Chipir a fheabhsú	Sprioc	Deontais d’fhiontair mhóra	-	Líon	3	10	R2	2026	Deontais a dhámhachtain do 10 bhfiontar mhóra ar a laghad, san Earnáil Monaraíochta go príomha, chun an gnó atá ann cheana a leathnú trí infheistíochtaí lena bhfeabhsaítear an leibhéal teicneolaíochta, an próiseas táirgthe agus a dtáirgiúlacht, agus chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht fuinnimh. Beidh na tionscadail go léir a roghnófar i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
103	C3.1I8 Breisluach earnáil na turasóireachta a fheabhsú agus béim á leagan ar thaobh na tíre, ar cheantair shléibhtiúla agus iargúlta	Sprioc	Deontas do FBManna chun earnáil na turasóireachta a chur chun cinn	-	Líon	0	200	R2	2024	Deontais arna ndámhachtain do 200 FBM ar a laghad, lena gcuimsítear bunaíochtaí bia, bialanna/tábhairní, micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide a dhíolann táirgí traidisiúnta, chun infheistíocht a dhéanamh in athchóiriú nó in athchóiriú.
104a	C3.1I8	Sprioc	Deontas d’óstáin chun earnáil na	-	Líon	0	57	R2	2026	Deontais arna ndámhachtain ar 57 n-óstán agus bunaíocht turasóireachta eile ar a

Uimhir Sheicheamha ch	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Breisluach earnáil na turasóireachta a fheabhsú agus béim á leagan ar thaobh na tíre, ar cheantair shléibhtiúla agus iargúlta		turasóireachta a chur chun cinn							laghad, i gceantair thuaithe, shléibhtiúla agus iargúlta, chun infheistíocht a dhéanamh in athchóiriú nó in athchóiriú, lena n-áirítear infheistíochtaí digiteacha.
104b	C3.1I8 Breisluach earnáil na turasóireachta a fheabhsú agus béim á leagan ar thaobh na tíre, ar cheantair shléibhtiúla agus iargúlta	Sprioc	Deontais chun turasóireacht leighis a chur chun cinn	-	Líon	0	20	R2	2026	Deontais arna ndámhachtain ar 20 óstán agus bunaíocht turasóireachta eile ar a laghad, lena n-áirítear saoráidí leighis agus saoráidí maireachtála cuidithe.
105	C3.1I9 An geilleagar ciorclach a chur chun cinn i mbunaíochtaí óstáin	Sprioc	Scéim chóitseála don gheilleagar ciorclach	-	Líon	0	50	R2	2022	Síníodh comhaontuithe comhair sínithe le 50 óstán ar a laghad le haghaidh cóitseáil ghnó shaincheaptha don gheilleagar ciorclach.
106	C3.1I9 An geilleagar ciorclach a chur chun cinn i mbunaíochtaí óstáin	Sprioc	Scéim chóitseála don gheilleagar ciorclach	-	Líon	0	18	R1	2026	Tá 18 n-óstán ar a laghad deimhnithe de réir caighdeáin náisiúnta mar óstáin chiorclacha tar éis iniúchta.
107	C3.1I10 Saibhriú an táirge turasóireachta i gceantair thuaithe, shléibhtiúla agus iargúlta	Garsprioc	Bealach Afraidíte	Ráiteas sínithe maidir le glacadh an tionscadail ag foireann an tionscadail (údarás conarthach)	-	-	-	R4	2024	Bealach Aphrodite a thabhairt chun críche, lena n-áirítear pointí stairiúla, reiligiúnacha agus comhshaoil an limistéir (amhail conairí dúlra) le bealach speisialta 2 km ar fad, lena bhfeabhsófar feasacht chomhshaoil agus lena gcuirfear an bhithéagsúlacht chun cinn.

Uimhir Sheicheamha ch	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
108	C3.1I10 Saibhriú an táirge turasóireachta i gceantair thuaithe, shléibhtiúla agus iargúlta	Sprioc	Deontais d'fhiontair agus do bhoird phobail áitiúla chun micreaghnólachta í agus gnólachtaí beaga a chur chun cinn in earnálacha na cruthaitheachta agus na monaraíochta, amhail ealaíontóirí, lámhcheardaíocht agus táirgí traidisiúnta	-	Líon	0	150	R4	2025	Tá 150 fiontar agus bord pobail áitiúil ar a laghad tar éis foirgnimh / bonneagair phríobháideacha agus phoiblí a athchóiriú, a athchóiriú nó a uasghrádú ó amharc i gceantair thuaithe, shléibhtiúla agus iargúlta agus rinne siad iad a athchuspóru chun micreaghnólachtaí agus gnólachtaí beaga a óstáil sna hearnálacha cruthaitheacha agus monaraíochta, amhail ealaíontóirí, ceardaíocht agus táirgí traidisiúnta.
109	C3.1R4 Feabhas a chur ar an ngeilleagar ciorclach sa Tionscal	Garsprioc	Formheas an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta chun an Geilleagar Ciorclach a Fheabhsú sa Chipir	Foilsíú chinneadh Chomhairle na nAirí maidir leis an bplean gníomhaíochta náisiúnta a fhorghnó.	-	-	-	R4	2021	Formheas, ag Comhairle na nAirí, an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta chun an Geilleagar Ciorclach a Fheabhsú sa Chipir
110	C3.1R4 Feabhas a chur ar an ngeilleagar ciorclach sa Tionscal	Sprioc	Cabhair do FBManna atá ag bogadh isteach i samhail oibriúcháin chiorclach	-	Líon	0	40	R2	2026	Cabhair a dheonaítear do 40 FBM incháilithe ar a laghad, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
111	C3.1R5	Garsprioc	Reachtaíocht maidir le	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i	-	-	-	R2	2025	Teacht i bhfeidhm Reachtaíochta, lena mbunófar Comhlacht Comhordúcháin idir

Uimhir Sheicheamha ch	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Comhlacht Comhordaithe a bhunú idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil		comhordú idir an Rialtas Lárnach agus an Rialtas Áitiúil	bhfeidhm na reachtaíochta						an Rialtas Lárnach agus an Rialtas Áitiúil. Cuirfidh an Comhlacht Comhordúcháin sásra ar fáil chun bainistiú dramhaíola a mhéadú, chun rannchuidiú le comhlíonadh threoracha AE maidir le bainistiú dramhaíola agus chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn.
112	C3.1I12 Bainistiú dramhaíola i dtreo an gheilleagair chiorclaigh	Garsprioc	Síniú an chonartha chun bothanna glasa a shuiteáil	Síniú an chonartha	-	-	-	R3	2023	Conradh sínithe chun 50 both glas ar a laghad a chur ar bun agus a shuiteáil le haghaidh earraí in-athchúrsáilte tirime.
115	C3.1I12 Bainistiú dramhaíola i dtreo an gheilleagair chiorclaigh	Sprioc	Suiteáil a chríochnú agus tús a chur le hoibriú na mbothanna glasa	-	Líon	0	50	R4	2025	Suiteáil, suiteáil agus tús oibriú na mbothanna glasa le haghaidh ábhair thirim in-athchúrsáilte a chur i gcrích.

E.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht 1 (C3.II1): Bonneagar comhoibríoch dobharshaothraithe mhuirí (saoráidí calafoirt agus talún) a thógáil i limistéar cósta Pentakomo

Is é is cuspóir don bheart an bhearna a chumhdach maidir le gan bonneagar calafoirt agus talún leordhóthanach a bheith ann chun freastal ar riachtanais laethúla na gníomhaíochta sin, trí riachtanais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a chumhdach, is é sin níos mó ná 70 % de na haonaid dobharshaothraithe mhuirí atá ag feidhmiú sa Chipir, agus é mar aidhm leis sin oibriú rianúil na hearnála sin a bhaint amach. Is é is aidhm don bheart inmharthanacht an dobharshaothraithe a choinneáil ar bun, feabhas a chur ar a iomaíochas agus foráil a dhéanamh maidir lena fhorbairt agus leathnú inbhuanaithe breise amach anseo, athléimneacht, iomaíochas agus rannchuidiú na hearnála príomhúla le forbairt inbhuanaithe gheilleagar na Cipire a neartú.

Is éard a bheidh san infheistíocht bonneagar comhoibríoch a thógáil le haghaidh dobharshaothrú muirí i limistéar Pentakomo, a bheidh deartha go sonrach chun freastal ar riachtanais gníomhaíochtaí dobharshaothraithe mhuirí amach ón gcósta (soithí seirbhíse sábháilte ag teacht chun cé, limistéir chothabhála trealaimh, limistéir stórála, limistéir luchtaithe agus díluchtaithe agus stáisiún breoslaithe). Cumhdófar leis tógáil calafoirt bhig ag a bhfuil na saoráidí talún is gá agus is iomchuí a mbeidh sé d'acmhainn acu freastal ar 70 % ar a laghad de na haonaid dobharshaothraithe mhuirí atá ag feidhmiú sa Chipir.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Márta 2026.

Infheistíocht 11 (C3.II11): Líonra Pointí Glasa na Cipire a fheabhsú agus a leathnú agus líonra Pointí Bailiúcháin agus Cúinne Athchúrsála a chruthú

Is iad cuspóirí an bhirt bainistiú dramhaíola soladaí a fheabhsú, an comhshaol agus an tsláinte phoiblí a chosaint. Is é is aidhm dó dumpáil neamhrialaithe agus neamhdhleathach dramhaíola a mhaolú i limistéir phoiblí, ráta na n-ábhar aisghabhála agus athchúrsála a mhéadú, agus feasacht úsáideoirí ar fhorbairt inbhuanaithe agus ar an ngeilleagar ciorclach a ardú.

Foráiltear leis an infheistíocht go dtógfar ceithre Phointe Glasa déag lena gcumhdófar limistéar 50 500 m² ar a laghad chun freastal ar shaoránaigh agus ar údaráis áitiúla chun sruthanna sonracha dramhaíola tí agus cathrach a thaisceadh. Chomh maith le Pointí Glasa nua a chruthú, foráiltear leis na hinfheistíochtaí go dtógfar Líonra Cúinne Athchúrsála agus Líonra Pointí Bailiúcháin chun rochtain a thabhairt do shaoránaigh pobal tuaithe chun a gcuid dramhaíola a dhiúscairt.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

E.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thascach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
91	C3.1I1 Tógáil do bharshaothraithe mhuirí	Garsprioc	Dobharshaothraí mhuirí comhoibríoch a thógáil	Siniú conartha	-	-	-	R1	2023	An Conradh a shíniú chun bonneagar comhoibríoch do bharshaothraithe mhuirí (saoráidí calafoirt agus talún) a thógáil a cheapfar go sonrach le haghaidh gníomhaíochta do bharshaothraithe.
92	C3.1I1 Tógáil do bharshaothraithe mhuirí	Garsprioc	Bonneagar oibríochtúil comhoibríoch do bharshaothraithe mhuirí	Deimhniú lena ndeimhnítear seachadadh agus oibriú an bhonneagair a forbraíodh	-	-	-	R1	2026	Bonneagar comhoibríoch lánfheidhmiúil/oibríochtúil do bharshaothraithe mhuirí (saoráidí calafoirt agus talún) a sheachadadh a bheidh deartha go sonrach do ghníomhaíocht do bharshaothraithe agus a chumhdóidh riachtanais 70 % ar a laghad de na haonaid do bharshaothraithe mhuirí atá ag oibriú sa Chipir.
116a	C3.1I11 Lónra Pointí Glasa na Cipire a fheabhsú agus a leathnú agus lónra Pointí Bailiúcháin agus Cúinne Athchúrsála a chruthú	Sprioc	Tógáil, leathnú agus tús oibríochta ceithre Phointe Glasa a thabhairt chun críche	-	Líon	0	4	R3	2024	Tógáil, leathnú agus tús oibríochta ceithre Phointe Glasa a chur i gcrích i gcomhréir leis an bPlean Straitéiseach Náisiúnta chun Lónra Pointí Glasa Náisiúnta a Fhorbairt.
116b	C3.1I11 Lónra Pointí Glasa na Cipire a fheabhsú agus a leathnú agus lónra Pointí Bailiúcháin agus Cúinne Athchúrsála a chruthú	Garsprioc	Tógáil lónra Pointí Bailiúcháin agus Cúinne Athchúrsála a chur i gcrích agus tús a chur le hoibriú an lónra sin	-	-	-	-	R2	2026	Tógáil lónra Pointí Bailiúcháin agus Cúinne Athchúrsála a thabhairt chun críche agus tús a chur lena oibriú de réir an Phlean Straitéisigh Náisiúnta chun Lónra Pointí Glasa Náisiúnta a Fhorbairt agus an Phlean Straitéisigh Náisiúnta chun Pobail Sléibhe a Fhorbairt, faoi seach
117	C3.1I11 Lónra Pointí Glasa na Cipire a	Sprioc	Tógáil, leathnú agus oibriú 14	-	Líon	4	14	R2	2026	Tógáil, leathnú agus tús a chur le hoibriú ceithre Phointe Glasa déag a thabhairt chun críche i

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garspíoc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Túairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	fheabhsú agus a leathnú agus líonra Pointí Bailiúcháin agus Cúinne Athchúrsála a chruthú		Phointe Glasa a thabhairt chun críche							geomhréir leis an bPlean Straitéiseach Náisiúnta um Líonra Pointí Glasa Náisiúnta a Fhorbairt

F. COMHPHÁIRT 3.2: TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT FHEABHSAITHE

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire, tugtar aghaidh ar na dúshláin atá os comhair na Cipire a mhéid a bhaineann leis an éiceachóras Taighde agus Forbartha a bhfuil ról measartha teoranta aige san fhás eacnamaíoch. Is é is cúis leis sin den chuid is mó sciar íseal céimithe Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM), idirghníomhú teoranta an chórais taighde phoiblí leis an earnáil ghnó agus rochtain theoranta agus infhaighteacht theoranta ar mhaoiniú riosca.

Is iad cuspóirí na comhpháirte naisc idir eagraíochtaí taighde agus fiontair a neartú, torthaí taighde a thráchtáil, déine i ngníomhaíocht taighde agus amp; forbartha (T&F;D) agus infheistíochtaí ó eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha araon a mhéadú, chomh maith le gach bonneagar taighde a mhaoinítear go poiblí a chur ar fáil don éiceachóras iomlán. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm aige feabhas a chur ar thacaíocht airgeadais do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá i mbun fáis, do FBManna, don éiceachóras áitiúil taighde agus nuálaíochta (T&N;I) a idirnáisiúnú, tallann áitiúil a fhorbairt agus tallann a mhealladh ón gcoigríoch chun oibriú in T&F;I agus béim á leagan ar réimsí téamacha sonracha.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir leis an bhfócas ar bheartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfeistíocht ar thaighde agus nuálaíocht a mhéadú (Moltaí Tírshonracha 3 ó 2020 agus 4 de 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

F.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (C3.2R1): Beartas cuimsitheach náisiúnta Taighde agus Nuálaíochta le tacaíocht ó uirlisí beartais sonraibhunnaithe chun tacú le T&F;Éiceachóras I agus chun feabhas a chur ar na naisc idir ceapadh agus cur chun feidhme beartas

Is é cuspóir an bhirt comhordú éifeachtúil an chórais rialachais T&N a chur chun cinn, múscailt feasachta a chothú agus cultúr na nuálaíochta a chothú, páirtithe leasmhara a shlógadh agus bunchlocha tógála an éiceachórais náisiúnta T&N a fhorbairt agus a mhéadú (de thrí leibhéal: ceapadh beartas, straitéis agus cur chun feidhme, páirtithe leasmhara agus úsáideoirí/saoránaigh).

Is éard a bheidh san athchóiriú cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta don Straitéis Náisiúnta um Thaighde agus um Nuálaíocht. Leanfaidh sé sin formhuiniú polaitiúil an Phlean Gníomhaíochta, mar aon le Straitéis Náisiúnta le haghaidh T&F;I agus an Straitéis athbheithnithe um Speisialtóireacht Chliste don Chipir a ghlacadh. Is éard a bheidh ann freisin sásra a bhunú chun faireachán tioncharbhunnaithe a dhéanamh ar na seacht nIonad Barr Feabhais agus chun tacú leo agus chun uirlis dhigiteach a fhorbairt chun éiceachóras T&F a mhapáil go dinimiciúil (geallsealbhoirí, bearta agus uirlisí beartais, T&F; feidhmíocht I, clárann cuideachtaí nuálacha agus anailísíocht earnála).

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Athchóiriú 2 (C3.2R2): Dreasachtaí chun infheistíochtaí agus caipiteal daonna a spreagadh agus a mhealladh sa Taighde agus sa Nuálaíocht

Is é cuspóir an bhirt infheistíocht a mhealladh i gcuideachtaí nuálacha agus i ndaoine tréitheacha fiontraíochta agus eolaíocha ó thar lear.

Is éard a bheidh san athchóiriú cur i bhfeidhm na scéime cánach chun infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí nuálacha a leathnú chuig eintitis dhlítheanacha (ó dhaoine fisiciúla faoi láthair). Áirítear

cothromas, iasachtaí, ráthaíochtaí agus fachtóireacht le hinfheistíochtaí incháilithe suas le EUR 150 000 in aghaidh an infheisteora, faoin dreasacht sin. Ina theannta sin, is éard a bheidh ann scéimeanna dreasachta reatha a athbhreithniú, a chur chun cinn agus, i gcás inarb iomchuí, a leasú, arb é is aidhm dóibh daoine tréitheacha a mhealladh ó thríú tíortha, lena n-áirítear scéim VISA Eolaíoch do thaighdeoirí agus dá dteaghlaigh agus scéim VISA do ghnólachtaí nuathionscanta do bhunaitheoirí fiontar nuálach agus dá dteaghlaigh.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2022.

Athchóiriú 3 (C3.2R3): Beartais agus dreasachtaí a thabhairt isteach chun rochtain ar bhonneagar taighde agus ar shaotharlanna a mhaoineítear go poiblí a éascú agus a chothú

Is é cuspóir an bhirt an úsáid is fearr is féidir a bhaint as bonneagar taighde agus saotharlanna arna gcistiú go poiblí ag an bpobal gnó.

Is éard a bheidh san athchóiriú (i) uirlis dhigiteach dhinimiciúil a fhorbairt agus a sheoladh a mbeidh rochtain ag geallsealbhóirí uile éiceachóras T&F;I uirthi, lena soláthrófar cúrsaíocht faisnéise, uirlisí agus seirbhísí chun socrú comhpháirtíochta comhoibríoch a éascú idir eagraíochtaí agus foirne éagsúla T&F;I (poiblí agus príobháideach) i ndáil le bonneagair agus saotharlanna taighde a mhaoineítear go poiblí; (ii) bearta agus dreasachtaí a thabhairt isteach (amhail clásal a chur san áireamh i gcomhaontú deontais an Fhorais Taighde agus Nuálaíochta chun bonneagar maoinithe a oscailt) chun feabhas a chur ar chomhoibriú Eagraíochtaí Déanta Taighde le ghnólachtaí agus le seachchuideachtaí.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 1 (C3.2I1): Lároifig aistrithe eolais a bhunú agus a oibriú

Is é cuspóir an bhirt feabhas a chur ar aistriú teicneolaíochta sa Chipir, trí chomhar feabhsaithe idir an saol acadúil agus an gnó agus trí thráchtálú taighde.

Is éard a bheidh san infheistíocht Oifig Aistrithe Eolais (KTO) a chruthú agus a chur i bhfeidhm ag an bhFondúireacht Taighde agus Nuálaíochta, chun réiteach costéifeachtach a sholáthar chun tacú le haistriú teicneolaíochta, bunaithe ar na prionsabail a bhaineann le mais chriticiúil d'aschur taighde agus barainneachtaí scála a fháil. Soláthróidh KTO seirbhísí aistrithe eolais, lena n-éascófar tráchtálú taighde, d'ollscoileanna, d'eagraíochtaí taighde eile agus d'fhiontair eile. Liosta tascach seirbhísí: (a) meastóireacht ar ionchais tráchtálaithe, (b) comhairle maidir le cearta maoine intleachtúla, (c) cásanna maidir le paitinní a comhdaíodh agus cearta maoine intleachtúla a chothabháil, (d) straitéis tráchtálaithe a fhorbairt, (e) margaíocht teicneolaíochta, (f) tacaíocht maidir le seachchuideachtaí a chur ar bun, agus (g) cistiú a sholáthar chun tacú le taighde aistritheach.

Déanfar KTO a fhéinmhaoiniú ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, trí 20 % den ioncam ó chomhaontuithe bainistithe KTO le haghaidh costais oibríochtúla a choinneáil, rud a bheidh le sonrú sna socruithe conarthacha idir an Fhondúireacht Taighde agus Nuálaíochta agus an tairbhí.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 2 (C3.2I2): Cláir mhaoinithe nuálaíochta & amp; scéimeanna maoinithe chun fás & amp a fheabhsú; iomaíochas ghnólachtaí nuathionscanta, cuideachtaí nuálacha agus FBManna

Is é cuspóir an bhirt tacaíocht deontais a chur ar fáil trí chláir nuálaíochta (amhail Mear-Nuálaíocht, Réamhshíolta, Síolta, Nuáil) mar bhealach chun rochtain ar chistí a fheabhsú do FBManna nuálacha agus do ghnólachtaí nuathionscanta.

Is éard a bheidh san infheistíocht tacaíocht deontais trí chláir nuálaíochta (mar shampla, Mear-Nuálaíocht, Réamhshíolta, Síolta, Nuáil) do ghnólachtaí chun táirgí agus seirbhísí nuálacha a fhorbairt a bhfuil treoshuíomh idirnáisiúnta acu ón gcoincheap go dtí go mbeidh siad réidh don mhargadh. Déanfaidh na cláir chistiúcháin (i) comhar ghnólachtaí le heagraíochtaí taighde a chur chun cinn; (ii) tráchtálú torthaí taighde a éascú chun díriú ar aschuir agus torthaí atá níos gaire don

mhargadh a sheachadadh, agus ar an gcaoi sin éifeachtaí eacnamaíocha gearrthéarmacha a cheadú; (iii) cruthú fostaíochta a bheith mar thoradh air; (iv) braisliú gnó a chur chun cinn, agus (v) díriú ar dhlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar glas agus i dtreo ré dhigiteach na héifeachtúlachta agus na táirgiúlachta. Leis na cláir sin, cuirfear de cheangal ar ghnólaíochtaí cistí príobháideacha/féin a ghíarail i gcomhar le cistiú poiblí (arna sholáthar ag an bhFondúireacht Taighde agus Nuálaíochta), rud a chuirfidh leis an méadú foriomlán ar infheistíocht T&F.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: 7 (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iarteachtach; (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha; (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 3 (C3.2I3): Clár cistiúcháin T&F;N maidir leis an aistriú glas

Is é is cuspóir don bheart tacaíocht deontais a chur ar fáil trí chláir théamacha T&F;I lena mbaineann leibhéil ullmhachta teicneolaíochta atá réasúnta ard agus lena ndírítear ar an aistriú glas.

Is éard a bheidh san infheistíocht tacaíocht deontais do thionscadail a mbeidh teicneolaíochtaí nua á n-úsáid acu chun réitigh chostéifeachtacha a sholáthar don aistriú glas, agus ar an gcaoi sin acmhainneacht taighde na tíre a uasghrádú. Díreoidh na tionscadail a dtacófar leo ar fhuinneamh in-athnuaite, ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar iompar inbhuanaithe, beidh comhar le hIonaid Barr Feabhais le haghaidh T&F;I agus/nó geallsealbhóirí eile i gceist leo, agus éascóidh siad tráchtálú torthaí taighde.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: 8 (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iarteachtach; (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha; (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 4 (C3.2I4): Scéimeanna cistiúcháin chun tacú le heagraíochtaí a dhéanann gníomhaíochtaí T&F maidir le détheicneolaíochtaí, lena n-áirítear saotharlanna nua a chruthú nó saotharlanna atá ann cheana a uasghrádú agus saotharlanna rúnaicmithe a fhorbairt

Is é cuspóir an bhirt taighde dé-úsáide a chur chun cinn agus teicneolaíochtaí a úsáid, nach bhfreastalódh ach ar chuspóirí rialtais/míleata murach sin, ar mhaithe le leasanna sibhialta, tráchtála agus sochaíocha.

⁷ Tá na fonótaí uile a leagtar amach sa téacs maidir le beart C2.1I4 infheidhme freisin maidir leis an mbeart seo.

⁸ Tá na fonótaí uile a leagtar amach sa téacs maidir le beart C2.1I4 infheidhme freisin maidir leis an mbeart seo.

Is éard a bheidh san infheistíocht tacaíocht deontais a chuirfeadh ar chumas eagraíochtaí taighde agus cuideachtaí dul i mbun taighde agus forbartha maidir le teicneolaíochtaí dé-úsáide. Leis na scéimeanna cistiúcháin, beifear in ann cumais agus acmhainneacht T&F na nIonad Barr Feabhais Taighde, na n-institiúidí acadúla, na n-eagraíochtaí taighde chomh maith le cuideachtaí atá i mbun T&F maidir le teicneolaíochtaí dé-úsáide a uasghrádú. Go háirithe, cuirfidh siad ar chumas na n-eagraíochtaí sin deimhnithe aicmiúcháin slándála a fháil chun go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh i gcuibhreannais le haghaidh cistiú Eorpach (amhail Fís Eorpach, an Ciste Eorpach Cosanta) agus chun feabhas a chur ar a gcumais T&F;N agus ar a n-iomaíochas i réimse na dteicneolaíochtaí dé-úsáide.

Díreofar an cistiú ar ghnó sibhialta amháin agus rachaidh torthaí taighde agus bonneagar chun tairbhe d'iarratais shibhialta amháin. Comhlíonfaidh an beart Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 maidir le córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras, maidir le teicneolaíochtaí dé-úsáide le linn chur chun feidhme na scéime cistiúcháin, agus ceapfar é i gcomhréir le 'Cistiú AE le haghaidh Dé-Úsáide – Treoir phraiticiúil maidir le rochtain a fháil ar chistí AE d'Údaráis Réigiúnacha na hEorpa agus do FBManna'.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadaíl atá le teacht: 9 (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach; (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha; (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

⁹ Tá na fonótaí uile a leagtar amach sa téacs maidir le beart C2.114 infheidhme freisin maidir leis an mbeart seo.

F.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
120	C3.2R1 Beartas agus uirlisí beartais náisiúnta T&F;I	Garsprioc	Glacadh na Straitéise náisiúnta T&F;I agus an Phlean Gníomhaíochta chun í a chur chun feidhme	Foilsíú an chinnidh ó Chomhairle na nAirí	-	-	-	R4	2022	Straitéis chomhtháite T&F;I a fhorbairt, lena soláthrófar creat peirspictíochta fadtéarmach, lena gcinnteofar iarracht agus tiomantas dírithe maidir le cur chun feidhme, le himeacht ama, thar ceann an Stáit agus na bpáirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis an gcóras náisiúnta T&F;I, agus uirlis dhigiteach chun an t-éiceachóras T&F;I a mhapáil go dinimiciúil.
121	C3.2R1 Beartas agus uirlisí beartais náisiúnta T&F;I	Garsprioc	An Plean Gníomhaíochta maidir leis an Straitéis T&F;I a chur i gcrích	Foilsíú fhormheas Chomhairle na nAirí ar an tuarascáil chríochnaitheach, lena bhfianáítear cur i gcrích an phlean gníomhaíochta	-	-	-	R2	2026	Cur chun feidhme na mbeart i bPlean Gníomhaíochta na Straitéise Náisiúnta Taighde agus Nuálaíochta, mar is léir ó thuarascáil chríochnaitheach.
122	C3.2R2 Dreasachtaí le haghaidh infheistíochtaí agus caipiteal daonna in T&F;I	Garsprioc	Díolúine chánach d'eintitis dhlítheanacha as infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí nuálacha	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm na reachtaíochta	-	-	-	R1	2022	Teacht i bhfeidhm dlí lena mbunaítear díolúine chánach infheisteoirí corparáideacha (eintitis dhlíthiúla) chun infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí nuálacha.
123	C3.2R3	Garsprioc	Clár digiteach chun bonneagar	Nasc chuig an gclár digiteach	-	-	-	R4	2022	Clárlann dhigiteach a fhorbairt agus tús a chur lena hoibriú chun bonneagar taighde a

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cusp óir	Ráithe	Bliain	
	Beartais chun rochtain ar bhonneagar taighde agus ar shaotharlanna a mhaoineáir go poiblí a chothú		taighde a thairfeadh agus a fhoilsiú	a foilsíodh ar shuíomh gréasáin na Leas-Aireachta Taighde, Nuálaíochta agus Beartais Dhigitigh						thairfeadh agus a fhoilsiú lena n-éascófar iarraidh ar rochtain ar bhonneagar den sórt sin ó pháirtithe leasmhara. Áireofar ann mapáil na n-institiúidí taighde uile a mhaoineáir go poiblí (faoi Fís 2020, scéimeanna náisiúnta). Cuirfidh sé feabhas freisin ar infheictheacht na nInstitiúidí Taighde agus tacóidh sé leis an gcomhar leis an earnáil phríobháideach.
124	C3.2R3 Beartais chun rochtain ar bhonneagar taighde agus ar shaotharlanna a mhaoineáir go poiblí a chothú	Garsprioc	Comhoibriú idir Eagraíochtaí Déanta Taighde agus gnólachtaí agus seach-chuideachtaí	Foilsíú na mbeart agus na ndreasachtaí a glacadh ar shuíomh gréasáin na Fondúireachta Taighde agus Nuálaíochta	-	-	-	R4	2024	Bearta agus dreasachtaí a ghlacadh chun feabhas a chur ar an gcomhar idir Eagraíochtaí Déanta Taighde agus gnólachtaí agus seach-chuideachtaí, amhail clásal a chur san áireamh i gcomhaontú deontais na Fondúireachta Taighde agus Nuálaíochta chun bonneagar maoinithe a oscailt.
125	C3.2I1 Lároifig Aistrithe Eolais (KTO) a bhunú agus a oibriú	Garsprioc	Seoladh KTO	Oscailt chéad chás KTO	-	-	-	R2	2022	Tá foireann ardoilte agus/nó saíneolaithe fostaithe nó ar conradh ag an bhFondúireacht Taighde agus Nuálaíochta, atá freagrach as KTO a chur i bhfeidhm, chun seirbhísí aistrithe saíneolais a sholáthar. Beidh córais agus uirlisí i bhfeidhm chun tacú le hoibriú KTO. Cuirfidh KTO tús le soláthar seirbhísí d'ollscoileanna, d'eagraíochtaí taighde eile nó d'fhiontair eile.
126	C3.2I1 Lároifig Aistrithe Eolais (KTO) a bhunú agus a oibriú	Sprioc	Cáschomhaid dúnta lena bhfianáirtear soláthar seirbhísí aistrithe eolais ábhartha	-	Líon	0	30	R4	2025	30 cás críochnaithe ar a laghad de sheirbhísí aistrithe eolais arna soláthar ag an KTO lárnach d'ollscoileanna, d'eagraíochtaí taighde eile nó d'fhiontair eile.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cusp óir	Ráithe	Bliain	
127	C3.2I2 Cláir chistiúcháin nuálaíochta do ghnólachtaí nuathionscanta, do chuideachtaí nuálacha agus do FBManna	Garsprioc	Síniú comhaontuithe deontais le haghaidh 50 % den bhuiséad	Comhaontuithe deontais sínithe	-	-	-	R4	2022	Comhaontuithe deontais a shíniú lena ngealltar 50 % ar a laghad den bhuiséad iomlán (conarthaí dar luach iomlán EUR 26 000 000 ar a laghad) le haghaidh cláir chistiúcháin nuálaíochta do ghnólachtaí nuathionscanta, do chuideachtaí nuálacha agus do FBManna, le téarmaí tagartha lena n-áirítear critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaoil a chomhlíonadh.
128	C3.2I2 Cláir chistiúcháin nuálaíochta do ghnólachtaí nuathionscanta, do chuideachtaí nuálacha agus do FBManna	Sprioc	Eagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht chun gníomhaíochtaí a bhaineann le T&F a dhéanamh	-	Líon	0	70	R3	2023	Tacaíocht chistiúcháin do 70 eagraíocht ar a laghad chun T&F a dhéanamh; Gníomhaíochtaí a bhaineann le nuálaíocht amhail taighde tionsclaíoch, gníomhaíochtaí nuálaíochta taighde turgnamhacha, gníomhaíochtaí nuathionscanta, gníomhaíochtaí aistrithe eolais, lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta dóibh) gníomhaíochtaí chun maoin intleachtúil a bhainistiú agus a chosaint, chun naisc a bhunú idir eagraíochtaí agus cuideachtaí taighde, chun acmhainneacht aistrithe eolais a fhorbairt agus chun torthaí taighde a thráchtáil, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas maidir le reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta a chomhlíonadh.
129	C3.2I2	Sprioc	Eagraíochtaí a fhaigheann	-	Líon	70	200	R2	2026	Tacaíocht chistiúcháin do 200 eagraíocht ar a laghad chun T&F a dhéanamh; Gníomhaíochtaí

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Cláir chistiúcháin nuálaíochta do ghnólaigh nuathionscanta, do chuideachtaí nuálacha agus do FBManna		tacaíocht chun gníomhaíochtaí a bhaineann le T&F a dhéanamh							a bhaineann le I, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
130	C3.2I3 Clár cistiúcháin T&F;N maidir leis an aistriú glas	Garsprioc	Síniú comhaontuithe deontais le haghaidh clár maoinithe T&F;I de bhuiséad EUR 6 mhilliún	Comhaontuithe e deontais arna síniú ag Stiúrthóir na Fondúireachta Taighde agus Nuálaíochta	-	-	-	R4	2022	Comhaontuithe deontais a shíniú le haghaidh na dtograí roghnaithe atá le cistiú faoi chlár cistiúcháin T&F;I maidir leis an aistriú glas, le buiséad iomlán EUR 6 mhilliún, le téarmaí tagartha lena n-áirítear critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
131a	C3.2I3 Clár cistiúcháin T&F;N maidir leis an aistriú glas	Sprioc	Eagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó dheontais maidir le taighde agus forbairt an aistrithe ghlaais; Gníomhaíochtaí nuálaíochta	-	Líon	0	10	R2	2026	10 n-eagraíocht ar a laghad a fhaigheann tacaíocht ó dheontais maidir le T&F an aistrithe ghlaais; Gníomhaíochtaí I, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
132	C3.2I4 Maoiniú d’eagraíochtaí a dhéanann	Garsprioc	Comhaontuithe deontais a shíniú lena ngealltar 80 % den bhuiséad	Comhaontuithe e deontais sínithe	-	-	-	R2	2023	Comhaontuithe deontais a shíniú lena ngealltar 80 % den bhuiséad iomlán (conarthaí dar luach iomlán EUR 2 400 000 ar a laghad) le haghaidh cistiú d’eagraíochtaí a dhéanann gníomhaíochtaí

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cusp óir	Ráithe	Bliain	
	gníomhaíocht aí T&F maidir le détheicneolaíochtaí		iomlán le haghaidh maoiniú d'eagraíochtaí a dhéanann gníomhaíochtaí T&F maidir le détheicneolaíocht aí							T&F maidir le détheicneolaíochtaí, le téarmaí tagartha lena n-áirítear critéir incháilitheachta lena n-áirithítear go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
133	C3.214 Eagraíochtaí cistiúcháin a dhéanann gníomhaíocht aí T&F maidir le détheicneolaíochtaí	Sprioc	Maoiniú chun Saotharlanna aicmithe a fhorbairt	-	Líon	0	16	R2	2026	Tá maoiniú á fháil ag 16 fhiontar ar a laghad chun saotharlanna aicmithe a fhorbairt. Féadfar fiontar a chomhaireamh níos mó ná uair amháin má tá sé rannpháirteach i níos mó ná tionscadal amháin, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.

G. COMHPHÁIRT 3.3: TACAÍOCHT GHNÓ DON IOMAÍOCHAS

Leis an gcuid sin de Théarnamh agus Athléimneacht na Cipire, tugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le táirgiúlacht íseal agus iomaíochas íseal an gheilleagair, arna spreagadh ag méid beag na bhfiontar ar an meán, an próiseas casta ceadúnúcháin a iarradh le haghaidh infheistíochta agus deacrachtaí maidir le rochtain ar chistiú do ghnólachtaí. Is iad cuspóirí na comhpháirte sin tacú le fiontraíthe agus fiontair agus feabhas a chur ar a n-iomaíochas agus ar a rannchuidiú le fás an gheilleagair tríd an gcreat rialála maidir le hinfheistíocht agus gníomhaíocht fiontraíochta a fheabhsú agus táirgiúlacht FB Manna a fheabhsú, go príomha trí dhigitiú. Tá sé athchóiriú agus ceithre infheistíocht ann, atá le cur i gcrích faoi R2 2026.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar Mholadh Tírshonrach 3 de 2020 agus ar Mholadh Tírshonrach 4 de 2019.

G.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (C3.3R1): Infheistíochtaí straitéiseacha a éascú

Is é cuspóir an bhirt córas nua a fhorbairt lena dtacófar le hinfheistíochtaí straitéiseacha, arb é is aidhm dó gníomhaíocht infheistíochta sa tír a spreagadh trí rialacha agus sásraí cuíchóirithe, na nósanna imeachta ceadúnúcháin agus ceadanna a shimpliú, an t-ualach riaracháin a laghdú agus an timpeallacht infheistíochta straitéiseí a dhéanamh níos éifeachtúla. Tagraíonn an sainmhíniú ar infheistíocht straitéiseach d'infheistíochtaí in earnálacha straitéiseacha (lena n-áirítear Sláinte agus Cúram Sóisialta, Oideachas, Cultúr, Spórt, Comhshaol, Tionscal, Turasóireacht, Fuinneamh, Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht) a chuireann go mór le forbairt an gheilleagair.

Is éard a bheidh san athchóiriú teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun infheistíochtaí straitéiseacha a éascú, maidir le héifeachtúlacht ceadúnais infheistíochta agus ceadanna tógála a fháil. Sannfar earnáil rialtais thiomnaithe chun infheistíochtaí straitéiseacha a phróiseáil. Is éard a bheidh ann treoirlínte oibríochtúla, sreafaí próisis agus ceanglais eile ISO 9001:2015 a ullmhú chun an próiseas a phríomhshruthú. Forbróidh sé Meabhrán Tuisceana le Ranna eile atá ábhartha do chodanna den phróiseas chun indéantacht an tsásra mhear a áirithiú. Thairis sin, áireofar leis oiliúint fostaithe sna nósanna imeachta atá le tabhairt isteach. Ina theannta sin, bainfidh an t-athchóiriú tairbhe as ardán digiteach a chur ar bun lena gcumasófar cur i bhfeidhm, staidéar agus eisiúint dhigiteach Ceadanna Pleanála agus Tógála, trí uirlis bainistíochta feidhmchlár agus córas GIS (tionscadal faoi Chomhpháirt 3.4: 'ríomhchóras a fheabhsú chun ceadanna tógála a eisiúint').

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

Athchóiriú 2 (C3.3R2): Meicníocht Mearghníomhachtaíthe Gnó a Fheabhsú

Is iad cuspóirí an bhirt na nósanna imeachta a shimpliú, na seirbhísí rialtais a dhigitiú agus Lárionad Tacaíochta Gnó a oibriú a sholáthróidh an fhaisnéis agus na seirbhísí tacaíochta uile is gá

Is éard a bheidh san athchóiriú ardán digiteach idirghníomhach a bhunú, lena bhfeabhsófar an tAonad um Éascú Gnó. Tríd an ardán, beidh an t-infheisteoir in ann a iarratas a rianú ach beidh na húdaráis inniúla in ann idirghníomhú, doiciméid a mhalartú agus an t-iarratas a phróiseáil freisin.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 3 (C3.3R3): Nuachóiriú ar Dhlí na gCuideachtaí

Is é cuspóir an bhirt tacú le feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó trí athbhreithniú a dhéanamh ar Acht na gCuideachtaí, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos soiléire maidir leis an dlí a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm go praiticiúil.

Is éard a bheidh san athchóiriú Dlí Cuideachtaí na Cipire a nuachóiriú trí dhea-chleachtais ó dhlínsí eile faoin dlí coiteann a úsáid chun bonn eolais agus soiléireachta a chur ar fáil i bhfoirm cásdlí agus litríochta, chun cabhrú leis an dlí a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcleachtas. Déanfar athbhreithniú freisin ar Rialacha na gCuideachtaí a ghabhann leis. Thairis sin, sannfaidh an Chipir foireann saineolaithe dlí chun tabhairt faoin tionscadal le haghaidh seirbhísí comhairleacha agus dréachtaithe Dhlí agus Rialacháin nua na gCuideachtaí. Thairis sin, áireofar san athbhreithniú dlí na himeachtaí dócmhainneachta faoi Dhlí na gCuideachtaí, ar Leachtuithe, Glacadóireacht agus Scrúduitheoireacht iad. Chomh maith leis sin, áireofar san athchóiriú tástáil FBM a dhéanamh agus an bille á ullmhú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú 4 (C3.3R4): Gníomhaireacht Náisiúnta Cur Chun Cinn a dhearadh agus a bhunú

Is é is cuspóir don athchóiriú feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) trí rochtain ar iasachtaí, ar ráthaíochtaí agus ar mhaoiniú cothromais a éascú agus trí chumas ionsúcháin mhaoiniú an Aontais a fheabhsú trí uirlisí an Aontais.

Is éard a bheidh san athchóiriú anailís mheasúnaithe ex-ante lena gcumhdófar rochtain FBManna ar mhaoiniú i ngach earnáil den gheilleagar agus béim á leagan ar an ngeilleagar glas agus ciorclach, ar chumasú digiteach agus ar mhaoiniú malartach. Saineofar sa tuarascáil raon feidhme idirghabhála an NPA atá beartaithe. Saineofar leagan amach dlíthiúil agus eagraíochtúil na Gníomhaireachta Náisiúnta um Chur Chun Cinn tar éis roghnú deiridh a raon feidhme gníomhaíochta. Leis an struchtúr atá beartaithe, ceadófar trédhearcacht ard maidir le hoibríochtaí agus neamhspleáchas NPAnna. Ní oibreoidh an Gníomhaireacht le ceadúnas baincéireachta agus dá bhrí sin ní gá í a chaipitliú a priori. Déanfaidh coiste stiúrtha, le rannpháirtíocht ionadaithe ón Aireacht Airgeadais agus ón Aireacht Fuinnimh, Tráchtála agus Tionscail, faireachán ar an gcur chun feidhme.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2025.

Athchóiriú 5 (C3.3R5): Infheisteoir Straitéiseach Stocmhalartán na Cipire

Is é is cuspóir don athchóiriú príobháidiú Stocmhalartán na Cipire.

Is éard a bheidh san athchóiriú próiseas tairisceana, atá ar siúl faoi láthair trína bhféachann Stocmhalartán na Cipire le comhairleoir neamhspleách creidiúnach nó cuibhreannas dá chuid a cheapadh, a bhfuil saineolas ábhartha fairsing aige chun an t-infheisteoir straitéiseach is oiriúnaí a aimsiú do Stocmhalartán na Cipire. Tabharfar céim phríobháidithe an chonartha i gcrích arna formheas go críochnaitheach ag Teach Ionadaithe Phoblacht na Cipire, tar éis na coinníollacha eile go léir a bheith comhlíonta.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú 6 (C3.3R6): Dreasachtaí chun cumaisc & amp; éadálacha a chur chun cinn

Is é cuspóir an bhirt an méadú ar mhéid FBManna a dhreasú.

Is éard a bheidh san athchóiriú dreasachtaí spriocdhírithe chun cumaisc nó éadálacha fiontar a chur chun cinn chun méadú agus éirí níos iomaíche. Go háirithe, is éard a bheidh san athchóiriú tuarascáil

agus plean gníomhaíochta a ghabhann léi a fhormheas ag Comhairle na nAí, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar chórais chomhchosúla laistigh den Aontas agus tar éis dul i gcomhairle le geallsealbhóirí maidir le dreasachtaí sonracha chun cumaisc agus éadálacha a chur chun cinn.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht 2 (C3.3I2): Bosca Gainimh Rialála a chruthú chun FinTech a chumasú

Is é cuspóir an bhirt a chur ar chumas FinTech, gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí nuálacha eile a dtairiscint i dtáirgí nó seirbhísí nua a leathnú, trí rialtóirí ag bunú "foras tástála" a ligfeadh dóibh turgnaimh bheo a dhéanamh i dtimpeallacht rialaithe faoina maoirseacht.

Is éard a bheidh san infheistíocht forbairt córais rialála oiriúnaigh tharraingtigh maidir le teicneolaíocht airgeadais agus teicneolaíochtaí nuálacha a éascú agus cothromaíocht a bhaint amach idir cur in úsáid rianúil táirgí nó seirbhísí nuálacha agus cosaint infheisteoirí a áirithiú.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2025.

Infheistíocht 4 (C3.3I4): Scéim chun uasghrádú digiteach a dhéanamh ar fhiontair

Is é cuspóir na hinfeistíochta comhtháthú na teicneolaíochta digití a fheabhsú i FBManna atá bunaithe sa Chipir cheana agus a bheidh ann amach anseo. Go sonrach, is é is aidhm don bheart céannacht dhigiteach na ngnólachtaí a fheabhsú, sciar na bhFiontar Beag agus Meánmhéide a úsáideann teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a mhéadú, lena n-áirítear earnáil na ríomhthráchtála, agus fiontraíocht dhigiteach a chur chun cinn.

Is éard a bheidh san infheistíocht deontais airgeadais de thart ar EUR 30 000 a sholáthar do gach tairbhí, mar sciar den mhéid a bheidh infheistithe acu in infheistíocht incháilithe chun a bhfiontair a uasghrádú go digiteach.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 6 (C3.3I6): Ciste cothromais Státchistithe

Is é cuspóir an bhirt Ciste a bhunú chun tacú le hiarrachtaí an Rialtais rochtain ar fhoinsí malartacha airgeadais a fheabhsú arb é is aidhm dó (i) forbairt agus fás eacnamaíoch a chothú agus iomaíochas fiontar beag agus meánmhéide sa Chipir a fheabhsú; (ii) infhaighteacht foinsí maoinithe malartacha a mhéadú, go háirithe do chuideachtaí nuálacha agus do ghnólachtaí nuathionscanta; agus (iii) rannchuidiú le feabhsú an éiceachórais le haghaidh infheistíochtaí cothromais agus caipitil fiontair.

Is éard a bheidh san infheistíocht nós imeachta tairisceana chun bainisteoir cistí seachtracha a roghnú agus a cheapadh ar feadh tréimhse infheistíochta a bheartaítear a mhairfidh cúig bliana.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), déanfar an méid seo a leanas sa chomhaontú dlíthiúil idir an Chipir agus an Ciste atá i gceannas ar an ionstraim airgeadais agus ar bheartas infheistíochta na hionstraime airgeadais ina dhiaidh sin:

- i. a cheangal go gcuirfear i bhfeidhm treoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU; agus
- ii. an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid

iartheachtach;¹⁰ (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha;¹¹ (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí¹² agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla;¹³ agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní i gcás ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol; agus

- iii. a cheangal go bhfíorófar comhlíonadh dlí na dtionscadal de réir an Chiste maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol i gcás gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

¹⁰ Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

¹¹ I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

¹² Níl feidhm ag an eisiámh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

¹³ Níl feidhm ag an eisiámh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

G.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
134	C3.3R1 Infheistíocht aí straitéiseach a a éascú	Garsprioc	Dlí maidir le hinfeistíocht aí straitéiseacha	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí	-	-	-	R1	2022	Teacht i bhfeidhm dlí lena dtacaítear le hinfeistíochtaí straitéiseacha sa Chipir lena n-áireofar na gnéithe seo a leanas: nósanna imeachta a chuichóiriú chun infheistíocht straitéiseach a cheadúnú, bainisteoir tionscadail le haghaidh gach tionscadail, ceadanna tógála a eisiúint go tráthuil.
135	C3.3R1 Infheistíocht aí straitéiseach a a éascú	Garsprioc	Acmhainneacht eagraíochtúil a fheabhsú chun infheistíochtaí straitéiseacha a éascú	Foilsíú san iris oifigiúil bunú earnála rialtais lena n-éascaítear an t-athchóiriú, agus bunú an chórais próisis agus na dtreoirilínte, agus fíorú dearbhaithe ag an údarás comhordúcháin ar chur i gcrích na hoiliúna	-	-	-	R2	2023	Foilsíú san iris oifigiúil ar chur i gcrích bhunú earnála sa Roinn Pleanála Baile agus Tithíochta chun éascú an chórais straitéisigh a fheabhsú; an córas próisis agus dearadh na dtreoirilínte a fhoilsiú; agus tuairisciú ón údarás comhordúcháin maidir le hoiliúint phríomhphearsanra chun an t-athchóiriú a chur chun feidhme.
136	C3.3R2 Meicníocht Mearghníomhachtaíthe Gnó a Fheabhsú	Garsprioc	Córas leictreonach a bhunú inar féidir le hinfheisteoirí a n-iarratas ar líne a chur isteach	Fógra ón Aireacht Tráchtála maidir leis an gcóras leictreonach lena nglactar le hiarratais	-	-	-	R4	2022	Uasghrádú a dhéanamh ar sheirbhísí iarratas ar eisiúint ceadanna gnó, treoir maidir le bunú agus oibriú, faisnéis a sholáthar le haghaidh na gceadanna uile is gá a éilíonn an chuideachta chun tús a chur le hoibríochtaí, eisiúint ceadanna cónaithe agus fostaíochta sa Chipir a éascú do náisiúnaigh tríú tír, iarratas ar chlárú mar chuideachta leasa eachtraigh trí chóras leictreonach a bhunú

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										inár féidir le hinfheisteoirí a n-iarratas ar líne a chur isteach.
137	C3.3R2 Meicníocht Mearghníomhachtaíthe Gnó a Fheabhsú	Sprioc	Ardán a bhunú inar féidir le hinfheisteoirí a n-iarratas ar líne a rianú agus idirghníomhú leis na húdaráis inniúla agus measúnuithe ar iarratais ar infheistíocht tríd an ardán	-	Líon	0	50	R4	2025	An measúnú ar 50 iarratas ar infheistíocht ar a laghad a chur i gcrích tríd an ardán.
138	C3.3R3 Nuachóiriú ar Dhlí na gCuideachtaí	Garsprioc	An dréachtdlí a chur faoi bhráid na Parlaiminte lena fhormheas, lena athstruchtúrú ar Dhlí na gCuideachtaí	An dréachtdlí a chur faoi bhráid na Parlaiminte, tar éis do Chomhairle na nAiri é a ghlacadh	-	-	-	R3	2025	An dréacht-dlí a chur faoi bhráid na Parlaiminte lena fhormheas. Déanfar athstruchtúrú ar Dhlí na gCuideachtaí leis an dréachtdlí. Déanfaidh sé, go háirithe, Dlí na gCuideachtaí sa Chipir a nuachóiriú trí dheachleachtais ó dhlínsí eile faoin dlí coiteann a úsáid chun bonn eolais agus soiléireachta a chur ar fáil i bhfoirm cásdlí agus litríochta agus chun cabhrú leis an dlí a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcleachtas.
139	C3.3R3 Nuachóiriú ar Dhlí na gCuideachtaí	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm Dhlí na gCuideachtaí	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí	-	-	-	R2	2026	Teacht i bhfeidhm Dhlí na gCuideachtaí lena ndéanfar athstruchtúrú ar Dhlí na gCuideachtaí. Déanfaidh sé, go háirithe, Dlí na gCuideachtaí sa Chipir a nuachóiriú trí dheachleachtais ó dhlínsí eile faoin dlí coiteann a úsáid chun bonn eolais agus soiléireachta a chur ar fáil i bhfoirm cásdlí agus litríochta agus chun cabhrú leis an dlí a

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcleachtas.
140	C3.3R4 Gníomhaireacht Náisiúnta Cur Chun Cinn a dhearadh agus a bhunú	Garsprioc	Formheas Chomhairle na nAirí an treochlár chun Gníomhaireacht Náisiúnta um Chur Chun Cinn a chruthú agus a bhunú	Foilsíú an chinnidh ó Chomhairle na nAirí	-	-	-	R2	2023	Formheas Chomhairle na nAirí an treochlár chun Gníomhaireacht Náisiúnta um Chur Chun Cinn a chruthú agus a bhunú lena n-éascófar rochtain ar iasachtaí, ráthaíochtaí agus maoiniú cothromais d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus lena bhfeabhsófar cumas ionsúcháin mhaoiniú an Aontais trí uirlisí an Aontais
141	C3.3R4 Gníomhaireacht Náisiúnta Cur Chun Cinn a dhearadh agus a bhunú	Garsprioc	Tús oibríochtaí Ghníomhaireacht Náisiúnta na Cipire um Chur Chun Cinn	Leagan amach tosaigh bailíochtaithe ag an Rúnaí Buan	-	-	-	R3	2025	Tús oibríochtaí Ghníomhaireacht Náisiúnta na Cipire um Chur Chun Cinn, lena n-áirítear soláthar foirne leis an bhfoireann is gá
142	C3.3R5 Infheisteoir Straitéiseach Stocmhalartán na Cipire	Garsprioc	Infheisteoir straitéiseach a roghnú chun bun urlámhais a cheannach i Stocmhalartán na Cipire	Comhaontú formheasta ag Comhairle na nAirí	-	-	-	R4	2024	Infheisteoir straitéiseach a roghnú chun bun urlámhais a cheannach i Stocmhalartán na Cipire, na comhaontuithe ábhartha a shíniú, dúnadh airgeadais an idirbhirt a bhaint amach.
143	C3.3R6 Dreasachtaí chun cumaisc agus éadálacha a chur chun cinn.	Garsprioc	Plean Gníomhaíocht a maidir le dreasachtaí le haghaidh cumasc agus éadálacha	Tuarascáil agus an plean gníomhaíochta a ghabhann léi glactha ag Comhairle na nAirí	-	-	-	R4	2022	Tuarascáil agus plean gníomhaíochta a ghabhann léi a fhorghabhann ag Comhairle na nAirí maidir le dreasachtaí sonracha chun cumaisc agus éadálacha a chur chun cinn, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar chórais chomhchosúla laistigh den Aontas agus tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
144	C3.3I2 Bosca Gainimh Rialála a chruthú chun FinTech a chumasú	Garsprioc	Bosca Gainimh Rialála d'fhonn Teicneolaíocht Airgeadais agus teicneolaíocht a nuálacha a chur chun cinn	Fógra maidir le seoladh an bhosca gainimh rialála ag Cyprus Securities and Exchange Commission.	-	-	-	R2	2024	Bosca Gainimh Rialála a sheoladh lena n-éascófar córas rialála oiriúnach tarraingteach a fhorbairt maidir le teicneolaíocht airgeadais agus teicneolaíochtaí nuálacha agus cothromaíocht a bhaint amach idir cur in úsáid rianúil táirgí nó seirbhísí nuálacha agus cosaint infheisteoirí a áirithiú.
147	C3.3I4 Scéim chun uasghrádú digiteach a dhéanamh ar fhiontair	Garsprioc	Foilsíú an ghlaio ar thograí tar éis do Chomhairle na nAirí an scéim a cheadú	Fógra oifigiúil maidir leis an nglao ar thograí sa phreas, suíomh gréasáin MECI/ITS agus na meáin shóisialta MECI/ITS	-	-	-	R2	2023	Foilsíú an ghlaio ar thograí le haghaidh deontas lena gcuimhdófar céatadán den chaiteachas lena bhfeabhsófar céannacht dhigiteach na ngnólaicthe, nó lena méadófar méid na bhfiontar beag agus meánmhéide a úsáideann teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (lena n-áirítear earnáil na ríomhthráchtála), nó a chuirfidh fiontraíocht dhigiteach chun cinn, tar éis do Chomhairle na nAirí an scéim le haghaidh uasghrádú digiteach fiontar a fhorfheas.
148	C3.3I4 Scéim chun uasghrádú digiteach a dhéanamh ar fhiontair	Sprioc	FBManna ar tacaíodh leo tar éis iarratais ar íocaíocht a chur isteach.	-	Líon	0	290	R2	2026	Thacaigh 290 FBM ar a laghad le cur isteach iarratas ar íocaíocht agus fíoruithe riaracháin agus fíoruithe ar an láthair arna ndéanamh ag an bhFoireann Bainistíochta Scéime atá freagrach.
151	C3.3I6 Ciste cothromais Státhchistithe	Garsprioc	Bunú an Chiste	Clárú an Chiste	-	-	-	R4	2022	Tá bunú an Chiste curtha i gcrích. Leis an gCiste, méadófar infhaighteacht foinsí malartacha maoinithe, go háirithe do chuideachtaí nuálacha agus do ghnólaicthe nuathionscanta.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										Áireofar sa bheartas infheistíochta critéir incháilitheachta d'institiúidí infheistiúcháin chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' maidir le hidirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, an ceanglas maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh, agus an ceanglas ar thairbhithe a fuair níos mó ná 50 % dá n-ioncam le linn na bliana airgeadais roimhe sin ó ghníomhaíochtaí nó ó shócmhainní sa liosta eisiaimh pleananna aistrithe glasa a ghlacadh agus a fhoilsiú.
152	C3.3I6 Ciste cothromais Státchistithe	Sprioc	Infheisteoirí a fhaigheann tacaíocht tríd an gCiste	-	Líon	0	12	R2	2026	12 institiúid infheistiúcháin ar a laghad (gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí nuálacha) a fhaigheann tacaíocht tríd an gCiste.

G.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht 1 (C3.3I1): Córas Faisnéise Comhtháite do Roinn Chláraitheoir na gCuideachtaí agus na Maoine Intleachtúla.

Is iad cuspóirí an bhirt dearadh, forbairt, cur chun feidhme, cothabháil agus oibriú réitigh Ardán Clárlainne Comhtháite lena dtacaítear le próisis agus seirbhísí Rannóg na gCuideachtaí agus na Rannóige Maoine Intleachtúla agus Tionsclaíche de chuid Roinn Chláraitheoir na gCuideachtaí agus na Maoine Intleachtúla, ar bhealach chun claochlú digiteach an dá roinn thuasluaite a chur chun cinn le bheith bunaithe mar cheannródaithe i láithreacht dhigiteach, cumais ar líne agus seirbhís den scoth do chustaiméirí arna soláthar ag próisis inmheánacha éifeachtúla agus le tacaíocht ó chórais TF sholúbtha.

Is éard a bheidh san infheistíocht crua-earraí agus bogearraí an chórais a shuiteáil, bonneagar an líonra a chur i gcrích, agus oiliúint a chur ar phearsanra an chórais nua.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

G.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cusp óir	Ráithe	Bliain	
153	C3.311 Córas Faisnéise Comhtháite do Roinn Chláraitheoir na gCuideachtaí agus na Maoine Intleachtúla	Garsprioc	Suiteáil crua-earraí agus bogearraí córais agus líonrú curtha i gcrích	Críochnú agus oibriú a eisiúint chun crua-earraí agus stampaí an chórais a shuiteáil; bogearraí agus líonrú curtha i gcrích	-	-	-	R1	2024	Suiteáil crua-earraí agus stampaí córais; bogearraí agus líonrú curtha i gcrích (freastalaithe, dioscaí crua, ríomhairí pearsanta agus forimeallacha, RDBMS, córais oibriúcháin agus ródairí).
154	C3.311 Córas Faisnéise Comhtháite do Roinn Chláraitheoir na gCuideachtaí agus na Maoine Intleachtúla	Sprioc	Oiliúint a chur ar phearsanra	-	% (Céatadán)	0	100	R4	2025	Oiliúint 100 % de phearsanra Roinn Chláraitheoir na gCuideachtaí agus na Maoine Intleachtúla agus phearsanra na Roinne Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise ar an gcóras faisnéise rolladh amach agus ar nósanna imeachta oibriochtúla gaolmhara.

H. COMHPHÁIRT 3.4: ÚDARÁIS PHOIBLÍ AGUS ÁITIÚLA A NUACHÓIRIÚ, AN CEARTAS A DHÉANAMH NÍOS ÉIFEACTÚLA AGUS AN T-ÉILLIÚ A CHOMHRAC

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire, tugtar aghaidh ar dhúshláin sheanbhunaithe i bhfeidhmiú an riaracháin phoiblí, ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil araon, ar an gcóras ceartais agus ar an gcreat frithéillithe. Is iad seo a leanas cuspóirí na comhpháirte: (i) éifeachtacht, éifeachtúlacht agus ábharthacht na bpróiseas rialtais a mhéadú, agus na dúshláin, na riachtanais agus na hionchais atá ag saoránaigh agus gnólachtaí faoi láthair á gcur san áireamh, (ii) acmhainneacht agus comhar riaracháin na hAireachta Gnóthaí Baile agus na rialtas áitiúil a neartú chun cur chun feidhme éifeachtach na samhla nua riaracháin áitiúil a áirithiú, (iii) éifeachtacht an chórais ceartais a fheabhsú, lena n-áirítear cáilíocht agus éifeachtúlacht, trí dhlús a chur le riar an cheartais agus trí riaráiste na gcásanna a laghdú, agus (iv) comhleanúnachas níos fearr a bhaint amach d'iarrachtaí an rialtais an t-éillíú a chomhrac.

Rannchuidíonn na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áirítear sa chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha maidir le feabhas a chur ar éifeachtúlacht san earnáil phoiblí, go háirithe a mhéid a bhaineann le feidhmiú an riaracháin phoiblí agus na rialtas áitiúil (Moltaí Tírshonracha 1 ó 2019 agus 4 de 2020), maidir le socruithe solúbtha oibre a chur chun cinn (Moladh Tírshonrach 2 de 2020), maidir le héifeachtúlacht agus digitiú an chórais bhreithiúnaigh a fheabhsú (Moladh Tírshonrach 5 de 2019 agus Moladh Tírshonrach 4 de 2020) agus maidir le hathchóirithe frithéillithe (Moladh Tírshonrach 5 de 2019).

H.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Fo-chomhpháirt 3.4.1: Nuachóiriú na hEarnála Poiblí

Athchóiriú 1 (C3.4R1): Cumas riaracháin a fheabhsú agus feidhmiú an riaracháin phoiblí a fheabhsú ar mhaithe le beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr

Is é is cuspóir don athchóiriú feidhmiú an riaracháin phoiblí ghinearálta a fheabhsú trína chreat bainistithe acmhainní daonna a fheabhsú agus acmhainneacht riaracháin Phóilíní na Cipire a athstruchtúrú agus a fheabhsú.

Beidh dhá ghné san athchóiriú:

- i) Plean gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun cumas riaracháin agus ról straitéiseach i mbainistiú acmhainní daonna na Roinne Riaracháin Phoiblí agus Pearsanra a neartú maidir le beartais riaracháin phoiblí agus bainistíochta acmhainní daonna san earnáil phoiblí a fhoirmliú agus faireachán a dhéanamh orthu, amhail beartais a leagan síos, treoirlinnte agus bunphrionsabail maidir le cúrsaí bainistíochta acmhainní daonna a fhoirmliú, athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais, reachtaíocht agus cleachtais atá ann cheana, agus caidreamh tionsclaíoch. Ag an am céanna, cuirfidh an t-athchóiriú feabhas ar chumas na nAireachtaí beartais riaracháin phoiblí agus feidhmeanna acmhainní daonna a chur chun feidhme, agus cuntasacht agus freagrúlacht leormhaith á n-áirithiú ag an am céanna;
- ii) póilíní na Cipire a atheagrú agus a nuachóiriú trí shamhail nua póilíneachta agus oibríochtaí a dhearadh agus a chur chun feidhme, creat nua bainistíochta don fhoghlaím agus don fhorbairt, agus creat nua bainistíochta acmhainní daonna.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 2 (C3.4R2): Socruithe oibre solúbtha san earnáil phoiblí a rialáil

Is é is cuspóir don athchóiriú táirgiúlacht agus éifeachtacht na seirbhíse poiblí a mhéadú trí úsáid a bhaint as socruithe solúbtha oibre, amhail oibriú go cianda, go cianda, agus go páirtaimseartha.

Is éard a bheidh san athchóiriú socruithe solúbtha oibre a chur chun feidhme san earnáil phoiblí ar bhonn measúnú ón Roinn Riaracháin Phoiblí agus Pearsanra ar na moltaí i staidéar seachtrach ar

dhea-chleachtais agus ar theorainneacha féideartha arna dtabhairt faoi deara ag riaracháin phoiblí náisiúnta eile. Déanfar athbhreithniú sa staidéar ar na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh socruithe solúbtha oibre sa tseirbhís phoiblí mar a chuirtear i bhfeidhm iad i ndlíní eile.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú 3 (C3.4R3): Creat nua a thabhairt isteach le haghaidh próiseas meastóireachta agus roghnúcháin chun folúntais sa tseirbhís phoiblí a líonadh agus rialacháin nua chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fostaithe

Is é cuspóir an athchóirithe feidhmiú na seirbhíse poiblí a fheabhsú trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat earcaíochta agus ardaithe céime agus ar an gcóras measúnaithe feidhmíochta.

Is éard a bheidh san athchóiriú: (i) creat nua a thabhairt isteach sa tseirbhís phoiblí chun meastóireacht a dhéanamh ar iarrthóirí do phoist ardaithe céime agus chun iad a roghnú, lena n-áirítear poist bhainistíochta, bunaithe ar thuillteanas; (ii) córas nua breithmheasa feidhmíochta a thabhairt isteach a úsáidfear chun críocha forbartha agus cur chun cinn chun breithmheas agus cur chun cinn a dhéanamh níos trédhearcaí, níos cothroime, níos bunaithe ar scileanna agus níos éifeachtaí; agus (iii) feabhas a chur ar na nósanna imeachta earcaíochta trí oiliúint, nuashonrú ar na Scéimeanna Seirbhíse (an tsraith riachtanas agus dualgas le haghaidh poist sa riarachán poiblí) agus athruithe ar an dá dhlí ábhartha maidir le hearcaíocht.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2025.

Athchóiriú 4 (C3.4R4): Acmhainneacht riaracháin agus trédhearcacht a neartú trí sholáthar poiblí a ghairmiúlú agus a phróiseas a dhigitiú tuilleadh

Is é is cuspóir don athchóiriú éifeachtúlacht agus éifeachtacht an tsoláthair poiblí a mhéadú trí phróisis nua soláthair a thabhairt isteach trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha agus trí eolas agus saineolas an phearsanra a mhéadú.

Is éard a bheidh san athchóiriú córas ríomhsholáthair comhtháite lándigithe a thabhairt isteach lena n-úsáidtear teicneolaíochtaí nua-aimseartha, agus ar an gcaoi sin an t-ualach riaracháin ar rannpháirtithe a laghdú agus cuntasacht agus trédhearcacht á gcosaint ag an am céanna. Beidh bearta ag gabháil leis atá dírithe ar ghairmiúlú an tsoláthair poiblí, amhail athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr eagraíochtúil fheidhm lárnach ghairmiúil an tsoláthair poiblí agus oiliúint agus deimhniú gairmithe soláthair.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 5 (C3.4R5): Cumas na hOifige Dlí a fheabhsú

Is é cuspóir an athchóirithe claochlú digiteach na hOifige Dlí a chur chun feidhme, arb é is aidhm dó a héifeachtúlacht agus a héifeachtacht a mhéadú, chomh maith le táirgiúlacht, cáilíocht oibre agus dálaí oibre na bhfostaithe.

Is éard a bheidh san athchóiriú próisis agus nósanna imeachta uile na hOifige Dlí a dhigitiú trí chóras TF (Córas Dlí) a thabhairt isteach, a sholáthrófar mar réiteach iomlán Bogearraí mar Sheirbhís. Áireofar leis córas bainistíochta gréasán-bhunaithe atá ann cheana a sholáthar, a fhorbairt agus a shaincheapadh chun gnéithe a sholáthar amhail cáschomhaid leictreonacha agus fillteáin leictreonacha a chruthú, bainistiú agus faireachán cásanna, cumarsáid inmheánach agus sreafaí oibre, rianú cásanna, bainistiú airgeadais agus íocaíochtaí. Le linn chur chun feidhme an tionscadail, déanfar measúnú in anailís ghnó ar na riachtanais maidir le hathstruchtúróid próisis. Déanfar gach comhad páipéir atá ann cheana a aistriú isteach sa chroíchóras eLaw.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 2 (C3.4I2): Digitíú an phróisis reachtóireachta

Is é cuspóir na hinfeistíochta cáilíocht na rialála a fheabhsú agus deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht a mhéadú tríd an bpróiseas dréachtaithe reachtach a nuachóiriú agus tríd an reachtaíocht is infheidhme a fhoilsiú.

Is éard a bheidh san infheistíocht ardán ullmhúcháin reachtaíochta a bhunú lena bhféadfadh dlíthe agus rialacháin a dhréachtú, a chomhdhlúthú, a bhainistiú agus a stóráil ar bhealach níos éasca. Beidh an córas ina phointe aonair oifigiúil rochtana digití ag an rialtas don phobal ar gach téacs reachtaíochta i bhformáid idir-inoibritheach. Cumhdóidh an infheistíocht uaslódáil na ndlíthe agus na rialachán uile atá ann cheana ar an ardán nua.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 3 (C3.4I3): Mol Samhaltaithe Beartais Eacnamaíoch

Is é cuspóir na hinfeistíochta feabhas a chur ar cheapadh agus ar chur chun feidhme beartas trí úsáid teicnící samhaltaithe cainníochtúla a mhéadú le haghaidh measúnú tionchair rialála.

Is éard a bheidh san infheistíocht uirlisí samhaltaithe agus saineolas a fhorbairt i measc pearsanra poiblí chun gur féidir measúnú tionchair beartais níos fearr a dhéanamh. Bainfear é sin amach trí (i) Mol Samhaltaithe Beartais Eacnamaíoch a bhunú lena ndéanfar na huirlisí agus na sonraí a dhiúscairt chun anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar bheartais; (ii) an anailís beartais agus an t-eolas meastóireachta a aistriú chuig fostaithe na hAireachta Airgeadais; agus (iii) uirlisí a fhorbairt le haghaidh mórshonraí agus anailísíocht sonraí.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Fo-chomhpháirt 3.4.2: Riarachán Áitiúil agus Athchóiriú Spásúlachta

Athchóiriú 6 (C3.4R6): Creat dlíthiúil nua d'Údaráis Áitiúla agus bearta tacaíochta ábhartha

Is é cuspóir an bhirt an córas rialtais áitiúil sa Chipir a athchóiriú chun a cumhacht cinnteoireachta agus a neamhspleáchas riaracháin a fheabhsú, chun éifeachtúlacht rialachais a mhéadú agus chun acmhainní agus freagrachtaí a ailíniú chun inbhuanaitheacht airgeadais a áirithiú.

Is éard a bheidh san athchóiriú reachtaíocht nua a ghlacadh lena ndéanfar an méid seo a leanas: líon na mbardas a laghdú agus braislí pobail a chruthú le haghaidh soláthar láraithe seirbhísí chun an cumas riaracháin a fheabhsú; samhail nua riaracháin agus struchtúr nua foirne a thabhairt isteach do bhordais; inniúlachtaí agus acmhainní a aistriú ón rialtas láir chuig na bardais, go háirithe sna réimsí a bhaineann le ceadanna a eisiúint, beartas sóisialta, cothabháil bonneagair áitiúil, scoileanna agus seirbhísí áitiúla a sholáthar do na saoránaigh; maoiniú bardas a athchóiriú; agus maoirseacht dhlíthiúil, trédhearcacht agus cuntasacht dhaonlathach leordhóthanach a áirithiú. Áireofar leis an athchóiriú freisin fothú acmhainneachta trí oiliúint.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú 7 (C3.4R7): Comhdhlúthú talún uirbí

Is é cuspóir an athchóirithe an brú ar leathnú na mbardas a laghdú agus séala ithreach a mhéadú trí úsáid na talún atá ar fáil chun críocha tógála a éascú.

Is éard a bheidh san athchóiriú creat reachtach a bhunú chun talamh uirbeach a chomhdhlúthú agus cur chun feidhme máistirphleananna maidir le comhdhlúthú talún uirbí a chur chun cinn i limistéir roghnaithe nó i réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don oileán. Áireofar san athchóiriú

freisin staidéar saineolach a ullmhú, ardán digiteach chun comhdhlúthú talún uirbí a chumasú, agus máistirphleananna píolótacha maidir le comhdhlúthú talún uirbí a ullmhú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 4 (C3.4I4): An ríomhchóras a fheabhsú chun ceadanna tógála a eisiúint

Is é cuspóir na hinfeistíochta éifeachtúlacht na nósanna imeachta um cheadanna tógála a mhéadú.

Is éard a bheidh san infheistíocht (i) timpeallacht ríomhfheidhme an chórais TF Hippodamos atá ann cheana a leathnú chun pleanáil agus ceadú a dhéanamh, chun a chur ar chumas na n-údarás pleanála agus na n-údarás tógála uile (bardais) iarratais ar cheadanna pleanála agus tógála a chur isteach ó ardán coiteann; (ii) an córas Hippodamos a uasghrádú chun cur i bhfeidhm, staidéar agus eisiúint ceadanna pleanála agus tógála a chumasú go digiteach; agus (iii) modúil eile Hippodamos a uasghrádú nó a leathnú, amhail bainistiú agus riarachán conarthaí tógála.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 5 (C3.4I5): Cathracha cliste

Is é cuspóir na hinfeistíochta tionscnaimh leanúnacha cathracha cliste a chomhordú ina bplean cur chun feidhme ar fud na tíre.

Is éard a bheidh san infheistíocht Máistirphlean Náisiúnta Cathrach Cliste a chur ar aghaidh, lena ndíreofar ar thrí réiteach chliste tosaíochta do bhordais: páirceáil chliste, soilsiú cliste agus bainistiú bailithe dramhaíola cliste. Is éard a bheidh i gceist leis an infheistíocht bonneagar na cathrach cliste (ardán lárnach) a dhearadh agus a chur chun feidhme chomh maith leis na trí réiteach chliste tosaíochta a dhearadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear braiteoirí a shuiteáil. Beidh an tsolúbthacht is gá ag an ardán lárnach chun réitigh nua cathracha cliste a chur leis amach anseo.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 6 (C3.4I6): Athghiniúint agus Athbheochan Lárchathair na Niocóise

Is é cuspóir na hinfeistíochta lárchathair na Niocóise a athbheochan trí chónaitheoirí óga agus infheistíochtaí nua a mhealladh agus trí ghníomhaíocht eacnamaíoch a chothú.

Is éard a bheidh san infheistíocht (i) athchóiriú Scoil Faneromeni a bheidh le húsáid mar roinn d'Ollscoil na Cipire; (ii) ceannach agus athchóiriú foirgneamh sa lárchathair a bheidh le hathrú ina gcóiríocht do mhic léinn; agus (iii) dreasachtaí ón earnáil phríobháideach a thabhairt isteach chun cóiríocht do mhic léinn a chur ar fáil sa cheantar.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Fo-chomhpháirt 3.4.3: Córas Ceartais Éifeachtach

Athchóiriú 8 (C3.4R8): Éifeachtúlacht an Cheartais

Is é is cuspóir don athchóiriú an riaráiste ard cásanna atá ar feitheamh os comhair na gcúirteanna a laghdú agus éifeachtúlacht agus cáilíocht fhoriomlán an chórais ceartais a mhéadú.

Is éard a bheidh san athchóiriú plean gníomhaíochta a ullmhú chun deireadh a chur le riaráiste cásanna agus achomharc ag a bhfuil spriocanna bliantúla sonracha agus tascfhórsa breithiúna a chur ar bun, a bhfuiltear ag súil leis go gcomhordóidh sé cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta chun riaráiste na gcásanna atá ar feitheamh a laghdú. Táthar ag súil go mbeidh an plean gníomhaíochta curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2021. Déanfar cásanna atá ar feitheamh a shainiú mar chásanna atá ar feitheamh ar feadh níos mó ná dhá bhliain. An 31 Nollaig 2020, bhí an méid seo a leanas ann: 24 777

gcás sibhialta ar feitheamh, 2 222 achomharc ar feitheamh ar chásanna sibhialta, agus 475 achomharc ar feitheamh ar chásanna riaracháin. Is éard a bheidh san athchóiriú freisin cur chun feidhme na Rialacha Nós Imeachta Sibhialta athbhreithnithe, a ghlac an Chúirt Uachtarach an 19 Bealtaine 2021 agus lena méadófar éifeachtúlacht sna himeachtaí breithiúnacha lena n-áirítear i gcásanna breithnithe. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú 9 (C3.4R9): Claochlú digiteach na gcúirteanna

Is é is cuspóir don athchóiriú aghaidh a thabhairt ar neamhéifeachtúlachtaí an chórais ceartais arb iad na cúirteanna a oibríonn bunaithe ar chórais láimhe agus pháipéir is cúis leo. Le digitiú an chórais, déanfar an ceartas a chuíchóiriú agus a bhrostú.

Is éard a bheidh san athchóiriú (i) réiteach eatramhach a shuiteáil agus a oibriú chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais is práinní sula mbeidh an r-cheartas ar fáil, (ii) córas comhtháite r-cheartais agus (iii) taifeadadh digiteach fuaime in imeachtaí cúirte. Beidh rochtain ag cúirteanna, dlíodóirí, saoránaigh, Oifig Dlí na Poblachta agus na Póilíní ar an gcóras r-cheartais. Tabharfar isteach leis roinnt feidhmeanna amhail comhdú agus íocaíocht cásanna digiteacha, catagóiriú cásanna, cuardach cásanna, táirgeadh agus bainistiú doiciméad, córais rianaithe agus faireacháin chun tacú le sruthú cásanna, faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh orduithe agus prótacal, bainistiú a dhéanamh ar leithdháiltí cásanna ar éisteacht, forghníomhú agus bainistiú cinntí, dúnadh cásanna agus bainistiú fianaise.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2025.

Infheistíocht 7 (C3.4I7): Oiliúint breithiúna

Is é cuspóir na hinfeistíochta aghaidh a thabhairt ar an leibhéal íseal oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil do bhreithiúna.

Is éard a bheidh san infheistíocht oiliúint a chur ar bhreithiúna maidir leis na Rialacha Nós Imeachta Sibhialta athbhreithnithe agus/nó oiliúint bhreithiúnach eile maidir le hábhair éagsúla dlí agus scileanna breithiúnacha arna n-eagrú ag Scoil na Cipire um Oiliúint Bhreithiúnach.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 8 (C3.4I8): Bonneagar na gcúirteanna a uasghrádú

Is é cuspóir na hinfeistíochta aghaidh a thabhairt ar neamhéifeachtúlachtaí an chórais ceartais arb iad foirgnimh chúirte neamhleora is cúis leo, ó thaobh cainníochta agus cáilíochta de araon.

Is éard a bheidh san infheistíocht síneadh a thógáil ar fhoirgneamh Chúirt Dúiche Famagusta.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Fo-chomhpháirt 3.4.4: An tÉilliú a Chomhrac

Athchóiriú 10 (C3.4R10): Feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil agus institiúideach chun an t-éilliú a chomhrac

Is é cuspóir an athchóirithe comhleanúnachas níos fearr a bhaint amach sa chomhrac i gcoinne an éillithe tríd an bplean gníomhaíochta cothrománach náisiúnta i gcoinne an éillithe a chur chun feidhme.

Is éard a bheidh san athchóiriú: (i) reachtaíocht chun sceithirí a chosaint, chun trédhearcacht sna próisis chinnteoireachta phoiblí a fheabhsú agus chun coinbhleacht leasa a chosc, (ii) údarás

neamhspleách a bhunú agus a oibriú i gcoinne an éillithe, a chomhordóidh iarrachtaí na gcomhlachtaí uile atá ag gabháil don chomhrac i gcoinne an éillithe agus do chosc an éillithe agus a dhéanfaidh maoirseacht ar chur chun feidhme tráthúil gníomhaíochtaí ag na seirbhísí inniúla éagsúla (iii) feasacht phoiblí agus oiliúint phoiblí frithéillithe agus (iv) atreisiú na nAonad Iniúcháireachta Inmheánaí sna hAireachtaí uile agus sa tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2024.

H.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
155	C3.4R1 Cumas riaracháin a fheabhsú agus feidhmiú an riaracháin phoiblí a fheabhsú ar mhaithe le beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr	Garsprioc	Plean Gníomhaíochta maidir le saincheisteanna acmhainní daonna a bhainistiú go héifeachtúil sa riarachán poiblí náisiúnta	Glacadh an Phlean Gníomhaíochta ag Comhairle na nAirí	-	-	-	R1	2022	Tá Plean Gníomhaíochta glactha ag Comhairle na nAirí ina mbeidh an méid seo a leanas: - Treoirilínte, teimpléid agus tacaíocht cur chun feidhme ón Roinn Riaracháin Phoiblí agus Pearsanra (PAPD) chun riarachán na n-aireachtaí a ailíniú i ndáil le saincheisteanna bainistithe acmhainní daonna amhail atheagrú agus athstruchtúrú, simpliú nósanna imeachta agus pleanáil lucht saothair; - Struchtúr eagrúcháin athbhreithnithe PAPD a chur chun feidhme - Plean Foghlama agus Forbartha d'fhoireann PAPD; - Plean Oiliúna le haghaidh riarachán aireachtaí líne
156	C3.4R1 Cumas riaracháin a fheabhsú agus feidhmiú an riaracháin phoiblí a fheabhsú ar mhaithe le beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme ar	Garsprioc	Creat nua bainistíochta acmhainní daonna do Phóilíní na Cipire	Glacadh ag an gCeann Póilíneachta agus ag Rúnaí Buan na hAireachta Dlí agus Cirt agus Oird Phoiblí, agus teacht i bhfeidhm	-	-	-	R4	2023	Tháinig an creat nua bainistithe acmhainní daonna do Phóilíní na Cipire i bhfeidhm agus cumhdófar ann na réimsí seo a leanas: Anailís agus cruthú cur síos ar phoist - Earcaíocht - Spreagadh - Oiliúint agus Forbairt - Cúiteamh agus Sochair - Caidreamh saothair agus fostaithe agus cumarsáid - Bainistiú comhaltaí atá ar scor - Sábháilteacht agus Sláinte - Straitéis bainistíochta acmhainní daonna

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	bhealach níos fearr									
157	C3.4R1 Cumas riaracháin a fheabhsú agus feidhmiú an riaracháin phoiblí a fheabhsú ar mhaithe le beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr	Garsprioc	Cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le bainistiú éifeachtúil a dhéanamh ar shaincheisteann a acmhainní daonna sa riarachán poiblí náisiúnta	Tuarascáil deiridh arna formheas ag Comhairle na nAirí maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta	-	-	-	R4	2025	Cuireadh an Plean Gníomhaíochta chun feidhme, lena n-áirítear: - Treoirilínte agus lámhleabhair do riarachán aireachtaí líne maidir le nósanna imeachta earcaíochta, nósanna imeachta araíonachta, planáil lucht saothair, atheagrú agus simpliú athbhreithnithe próiseas - Leasuithe reachtacha i gcás inarb iomchuí - Oiliúint foirne i riarachán aireachtaí líne
158	C3.4R2 Socruithe oibre solúbtha san earnáil phoiblí a rialáil	Garsprioc	Cinneadh maidir le socruithe solúbtha oibre san earnáil phoiblí	Cinneadh ó Chomhairle na nAirí	-	-	-	R1	2023	Déanfar staidéar maidir le socruithe solúbtha oibre san earnáil phoiblí. Déanfaidh PAPD measúnú ar mholtaí an staidéir agus aird á tabhairt ar choimircí iomchuí arb é is aidhm dóibh éifeachtacht na seirbhíse poiblí a fheabhsú. Tar éis measúnú a dhéanamh ar mholtaí an staidéir, déanfaidh Comhairle na nAirí cinneadh maidir lena gcur chun feidhme.
159	C3.4R2 Socruithe oibre solúbtha san earnáil phoiblí a rialáil	Garsprioc	Socruithe solúbtha oibre a chur chun feidhme	Tuarascáil chríochnaitheach ó PAPD maidir le cur chun feidhme an Chinnidh ó Chomhairle na nAirí	-	-	-	R4	2024	Cinneadh Chomhairle na nAirí a chur chun feidhme, i gcás inarb ábhartha, trí leasú a dhéanamh ar dhlí/rialacháin, trí bheartais agus oiliúint a chur in iúl, ar bhonn plean gníomhaíochta arna fhorbairt ag an Roinn Pearsanra Riaracháin Phoiblí.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
160	C3.4R3 Creat nua a thabhairt isteach le haghaidh próiseas meastóireachta agus roghnúcháin chun folúntais sa tseirbhís phoiblí a líonadh agus rialacháin nua chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fostaithe	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta le haghaidh an phróisis meastóireachta agus roghnúcháin d'fholúntais seirbhíse poiblí agus rialacháin maidir le meastóireacht feidhmíochta fostaithe.	Foráil sa dlí/sna dlíthe agus sna rialacháin ábhartha lena léirítear a dteacht i bhfeidhm faoi seach	-	-	-	R4	2021	Is iad seo a leanas na príomheilimintí a bheidh ann: (i) teacht i bhfeidhm dlí lena ndéantar foráil maidir le meastóireacht agus roghnú iarrthóirí chun poist ardaithe céime sa tseirbhís phoiblí a líonadh, lena n-áirítear poist bhainistíochta, le critéir agus modhanna nua bunaithe ar mheasúnú oibiachtúil agus fiúntas, agus leasú ar Dhlí na Seirbhíse Poiblí i gcás ina meastar gur gá sin, agus (ii) teacht i bhfeidhm rialachán nua chun córas nua breithmheasa feidhmíochta d'fhostaithe poiblí a chur chun feidhme, a úsáidfear chun críoch forbartha agus cur chun cinn chun an nós imeachta breithmheasa feidhmíochta agus an sásra cur chun cinn a dhéanamh níos trédhearcáí, níos cothroime, níos bunaithe ar scileanna agus níos éifeachtaí
161	C3.4R3 Creat nua a thabhairt isteach le haghaidh próiseas meastóireachta agus roghnúcháin chun folúntais sa tseirbhís phoiblí a líonadh agus rialacháin nua chun	Garsprioc	Creat nua le haghaidh meastóireacht feidhmíochta agus folúntais sa tseirbhís phoiblí a líonadh.	Teacht in úsáid an chreata nua	-	-	-	R1	2025	Déanfar feidhmíocht státseirbhíseach a mheas agus folúntais sa tseirbhís phoiblí a líonadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil nua, tar éis é a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear trí oiliúint a chur ar fhostaithe ábhartha.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fostaithe									
162	C3.4R4 Acmhainneacht riaracháin agus trédhearcacht a neartú trí sholáthar poiblí a ghairmiúlú agus a phróiseas a dhigitiú tuilleadh	Garsprioc	Córas nua comhtháite ríomhsholáthair	Seoladh na chéad ghlaonna ar thairiscintí faoin gcóras nua ríomhsholáthair	-	-	-	R4	2025	Beidh an córas ríomhsholáthair comhtháite nua ag feidhmiú go hiomlán, lena n-áirítear forbairt, tástáil agus oiliúint uile na n-úsáideoirí. Is iad seo a leanas príomhfheidhmiúlachtaí an chórais: - tacú leis an bprionsabal aon uaire amháin maidir le sonraí a chur isteach ag úsáideoirí príobháideacha - tuairisciú staidrimh tacú le húsáid teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a fhéadfaidh údarais chonarthacha agus oibreoirí eacnamaíocha araon a úsáid ina bhfeidhmiúlachtaí riaracháin Obair riaracháin na n-údarás conarthach a éascú Comhéadan soláimhsithe d'oibreoirí eacnamaíocha agus béim á leagan ar FBManna - Sonraí oscailte a fhoilsiú maidir leis na nósanna imeachta soláthair poiblí - Faisnéis a chur ar fáil do na húdarais chonarthacha agus do na cinnteoirí maidir le nósanna imeachta soláthair poiblí, le linn shaolré an tionscadail.
163	C3.4R5 Cumas na hOifige Dlí a fheabhsú	Garsprioc	Córas TF nua don Oifig Dlí	An córas nua TF a chur i mbun seirbhíse	-	-	-	R4	2023	Réiteach Bogearraí mar Sheirbhís a oibríochtú go hiomlán don Oifig Dlí a mbeidh na gnéithe seo a leanas aige:

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										- cáschomhaid agus fillteáin leictreonacha a chruthú, - bainistiú agus faireachán cásanna, - cumarsáid inmheánach agus sreabha oibre, rianú cásanna, bainistiú airgeadais agus íocaíochtaí, - digitiú comhad páipéir. Cuireadh oiliúint ar úsáideoirí i gcrích.
165	C3.4I2 Digitiú an phróisis reachtóireachta	Garsprioc	An tArdán Ullmhúcháin Reachtaíochta don Chipir a chur chun feidhme	An córas nua a chur i seirbhís	-	-	-	R1	2025	Teachtaí bhfeidhm an Ardáin agus oiliúint do riarthóirí agus d'úsáideoirí faoi phribhléid a chur i gcrích. Leis an Ardán Ullmhúcháin Reachtaíochta lánfheidhmiúil, beifear in ann an méid seo a leanas a dhéanamh: billí a dhréachtú agus a bhainistiú trí eagarthóir gréasáin, agus an deis ann easpórtáil i bhformáid XML ag gach céim den phróiseas ullmhúcháin don dlí, bunachar sonraí lárnach chun na téacsanna dlí a stóráil agus a scaipeadh mar shonraí oscailte trí Chomhéadain Ríomhchláraithe Feidhmchláir, agus ar an mórchóir; - uirlis chun dlíthe agus leasuithe a chomhdhlúthú.
166	C3.4I2 Digitiú an phróisis reachtóireachta	Garsprioc	Digitiú dlíthe agus aimplithe; rialacháin san ardán nua	Fógra poiblí ar an ardán	-	-	-	R4	2025	Uaslódáladh gach dlí agus rialachán roimhe seo isteach san ardán nua, ionas go mbeidh an reachtaíocht go léir ar fáil ar líne ar ardán rialtais.
167	C3.4I3 Mol Samhaltaithe	Garsprioc	Mol Samhaltaithe a bhunú le	Cur i seirbhís an Mhoil	-	-	-	R4	2023	Oibriocht iomlán agus trealamh an Mhoil lena n-áirítear foireann na foirne eolaíochta a cheapadh. Beidh an

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Beartais Eacnamaíoch		haghaidh Anailís ar Bheartas Eacnamaíoch							fhoireann comhdhéanta de shaineolaithe ar shamhlacha macraeicneaiméadracha, eacnaiméadracha, saineolaithe anailísíochta sonraí agus eacnamaithe.
168	C3.4I3 Mol Samhaltaithe Beartais Eacnamaíoch	Sprioc	Líon na samhlacha measúnaithe tionchair agus na n-uirlisí anailíse sonraí atá forbartha	-	Líon	0	20	R4	2025	Maidir le forbairt iomlán 20 samhail measúnaithe tionchair mhacra-eacnaiméadraigh ar a laghad agus uirlisí anailísíochta sonraí nua do gheilleagar na Cipire bunaithe ar mhodheolaíochtaí éagsúla, déanfar iad a ionsamhlú, a thástáil agus a chur i bhfeidhm le haghaidh anailís agus réamhaisnéis ar bheartas eacnamaíoch.
169	C3.4R6 Creat dlíthiúil nua maidir le hÚdaráis Áitiúla agus bearta tacaíochta ábhartha	Garsprioc	Creat dlíthiúil nua maidir le húdaráis áitiúla	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm na reachtaíochta	-		-	R2	2024	Is éard a bheidh san idirghabháil teacht i bhfeidhm trí dhlí: Dlí na mBardas, Dlí na gComhphobal (Leasú) agus an Dlí maidir le hEagraíochtaí Rialtais Áitiúil Ceantair). Beidh an méid seo a leanas i gceist leis an gcreat dlíthiúil nua: - Laghdú ar líon na mbardas - Braislí pobail a chruthú chun seirbhísí a sholáthar Inniúlachtaí agus cistí nua a aistriú ón rialtas láir chuig na bardais - Córas nua chun bardais a mhaoiniú - Rialacha maidir le maoirseacht dhlíthiúil, trédhearcacht agus cuntasacht Éifeachtúlacht an tsoláthair uisce, an tséarachais agus na bainistíochta dramhaíola soladaí a fheabhsú chomh maith le cead a thabhairt trí chúig Eagraíocht Cheantair a chruthú le haghaidh Riaracháin Áitiúil.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
170	C3.4R6 Creat dlíthiúil nua d'Údaráis Áitiúla agus bearta tacaíochta ábhartha	Sprioc	Líon fhoireann na n-údarás áitiúil atá rannpháirteach i bhfothú acmhainneachta	-	Líon	0	500	R4	2024	Sraith de chlár théamacha fothaithe acmhainneachta le haghaidh riarachán áitiúil a chur i gcrích, lena gcuirfear oiliúint ar fáil do 500 rannpháirtí ar a laghad (comhaltaí agus foireann na n-údarás áitiúil).
171	C3.4R7 Comhdhlúthú talún uirbí	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le comhdhlúthú talún uirbí	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí	-	-		R2	2024	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le comhdhlúthú talún uirbí agus é mar aidhm sraoilleáil uirbeach a laghdú trí úsáid réasúnach a bhaint as limistéir chónaithe atá ann cheana
172	C3.4R7 Comhdhlúthú talún uirbí	Sprioc	Líon na máistirphleananna le haghaidh pleanáil uirbeach	-	Líon	0	10	R4	2025	Rinneadh máistirphleananna le haghaidh pleanáil uirbeach a dhreachtú, a fhoilsiú agus a fhorghnaithe lena n-úsáid i limistéir roghnaithe nó i réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo. Déanfaidh na máistirphleananna talamh atá deighilte agus dorochtana (laistigh de theorainneacha forbartha limistéir) a chomhtháthú agus a athdháileadh i ndáileachtaí talún.
173	C3.4I4 An ríomhchóras a fheabhsú chun ceadanna tógála a eisiúint	Garsprioc	Feabhas a chur ar thimpeallacht ríomhfheidhme an Chórais Hippodamos	Iarratais atá á bhfáil tríd an timpeallacht fheabhsaithe ríomhiarratais	-	-	-	R4	2022	Feabhas a chur ar thimpeallacht ríomhfheidhme an chórais Hippodamos atá ann cheana a thabhairt chun críche chun gur féidir iarratais ar cheadanna pleanála agus tógála a chur isteach do gach údarás pleanála agus údarás tógála (bardais) ó ardán coiteann.
174	C3.4I4 An ríomhchóras a fheabhsú chun ceadanna tógála a eisiúint	Garsprioc	Feabhas a chur ar fheidhmiúlachtaí pleanála agus rialaithe agus	Próiseas iomlán digiteach chun ceadanna a eisiúint agus	-	-	-	R4	2024	Feabhas a chur ar an uirlis phleanála agus rialaithe, ar an uirlis bainistíochta tionscadail agus ar uasghrádú chrua-earraí agus bhogearraí an Chórais

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			bainistíochta tionscadail Hippodamos	conarthaí tógála a bhainistiú						Hippodamos atá ann cheana chun tacú leis na feidhmiúlachtaí breise.
176	C3.4I5 Cathracha cliste	Sprioc	Feidhmchláir mhóibíleacha a fhorbairt a forbraíodh mar chuid de thionscnamh na gcathracha cliste agus braiteoirí cliste a shuiteáil i seirbhís mar chuid de thionscnamh na gcathracha cliste	-	Feidhmchláir mhóibíleacha : Líon Braiteoirí cliste: Líon	Feidhmchláir mhóibíleacha: 0 Braiteoirí cliste: Líon 0	Feidhmchláir mhóibíleacha: 3 Braiteoirí cliste: 97 000	R2	2026	Trí fheidhmchlár mhóibíleacha a fhorbairt (le haghaidh páirceáil chliste, soilsiú cliste, bainistiú dramhaíola cliste), a bheidh ar fáil lena n-íoslódáil ag úsáideoirí, agus 97 000 braiteoir cliste ar a laghad a oibríochtú go hiomlán mar chuid de thionscnamh na gcathracha cliste ina bhfuil braiteoirí páirceála cliste, braiteoirí soilsithe cliste agus braiteoirí bainistithe dramhaíola cliste arna seachadadh agus arna suiteáil i mbardais agus atá nasctha le hardán lárnach na gcathracha cliste.
177	C3.4I6 Athghiniúint agus Athbheochan Lárchathair na Niocóise	Sprioc	Seomraí athchóirithe agus athchóirithe go dorms mac léinn	-	Líon	0	80	R4	2024	Rinneadh 80 seomra ar a laghad i lárchathair na Niocóise a athchóiriú agus a thiontú go suanliosanna mac léinn
178	C3.4I6 Athghiniúint agus Athbheochan Lárchathair na Niocóise	Sprioc	Seomraí athchóirithe agus athchóirithe go dorms mac léinn	-	Líon	80	450	R2	2026	Rinneadh 450 seomra ar a laghad i lárchathair na Niocóise a athchóiriú agus a thiontú go suanliosanna mac léinn
179	C3.4I6 Athghiniúint agus Athbheochan Lárchathair na Niocóise	Garsprioc	Athchóiriú Scoil Faneromeni	Athchóiriú ar scoil Faneromeni a thabhairt chun críche	-	-	-	R2	2026	Rinneadh athchóiriú fairsing ar Scoil Faneromeni agus uasghrádú iomlán frithsheismeach chun Scoil Ailtireachta Ollscoil na Cipire a choinneáil agus tá sí réidh le húsáid

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
180	C3.4R8 Éifeachtúlacht an Cheartais	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm Rialacha nua Níos Imeachta Sibhialta	Foráil sna Rialacha Níos Imeachta Sibhialta nua (arna bhfoilsíú san Iris Oifigiúil) lena léirítear teacht i bhfeidhm na Rialacha Níos Imeachta (an 1 Meán Fómhair 2023)	-	-	-	R3	2023	Cur chun feidhme na Rialacha Níos Imeachta Sibhialta nua maidir leis na cásanna nua a cuireadh faoi bhráid na cúirte amháil ón 1 Meán Fómhair 2023. Leis na Rialacha Níos Imeachta Sibhialta nua, déanfar nuachóiriú ar éisteacht cásanna chun seirbhís níos saoire, níos inrochtana agus níos tráthúla a sholáthar do pháirtithe.
181	C3.4R8 Éifeachtúlacht an Cheartais	Sprioc	Riaráiste na gcásanna agus na n-achomharc a laghdú	-	% (Céatadán)	0	20	R2	2024	Laghdú 20 % ar riaráiste na gcásanna agus na n-achomharc atá ar feitheamh le breis agus dhá bhliain os comhair na gCúirteanna Dúiche agus na Cúirte Uachtaraí ó leibhéal an 31 Nollaig 2020, mar a fhóirítear le Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn den Phlean Gníomhaíochta chun riaráiste a laghdú.
182	C3.4R8 Éifeachtúlacht an Cheartais	Sprioc	Riaráiste na gcásanna agus na n-achomharc a laghdú a thuilleadh	-	% (Céatadán)	20	40	R2	2026	Laghdú 40 % ar riaráiste na gcásanna agus na n-achomharc atá ar feitheamh le breis agus dhá bhliain os comhair na gCúirteanna Dúiche agus na Cúirte Uachtaraí ó leibhéal an 31 Nollaig 2020, mar a fhóirítear le Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn den Phlean Gníomhaíochta chun riaráiste a laghdú.
183	C3.4R9 Claochlú digiteach na gcúirteanna	Garsprioc	córas r-cheartais	Fíorú an chonartha agus glacadh na dtáirgí insoláthartha ag	-	-	-	R1	2024	An córas r-cheartais a shuiteáil agus a oibriú go hiomlán agus tacaíocht oibriochtúil ar an láthair don chóras éagóra a thabhairt chun críche. Beidh an

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
				na foirne tionscadail le haghaidh an dá chóras. Tá an dá chóras ar fáil ar shuíomh gréasáin na cúirte						dá chóras ar fáil ar shuíomh gréasáin na cúirte.
184	C3.4R9 Claochlú digiteach na gcúirteanna	Garsprioc	Taifeadadh digiteach fuaime in imeachtaí cúirte	Fíorú an chonartha agus glacadh na dtáirgí insólathartha ag foireann an tionscadail don chóras.	-	-	-	R1	2025	Taifeadadh fuaime digiteach a shuiteáil agus a oibriú go hiomlán in imeachtaí cúirte.
185	C3.4I7 Oiliúint breithiúna	Sprioc	Oiliúint breithiúna	-	Líon	0	110	R4	2025	Tá oiliúint maidir leis na Rialacha Nós Imeachta Sibhialta nua agus scileanna breithiúnacha eile curtha i gcrích ag 110 mbreitheamh (as 130) ar a laghad.
186	C3.4I8 Bonneagar na gcúirteanna a uasghrádú	Garsprioc	Síneadh ar Chúirt Dúiche Famagusta	Deimhníonn foireann bainistíochta tionscadail go bhfuil an tógáil críochnaithe.	-	-	-	R4	2021	Tógáil an tsínidh le foirgneamh Chúirt Dúiche Famagusta a thabhairt chun críche chun tacú le hoibriú seomraí cúirte nua chun triail a bhaint chomh maith le cásanna sibhialta coiriúla.
187	C3.4R10 Feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil agus institiúideach chun an t-éilliú a chomhrac	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí lena mbunaítear an tÚdarás Neamhspleách i gcoinne an Éillithe	Foráil den dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí agus tús oibriú an Údaráis Neamhspleách i gcoinne an	-	-	-	R1	2022	Bunaíodh an tÚdarás Neamhspleách i gcoinne an Éillithe ar bhonn theacht i bhfeidhm an dlí chomhfhreagraigh agus tá sé oibriochtúil. Déanfaidh an tÚdarás iarrachtaí na gcomhlachtaí uile atá ag gabháil don chomhrac i gcoinne an éillithe agus do chosc an éillithe a chomhordú agus déanfaidh sé

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
				Éillithe agus príomhphoist bhainistíochta líonta agus baill foirne earcaithe.						mairseacht ar chur chun feidhme tráthúil na ngníomhaíochtaí ag na seirbhísí inniúla éagsúla.
188	C3.4R10 Feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil agus institiúideach chun an t-éilliú a chomhrac	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le Trédhearcacht i gCinnteoireacht agus Nithe Gaolmhara	Foráil den dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí	-	-	-	R4	2021	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le Trédhearcacht i gCinnteoireacht agus in Ábhair Ghaolmhara, lena n-áirítear forálacha chun coinbhleacht leasa a chosc. Cruthófar leis an dlí an oibleagáid poiblíocht a dhéanamh ar theagmhálacha a dhéantar idir daoine ar spéis leo a bheith rannpháirteach i nósanna imeachta cinnteoireachta poiblí agus oifigigh nó comhaltaí den tseirbhís Stáit nó den earnáil phoiblí i gcoitinne nó le fostaithe chun leasa oifigeach a bhfuil inniúlacht nó deis acu, de bharr a róil féin, nósanna imeachta den sórt sin a thionscnamh nó a n-inneachar a fhoirmliú nó rannchuidiú nó toradh deiridh na nósanna imeachta sin a chinneadh. Déanfar faisnéis faoi theagmháil den sórt sin, chomh maith lena hinneachar agus lena cuspóirí, a thaifeadadh go hoifigiúil agus beidh sí ar fáil go poiblí.
189	C3.4R10 Feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil agus institiúideach chun an t-éilliú a chomhrac	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí chun sceithirí a chosaint	Foráil den dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí	-	-	-	R4	2021	Teacht i bhfeidhm dlí chun sceithirí a thuairiscíonn calaois agus éilliú a chosaint ar smachtbhannaí inmheánacha. Áireofar sa dlí forálacha forlíontacha maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn gníomhartha éillithe san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon (sceithirí, daoine nach bhfuil baint acu leis na gníomhartha), de bheis ar an

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										gcosaint dá bhforáiltear cheana féin i nDlí 95(I)/2001 um Chosaint Finnéithe. Déanfar foráil sa dlí freisin maidir le bearta trócaire dóibh siúd a bhfuil baint acu le gníomhartha éillithe, ach tuairisceoidh sé go deonach do na póilíní agus/nó cuirfidh sé comhar ar fáil leis na húdaráis a mbeidh imscrúdú agus ionchúiseamh iomlán an cháis mar thoradh air.

H.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht 9 (C3.4I9): Scéim chabhrach don earnáil phríobháideach agus phoiblí le haghaidh deimhniú le ISO 37001 (Anti Bribery)

Is é cuspóir na hinfheistíochta rannchuidiú leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe trí chreidiúnú ISO 37001 a thabhairt isteach san earnáil phríobháideach agus phoiblí, rud a chuideoidh le trédhearcacht a mhéadú, breabanna a dhíothú agus cultúr gnó eiticiúil a chruthú.

Is éard a bheidh san infheistíocht tacaíocht deontais don earnáil phríobháideach agus phoiblí, lena n-áirítear rialtais áitiúla, le haghaidh seirbhísí comhairliúcháin agus deimhniú in aghaidh breabaireachta i gcomhréir le caighdeán ISO 37001.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

H.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
190	C3.419 Scéim chabhrach don earnáil phríobháideach agus phoiblí le haghaidh deimhniú le ISO 37001 (Frith Breabaireacht)	Sprioc	ISO 37001 córais bhainistíochta frithbhreabaireachta	-	Líon	0	120	R4	2025	Tá ar a laghad 120 eagraíocht creidiúnaithe ag ISO le haghaidh an Chaighdeáin 'ISO 37001 ANTI-BRIBERY MANAGEMENT SYSTEMS' mar gheall ar an tacaíocht a deonaíodh

I. COMHPHÁIRT 3.5: COBHSAÍOCHT FHIOSCACH AGUS AIRGEADAIS A CHOIMIRCIÚ

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire, tugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le leochaileachtaí fíoscacha agus airgeadais, lena n-áirítear míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhaineann leis sin. Is é an aidhm atá ann cobhsaíocht airgeadais a chosaint trí rioscaí leagáide in earnáil na baincéireachta a laghdú, bearta a chur i bhfeidhm i gcoinne féichiúnas príobháideach ard, agus feabhas a chur ar mhaoirseacht san earnáil neamhbhainc. Chun cobhsaíocht fhioscach a áirithiú, tá sé d'aidhm ag an gCipir imghabháil cánach, seachaint cánach agus pleanáil ionsaitheach cánach a chomhrac; agus sonraí cuimsitheacha a chur ar fáil do lucht ceaptha beartas chun córas cánach cothrom a dheardh. Leis na bearta atá beartaithe, meastar go mbeidh bailiú ioncaim níos éifeachtúla agus córas cánach na Cipire níos cothroime, rud a laghdóidh na héifeachtaí iarmharta ó phleanáil ionsaitheach cánach.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha maidir le cobhsaíocht airgeadais agus féichiúnas príobháideach (Moltaí Tírshonracha 2 agus 5 ó 2019), agus maidir le haghaidh a thabhairt ar ghnéithe den chóras cánach lena n-éascaítear pleanáil ionsaitheach cánach ag daoine aonair agus ag cuideachtaí ilnáisiúnta (Moladh Tírshonrach 4 ó 2020 agus Moladh Tírshonrach 1 ó 2019).

I.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Cobhsaíocht airgeadais a choimirciú

Athchóiriú 1 (C3.5R1): Creat Dlíthiúil le haghaidh bainistiú géarchéime d'institiúidí creidmheasa

Is é is cuspóir don bheart feabhas a chur ar athléimneacht na hearnála baincéireachta trí chreat a thabhairt isteach le haghaidh nós imeachta comhleanúnach nithiúil chun tacú le hinfheistíúidí creidmheasa a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu.

Is éard a bheidh san athchóiriú (i) athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar an gcreat náisiúnta dócmhainneachta d'institiúidí creidmheasa chun a éifeachtacht agus a éifeachtúlacht a mhéadú, i gcomhréir leis na cleachtais Eorpacha is fearr; agus (ii) creat a leagan síos le haghaidh athchaipitliú réamhchúraim institiúidí creidmheasa agus le haghaidh uirlisí cobhsaíochta rialtais chun páirt a ghlacadh i réiteach institiúide creidmheasa.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2023.

Athchóiriú 2 (C3.5R2): Creat agus Plean Gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar iasachtaí neamhthuillmheacha

Is é is cuspóir don bheart aghaidh a thabhairt ar na rioscaí airgeadais a bhaineann le hiasachtaí neamhthuillmheacha leagáide in earnáil na baincéireachta trí leanúint de na hiarrachtaí chun cáilíocht sócmhainní na mbanc a fheabhsú agus an timpeallacht oibre a neartú chun iasachtaí a sheirbhísiú.

Is éard a bheidh san athchóiriú (i) plean gníomhaíochta a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar stoc na n-iasachtaí neamhthuillmheacha leagáide atá fágtha agus (ii) pacáiste de thrí dhlí leasaitheacha a ghlacadh maidir le cuideachtaí éadála creidmheasa agus seirbhíseoirí iasachta (seirbhíseoirí iasachta a chur faoi rialáil agus faoi mhaoirseacht ag an mBanc Ceannais; rochtain a thabhairt do sheirbhíseoirí iasachta agus do chuideachtaí fála creidmheasa ar Chlárann na Talún; agus ceanglais maidir le fógra a thabhairt a ailíniú i gcás ina gceannaíonn cuideachta éadála creidmheasa iasacht). Déanfar tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an bplean gníomhaíochta a ullmhú faoin 30 Meitheamh 2023 agus déanfaidh Comhairle na nAirí í a fhormheas, ina rianófar an

laghdú ar iasachtaí neamhthuillmheacha in earnáil na baincéireachta i dtreo na luachanna tagartha táscacha oll-chóimheas 6 % agus cóimheas 3 % glaniasachtaí neamhthuillmheacha¹⁴ agus ina molfar bearta beartais i gcás inarb iomchuí.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

Athchóiriú 3 (C3.5R3): Straitéis chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa chóras idirbheart maoine (gníomhais teidil)

Is é is cuspóir don athchóiriú aghaidh a thabhairt ar neamhéifeachtúlachtaí sa chóras chun gníomhais teidil a eisiúint agus a aistriú, rud a fhágann nach sainítear cearta maoine, go ndéantar nósanna imeachta foriaimh níos casta agus go gcuirtear bac ar leachtú comhthaobhachta.

Is éard a bheidh san athchóiriú: (i) scrúdú a dhéanamh ar chásanna atá ar feitheamh chun gníomhais teidil a eisiúint nó chun diúltú do na cásanna, (ii) síneadh a chur leis an mbeartas nua pleanála agus ceada tógála, suas le dhá aonad chónaithe faoi láthair, go ceithre aonad chónaithe i bplásán, rud a laghdóidh an t-am is gá chun ceadanna tógála agus spásúla a eisiúint, (iii) athbhreithniú ar an Dlí maidir le Rialáil Sráideanna agus Foirgneamh chun na dreasachtaí cearta a thabhairt isteach don innealtóir maoirseachta chun neamhrialtachtaí a dhíspreagadh tuilleadh a mbeadh sé mar thoradh orthu nach n-eiseofaí gníomhais teidil, (iv) leasú ar an Dlí maidir le Díol Maoine (Feidhmíocht Shonrach), lena n-áiríteofar roimh ré go ndéanfar aistriú maoine dochorraithe a fhorghníomhú a luaithe a chomhlíonfaidh an ceannaitheoir a oibleagáidí conarthacha.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 4 (C3.5R4): Creat dlíthiúil nua agus córas malartaithe sonraí agus biúró creidmheasa

Is é cuspóir an bhirt dul i ngleic le féichiúnas ard príobháideach trí fheabhas a chur ar an measúnú ar riosca creidmheasa le haghaidh iasachtú nua trí fhorbairt na clárlainne creidmheasa, chun a chur ar a chumas seirbhísí amhail scóráil creidmheasa a thairiscint i gcomhréir iomlán le rialacha cosanta sonraí.

Is éard a bheidh san athchóiriú leasú a dhéanamh ar an gcóras atá ann cheana chun sonraí creidmheasa a mhalartú, faoina bhfuil cuideachta phríobháideach atá faoi úinéireacht Chomhlachas Bhainc na Cipire ina clár creidmheasa, ionas go bhféadfar seirbhísí scórála creidmheasa a sholáthar. Is iad príomhghnéithe an leasaithe maolú a dhéanamh ar an éiginnteacht dhlíthiúil maidir le húinéireacht an chórais agus ról ar leith na clárlainne creidmheasa agus táirgí eile a thairgeann ARTEMIS mar bhiúró creidmheasa, a áirithiú go leanfaidh institiúidí creidmheasa agus creidiúnaithe eile (amhail cuideachtaí fála creidmheasa) den dualgas sonraí a bhailiú maidir le saoráidí creidmheasa, sonraí a chur ar fáil ón Roinn Dócmhainneachta, agus téarmaí agus coinníollacha rochtana ar shonraí agus a gcosaint a shainiú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú 5 (C3.5R5): Plean gníomhaíochta chun clár faireacháin dliteanais a fhorbairt

Is é is cuspóir don bheart feabhas a chur ar chumas na n-údarás beartais spriocdhírithe a cheapadh agus a chur chun feidhme chun stoc an fhiachais phríobháidigh a chosc agus a bhainistiú. Saothrófar

¹⁴ Tá na luachanna tagartha sin bunaithe ar an sainmhíniú ar iasachtaí neamhthuillmheacha mar a úsáidtear iad sa ‘Tuarascáil Faireacháin ar Tháscairí Laghdaithe Riosca’ (Samhain 2020), atá ar fáil ag https://www.consilium.europa.eu/media/46978/joint-risk-re-reduction-Monitoring-report-to-eg_november-2020_for-publication.pdf

é sin trí chlár faireacháin ar dhliteanais a chruthú lena gcumhdófar méideanna na bhfiach i leith an phobail agus i leith institiúidí creidmheasa agus cuideachtaí éadála creidmheasa chomh maith.

Is éard a bheidh san athchóiriú plean gníomhaíochta a chur chun feidhme lena mbainfidh clár dliteanais creidmheasa a dhearadh agus a fhorbairt chun tuarascálacha a ghiniúint le haghaidh cinnteoireachta agus ceapadh beartais, lena n-áirítear tuarascálacha dliteanais duine ar dhuine a chur ar fáil.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú 6 (C3.5R6): An creat dócmhainneachta a threisiú agus a neartú

Is é is cuspóir don athchóiriú sin cur chun feidhme an chreata dócmhainneachta a neartú, úsáid scéimeanna agus uirlisí dócmhainneachta a chur chun cinn, agus feidhmiú iomlán agus éifeachtach na Roinne Dócmhainneachta a áirithiú.

Is éard a bheidh san athchóiriú (i) na bearta agus na gníomhaíochtaí atá fágtha agus a shonraítear i bPlean Gníomhaíochta 2018 nár cuireadh chun feidhme cheana a chur chun feidhme agus (ii) córais dhigiteacha a chur ar bun is gá chun obair na Roinne Dócmhainneachta a fheabhsú agus lena gcuirtear úsáid na n-uirlisí dócmhainneachta chun cinn. D'fhormheas Comhairle na nAirí an Plean Gníomhaíochta in 2018, agus léiríonn sé an beartas náisiúnta do réimse na dócmhainneachta. Áireofar san athchóiriú sin gníomhaíochtaí amhail digitiú córas (feabhas a chur ar chórais atá ann cheana agus córais nua a thabhairt isteach), oiliúint a chuirtear ar fáil d'fhoireann na Roinne Dócmhainneachta, líne Seirbhíse do Chustaiméirí agus tairseach ghréasáin do chustaiméirí a chur chun feidhme, agus cur chun feidhme iomlán an chreata rialála do Chleachtóirí Dócmhainneachta.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

Athchóiriú 7 (C3.5R7): Straitéis chun Neamhlitearthacht Airgeadais a Chomhrac

Is é cuspóir an bhirt litearthacht airgeadais a chur chun cinn. Is é is aidhm dó feabhas a chur ar oideachas airgeadais laistigh den phobal i gcoitinne, feabhas a chur ar chinnteoireacht airgeadais, dearthaí agus claontachtaí míchearta a cheartú, tacú le saoránaigh atá níos eolaí agus níos freagraí ó thaobh airgeadais de agus, ar deireadh, cuidiú le feabhas a chur ar smacht aisíocaíochta fiachais.

Is éard a bheidh san athchóiriú straitéis a ullmhú chun neamhlitearthacht airgeadais a chomhrac tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) saincheisteanna na neamhlitearthachta airgeadais a shainaithint (ii) athbhreithniú a dhéanamh ar an litríocht idirnáisiúnta ar an ábhar, agus (iii) plean gníomhaíochta a sholáthar lena chur chun feidhme. Áireofar sa Straitéis spriocanna nithiúla, cuspóirí intomhaiste, na bealaí chun litearthacht airgeadais a chur chun cinn agus áireofar inti gníomhaíochtaí sonracha (bearta gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon) lena gcur chun feidhme. Áireofar leis an athchóiriú freisin cur chun feidhme iomlán bhearta gearrthéarmacha na straitéise.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 8 (C3.5R8): Maoirseacht ar Chistí Árachais agus Pinsin a fheabhsú

Is é cuspóir an bhirt maoirseacht na gcistí árachais agus pinsean a fheabhsú.

Is éard a bheidh san athchóiriú (i) cumas riaracháin na n-údarás maoirseachta a mhéadú, (ii) na huirlisí is gá a ullmhú agus a chur chun feidhme chun a áirithiú go gcomhlíonfar na creataí rialála a chuirtear in iúl don Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) (amhail an Treoir athbhreithnithe maidir le hInstitiúidí um Sholáthar Scoir Ceirde (IORP II)) agus (iii) gníomhaíochtaí maoirseachta sonracha a dhéanamh de réir pleananna mar a chuirtear in iúl do ÚEÁPC iad agus

bunaithe ar phróisis athbhreithnithe maoirseachta na n-údarás, chun cobhsaíocht airgeadais a áirithiú agus chun leasanna chomhaltaí cistí pinsin agus sealbhóirí polasaí árachais a chosaint.

Déanfaidh Roinn Chláraitheoir na gCistí Sochair Scoir Ceirde (RORBF) a dhéanann maoirseacht ar earnáil na bpinsean an fhoireann bhuan a mhéadú 13 dhuine. Déanfaidh an tSeirbhís Árachais um Rialú Cuideachtaí (ICCS) a dhéanann maoirseacht ar an earnáil árachais a pearsanra buan a mhéadú faoi thriúr.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2025.

Infheistíocht 1 (C3.5I1): Feabhas a chur ar Fheidhm Mhaoirseachta Choimisiún Urrús agus Malartaithe na Cipire

Is é is cuspóir don bheart feabhas a chur ar acmhainneacht mhaoirseachta Choimisiún Urrús agus Malartaithe na Cipire (CySec) tríd an digitiú – rud a fhágfaidh go bhféadfar maoirseacht níos fearr a dhéanamh ar idirbhearta.

Is éard a bheidh san infheistíocht ardchóras digiteach a fhorbairt, bunaithe ar néalstruchtúr, lena gcumhdófar riachtanais mhaoirseachta an Rialacháin maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach (EMIR), an Rialacháin maidir le hIdirbhearta Maoinithe Urrús (SFTR) agus an Rialacháin maidir le Margáí in Ionstraimí Airgeadais (MiFIR). Tacóidh an córas nua leis na gnéithe seo a leanas: (i) nasc a dhéanamh le mol an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margáí (ESMA); lódáil agus réamhphróiseáil sonraí idirbhirt, (ii) cuardaigh ar shonraí a chomhiomlánú agus a dhéanamh chun léargais rialála a ghiniúint (iii) tuarascálacha ar sceideal agus tuarascálacha ad hoc a ghiniúint.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Cobhsaíocht fhioscach a choimirciú

Athchóiriú 9 (C3.5R9): Feabhas a chur ar bhailiú cánach agus ar éifeachtacht na Roinne Cánach

Is é cuspóir an bhirt bailiú cánach a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, trí leibhéal níos airde digitithe agus comhlíontachta cánach, agus seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú.

Is éard a bheidh san athchóiriú aonaid chánach, nósanna imeachta agus próisis chánach éagsúla a chomhtháthú, chun seirbhís aonair do cháinióicóirí, athruithe reachtacha agus córas TF nua a chur chun feidhme agus an roinn chánach a dhigitiú. Áireofar an méid seo a leanas ar an dara ceann: (a) clárú aonair leis an mbonn cánach agus Taxisnet (le haghaidh Tuairisceáin Chánach Ioncaim a bheith á gcur isteach go leictreonach ag Daoine Aonair, Daoine Dlíthiúla agus Fostóirí); (b) próiseas comhtháite iniúcháireachta cánach bunaithe ar mheasúnú riosca; (c) iniúchadh comhtháite aisíocaíochtaí; (d) pointe aonair seirbhíse comhtháite agus feabhsaithe, lena n-áirítear íocaíocht dhíreach CBL agus gnólachtaí a nascadh le freastalaí atá i seilbh laistigh den Roinn Cánach, gan sainmheicníochtaí a úsáid; (e) próiseas chun imréitigh chánach aonair a eisiúint; (f) an fhéidearthacht go ndéanfaí coigeartuithe láithreacha ar an gcóras chun freastal ar aon athruithe ar an reachtaíocht agus/nó ar na nósanna imeachta agus chun comhéadain shlána le córais faisnéise eile a leathnú; (g) cumais anailíse sonraí agus (h) scanadh agus stóráil leictreonach na ndoiciméad páipéir uile do cháinióicóirí maidir leis an réadmhaoin (maoin dhochorraithe) agus gnóthachain chaipitiúla le paraiméadair ábhartha slándála, sláine agus rúndachta. Feabhsóidh an foirgneamh nuathógtha d'Oifig Cheantar na Niocóise comhtháite agus d'Oifig na nÍocóirí Móra Cánach na hiarrachtaí chun na hoifigí cánach ceantair a chomhtháthú sa chaipiteal, ó chúig fhoirgneamh oifige éagsúla ag suíomhanna éagsúla a mheastar a bheith mí-oiriúnach ó thaobh na teicneolaíochta de roimhe seo, agus ceadóidh sé seirbhísí do cháinióicóirí a sholáthar ó aon suíomh amháin i gceantar na Niocóise. Áireofar an méid seo a leanas ar na hathruithe reachtacha: reachtaíocht a tugadh isteach le déanaí chun cur isteach éigeantach tuairisceán cánach ag gach duine nádúrtha ag a bhfuil ioncam mar a shainmhínítear in

Airteagal 5 den Dlí Cánach Ioncaim a chur chun feidhme, gan beann ar an tairseach dar tús an bhliain chánach 2020 (faoi réir eisceachtaí).

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 10 (C3.5R10): Aghaidh a thabhairt ar Phleanáil Ionsaitheach Chánach

Is é cuspóir foriomlán na mbeart faoin athchóiriú éifeachtacht, éifeachtúlacht agus cothroime an chórais cánach a mhéadú trí imghabháil cánach agus pleanáil ionsaitheach cánach ag Fiontair Ilnáisiúnta a chomhrac.

Trí fhobheart athchóirithe éagsúla a bheidh sa bheart.

Is éard a bheidh sa chéad fhobheart athchóirithe cáin iarchoimeádta a fhorchur ar íocaíochtaí úis, díbhinní agus íocaíochtaí ríchiosa amach agus tástáil chónaitheachta sa cháin chorparáideach bhreise a thabhairt isteach bunaithe ar ionchorprú gach eintitis. Forchuirfear cáin iarchoimeádta ar dhlínsí in Iarscríbhinn I a ghabhann le liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha maidir le cúrsaí cánach, mar chéad chéim tríd an Dlí a achtú faoin 31 Nollaig 2021, lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2022.

Beidh an tástáil chónaitheachta chun críoch cánach corparáide sa bhreis ar an tástáil bhainistíochta agus rialaithe. Achtófar é faoin 31 Nollaig 2021, lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2022. Is é an chéad tástáil an bhainistíocht agus an rialú agus, i gcásanna ina bhfuil cuideachta corpraithe sa Chipir ach go ndéantar a bainistíocht agus a rialú ó dhlínse eile, measfar gur cónaitheoir cánach de chuid na Cipire í agus gearrfar cáin uirthi i gcomhréir leis an bhforáil ábhartha den Dlí Cánach Ioncaim, ar choinníoll nach bhfuil cónaí ar an gcuideachta in áit eile chun críoch cánach (chun stádas déchónaitheachta a sheachaint).

Is éard a bheidh sa dara fobheart athchóirithe cáin iarchoimeádta a thabhairt isteach ar íocaíochtaí úis, díbhinní agus íocaíochtaí ríchiosa amach le dlínsí ísealcánach. I ndáil le híocaíochtaí úis agus ríchiosa, féadfaidh údarais na Cipire an cur chuige maidir le neamh-inasbhainteacht a chur i bhfeidhm a fhiosrú ina ionad sin. Tiocfaidh an t-athrú reachtach sin i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2024.

Mar thríú fobheart athchóirithe, déanfaidh an Chipir measúnú ar éifeachtacht thacar foriomlán na mbeart a bhaineann le pleanáil ionsaitheach cánach, trí mheastóireacht neamhspleách a bheidh le tabhairt i gcrích faoin 31 Nollaig 2024. Leis an meastóireacht sin, déanfar measúnú iomlánaíoch ar chreat cánach na Cipire lena n-áirítear na bearta uile a ghlacfar faoin am sin. Mar thoradh ar an meastóireacht sin, déanfar gníomhaíocht beartais a bheidh le déanamh ag an gCipir chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh a shainaithneofar, lena n-áirítear i bhfoirm athruithe reachtacha, a thiocfaidh i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2026.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (C3.5I2): Nuachóiriú ar an gCóras Custam agus Íocaíochta Leictreonáí

Is é cuspóir an bhirt na córais leictreonacha a bheartaítear faoi Chód Custaim an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tá coinne leis go ndéanfaidh an beart foirmiúlachtaí custaim a shimpliú agus a bhrostú agus go laghdóidh sé an costas riaracháin do na páirtithe leasmhara uile agus, ar an gcaoi sin, go mbeidh bailiú ioncaim níos éifeachtúla.

Is éard a bheidh san infheistíocht dhá chóras déag a fhorbairt agus a chur i ngníomh, ina mbeidh trí chineál éagsúla: (i) na Córais Dearbhaithe (amhail Córas Fabhtála, Uathoibrithe Allmhairithe, Idirthurais, Uathoibrithe Onnmhairithe agus Rialaithe Gluaiseachta Máil), a dhéanfaidh cumarsáid leis na Comhpháirteanna Oibríochtúla, leis na Comhpháirteanna Bainistíochta agus leis na Comhéadain Sheachtracha agus úsáid á baint as an Sraith Lánpháirtíochta; (ii) na Córais Oibríochtúla, arb é a bheidh iontu Anailís Riosca, Cuntasaíocht, Iniúchadh, Taraif, Trádstóras Custaim, Bainistiú

Cásanna, Faireachas agus Cuótaí agus (iii) na Córais Bhainistíochta, arb é a bheidh iontu Bainistiú Rialacha Gnó, Bainistiú Próiseas Gnó, Bainistiú Sonraí Tagartha, IAM Immheánach agus Tuairisciú. Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

I.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
191	C3.5R1 An creat dlíthiúil maidir le Bainistiú Géarchéime d'Institiúidí Creidmheasa a thabhairt chun críche	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an gcreat náisiúnta dócmhainneachta d'institiúidí creidmheasa, agus uirlisí rialtais a thabhairt isteach chun cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú	Foráil sna dlíthe lena léirítear a dteacht i bhfeidhm	-	-	-	R3	2023	Teacht i bhfeidhm an dá phacáiste reachtacha seo a leanas: (a) an dlí maidir le 'Dócmhainneacht Institiúidí Creidmheasa' lena dtabharfar isteach solúbthacht agus na huirlisí is gá do na húdaráis inniúla chun institiúidí creidmheasa dócmhainneacha a leachtú go héifeachtach agus (b) an Dlí maidir le Cobhsaíocht Airgeadais agus Tacaíocht Airgeadais faoin Dlí Réitigh, lena leagfar síos an creat maidir le hidirghabháil rialtais, go háirithe trí athchaipitliú réamhchúraim institiúide creidmheasa agus trí uirlisí cobhsaíochta rialtais chun páirt a ghlacadh i réiteach institiúide.
192	Creat agus Plean Gníomhaíochta C3.5R2 chun aghaidh a thabhairt ar iasachtaí neamhthuillmheacha	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an phacáiste dlíthe leasaitheacha maidir le cuideachtaí éadála creidmheasa (CAC) agus seirbhíseoirí creidmheasa chun feabhas a chur ar an timpeallacht oibre le	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm na ndlíthe faoi seach	-	-	-	R4	2021	Teacht i bhfeidhm na dtrí dhlí seo a leanas: (a) Dlí 2021 maidir le Saoráidí Creidmheasa a Cheannach agus Nithe Gaolmhara (Leasú), lena gcuirfear seirbhíseoirí iasachtaí neamhthuillmheacha faoi rialú agus faoi mhaoirseacht an Bhainc Ceannais; (b) Dlí 2021 maidir le Maoín Dhochorraithe (Aistriú, Clárú agus Luacháil) (Leasú), lena dtabharfar rochtain do sheirbhíseoirí iasachtaí neamhthuillmheacha agus do chuideachtaí fála creidmheasa ar Chlárlann na Talún (c) An Dlí Fianaise (Leasaithe) 2020,

Uimhir Sheichea mhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			haghaidh bainistiú iasachtaí neamhthuillmh eacha							lena n-ailíneofar na ceanglais maidir le fógra a thabhairt i gcás ina gceannóidh cuideachta éadála creidmheasa iasacht.
193	C3.5R3 Straitéis chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa chóras idirbheart maoiné (gníomhais teidil)	Sprioc	Laghdú ar riaráiste na gcásanna chun gníomhas teidil a eisiúint trí ghníomhais teidil a eisiúint nó tríd an gcás a dhiúltú	-	% (Céatadán)	0	80	R2	2023	Laghdú ar riaráiste na gcásanna atá ar feitheamh chun gníomhais teidil a eisiúint trí ghníomhais teidil a eisiúint (an doiciméad dlíthiúil arb é atá ann fianaise ar cheart úinéireachta maoiné) nó tríd an gcás a dhiúltú. Tá gníomhais teidil le haghaidh 1 050 forbairt ar feitheamh lena measúnú, a chomhfhreagraíonn do 20 000 gníomhas teidil. As iomlán na 20 000 gníomhas teidil sin atá ar feitheamh, réiteofar 80 % díobh agus is é an toradh a bheidh air sin gníomhais teidil a eisiúint nó an cas a dhiúltú.
194	C3.5R3 Straitéis chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa chóras idirbheart maoiné (gníomhais teidil)	Garsprioc	Leathnú ar an mBeartas um Chead Pleanála agus Tógála Nua	Foraithne arna heisiúint ag an Aire Gnóthaí Baile	-	-	-	R4	2022	Leathnú an Pholasáí Nua um Chead Pleanála agus Tógála do suas le ceithre aonad cónaithe i gceapacha cónaithe. Tugtar deis sa Bheartas iarratais a chur isteach go leictreonach agus tugtar isteach spriocdhátaí socraithe chun ceadanna pleanála agus tógála a dheonú (10 go 20 lá).
195	C3.5R3 Straitéis chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa chóras idirbheart maoiné (gníomhais teidil)	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Dlí maidir le Díol Maoine (Feidhmíocht Shonrach)	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Dlí leasaithe maidir le Díol Maoine	-	-	-	R4	2022	Teacht i bhfeidhm an Dlí leasaithe maidir le Díol Maoine (Feidhmíocht Shonrach) chun leasanna na gceannaitheoirí a chosaint roimh ré. Leis an leasú, beifear in ann Teideal Gníomhais a aistriú, faoi lánábháilteacht agus faoi dheimhneacht dhlíthiúil, agus costais oibríochtúla agus moilleanna á n-íoslaghdú ag an am

Uimhir Sheichea mhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprios / Sprioc	Ainm	Táscairí cáiliúcháin (le haghaidh garspriosanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprios agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
				(Feidhmíocht Shonrach)						céanna trí sheiceálacha ag réamhcheim chun bacainní sonracha ar an aistriú a shainaithint sula n-íocfar an praghas ceannaigh. Is é an aidhm atá ann sásra a chruthú chun leasanna ceannaitheoirí maoiníochta dochorraithe a chosaint agus a áirithiú roimh ré go ndéanfar aistriú na maoiníochta dochorraithe a fhorghníomhú a luaite a chomhlíonfaidh an ceannaitheoir a oibleagáidí conarthacha.
196	C3.5R3 Straitéis chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa chóras idirbheart maoiníochta (gníomhais teidil)	Garsprios	Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Sráideanna agus Tógáil	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe Sráideanna agus Foirgníochta	-	-	-	R4	2023	Teacht i bhfeidhm an dlí lena leasaítear an Rialachán Sráideanna agus Foirgníochta lena dtabharfar isteach na dreachaí cearta don innealtóir maoirseachta chun (i) maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an tionscadail i gcomhréir leis an gcead a eisíodh, chun neamhríaltachtaí a dhíspreagadh tuilleadh a mbeadh sé mar thoradh orthu nach n-eiseofaí gníomhais teidil agus (ii) deimhniú a chur faoi bhráid an údarais inniúil lena ndeimhnítear gur cuireadh an obair i gcrích i gcomhréir leis an gcead a eisíodh.
197	C3.5R4 Creat dlíthiúil nua agus córas malartaithe sonraí agus biúró creidmheasa	Garsprios	Teacht i bhfeidhm an chreata agus an chórais um malartú reachtaíochta maidir le sonraí	Foráil sa reachtaíocht lena sonraítear teacht i bhfeidhm na reachtaíochta	-	-	-	R1	2023	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis an gcead agus leis an gcóras malartaithe sonraí ag biúró creidmheasa ARTEMIS, lena gcuirfear deireadh le baic sa chreat reatha ionas go mbeidh sé in ann seirbhísí scórála creidmheasa a sholáthar. Is iad príomhghnéithe an leasaithe ról maoirseachta Bhanc Ceannais na Cipire a leathnú, dualgas a choimeád sonraí a bhailiú le haghaidh

Uimhir Sheichea mhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáiliochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										saoráidí creidmheasa ag institiúidí creidmheasa agus ag creidiúnaithe eile, sonraí na Roinne Dócmhainneachta a sholáthar, agus téarmaí agus coinníollacha rochtana ar shonraí agus cosaint na sonraí sin a shainiú.
198	C3.5R4 Creat dlíthiúil nua agus córas malartaithe sonraí agus biúró creidmheasa	Garsprioc	Córas digiteach uasghrádaithe um malartú sonraí agus biúró creidmheasa	Scóir Chreidmheasa a Tháirgeadh go Rathúil	-	-	-	R4	2024	Cur chun feidhme iomlán agus cur i seirbhís an chórais dhigitigh uasghrádaithe um malartú sonraí ag biúró creidmheasa ARTEMIS i gcomhréir leis an reachtaíocht maidir leis an gcreat agus leis an gcóras malartaithe sonraí, agus tús a chur le soláthar seirbhísí scór creidmheasa.
199	C3.5R5 Plean gníomhaíochta chun clár faireacháin dliteanais a fhorbairt	Garsprioc	Plean Gníomhaíochta chun clár faireacháin dliteanais a fhorbairt	Formheas an Phlean Gníomhaíochta ag Comhairle na nAirí	-	-	-	R4	2022	Cuirfear ar aghaidh sa Phlean Gníomhaíochta na céimeanna is gá chun clár an mhonatóra dliteanais a thabhairt isteach lena ndéanfar an méid seo a leanas: bunachar sonraí leictreonach a úsáid, lena mbailítear sonraí maidir le dliteanais ó chreidiúnaithe poiblí agus príobháideacha éagsúla, amhail an chlár creidmheasa faoi athchóiriú C3.5R4. ceapadh agus cur chun feidhme beartas spriocdhírthe a chumasú chun féichiúnas príobháideach a chosc agus a bhainistiú.
200	C3.5R5 Plean gníomhaíochta chun clár faireacháin dliteanais a fhorbairt	Garsprioc	Plean gníomhaíochta chun clár faireacháin dliteanais a fhorbairt	Dearbhú ó Chomhairle na nAirí maidir le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta	-	-	-	R4	2024	Cur chun feidhme iomlán an Phlean Gníomhaíochta chun clár faireacháin dliteanais a fhorbairt lena ndéanfar bunachar sonraí leictreonach a úsáid, lena mbailítear sonraí maidir le dliteanais ó chreidiúnaithe poiblí agus príobháideacha éagsúla, amhail an chlár creidmheasa faoi

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáiliúcháin (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										athchóiriú C3.5R4 ceapadh agus cur chun feidhme beartas spriocdhírthe a chumasú chun féichiúnas príobháideach a chosc agus a bhainistiú.
201	C3.5R6 An creat dócmhainneachta a threisiú agus a neartú	Garsprioc	An creat dlíthiúil agus institiúideach le haghaidh dócmhainneachta a chur chun feidhme ina iomláine agus a fheidhmiú ina iomláine	Ceapadh foirne arna dheimhniú ag an Iris Oifigiúil. Formheas Chomhairle na nAirí ar an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn	-	-	-	R4	2022	An creat dlíthiúil agus institiúideach maidir le dócmhainneacht a chur chun feidhme ina iomláine agus a fheidhmiú ina iomláine tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (a) foireann a cheapadh do gach leibhéal de struchtúr eagraíochtúil na Roinne Dócmhainneachta, agus oiliúint a sholáthar don phearsanra, (b) plean cumarsáide a bhunú chun imeachtaí dócmhainneachta a chur chun cinn, (c) líne seirbhíse custaiméara a fhorghnó, (d) creat a bhunú le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach do Chleachtóirí dócmhainneachta.
202	C3.5R6 An creat dócmhainneachta a threisiú agus a neartú	Garsprioc	Oibriú na gcóras digiteach go léir a forbraíodh don Roinn Dócmhainneachta	Formheas na Tuarascála ar Dhul Chun Cinn ag Comhairle na nAirí	-	-	-	R2	2025	Méadóidh na córais dhigiteacha nua ábharthacht agus éifeachtúlacht chórais oibríochtúla agus theicniúla reatha na Roinne Dócmhainneachta.
203	C3.5R7 Straitéis chun Neamhlitearthacht Airgeadais a Chomhrac	Garsprioc	Straitéis chun Neamhlitearthacht Airgeadais a Chomhrac	Formheas na Straitéise chun Neamhlitearthacht Airgeadais a Chomhrac ag Comhairle na nAirí	-	-	-	R4	2023	Áireofar sa Straitéis chun Neamhlitearthacht Airgeadais a Chomhrac spriocanna nithiúla, cuspóirí intomhaiste, na bealaí chun litearthacht airgeadais a chur chun cinn agus áireofar inti gníomhaíochtaí sonracha don chur chun feidhme (bearta gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon). Áireofar leis

Uimhir Sheichea mhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprios / Sprioc	Ainm	Táscairí cáiliúchála (le haghaidh garspriosanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprios agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										an athchóiriú freisin cur chun feidhme iomlán bhearta gearrthéarmacha na straitéise.
204	C3.5R8 Maoirseacht ar Chistí Árachais agus Pinsin a fheabhsú	Sprioc	Acmhainní daonna an Chiste um Shochair Scoir Ceirde (RORBF) agus na Seirbhíse Árachais um Rialú Cuideachtaí (ICCS) a neartú	-	Líon	0	16	R1	2025	Foireann trí fhostaí déag a mhéadú do Chláraitheoir na gCistí Sochair Scoir Ceirde (RORBF) agus triúr fostaíthe don tSeirbhís Árachais um Rialú Cuideachtaí (ICCS). Méadú buan ar an bhfoireann a bheidh i gceist leis sin.
205	C3.5R8 Maoirseacht ar Chistí Árachais agus Pinsin a fheabhsú	Garsprios	Uirlisí maoirseachta lena n-áirítear uirlis bailithe agus anailíse sonraí	Uirlisí tacaíochta chun maoirseacht ar chistí pinsean agus ar chuideachtaí árachais a fheabhsú	-	-	-	R4	2023	Cur chun feidhme iomlán na n-uirlisí (amhail nósanna imeachta, seicliostaí, iarratais oiriúnachta agus cuibhis) is gá chun reachtaíocht nua a chomhlíonadh (lena ndéantar foráil maidir le bunú, gníomhaíochtaí agus maoirseacht an Dlí um Shochair Scoir Cheirde 2020 -L 10(I)/2020 agus reachtaíocht an Dlí Árachais agus Atharachais Gnó agus Saincheisteanna Gaolmhara Eile 2016 (Uimh. 38(I)/2016).
206	C3.5I1 Feabhas a chur ar Fheidhm Mhaoirseachta Choimisiún Urrús agus Malartuithe na Cipire	Garsprios	Córas digiteach chun maoirseacht a dhéanamh ar idirbhearta don Chipir Securities and	Fíoraíonn an coiste bainistíochta tionscadal go nglactar le táirgí insoláthartha in am trátha; agus	-	-	-	R4	2023	Córas digiteach nua maoirseachta ar idirbhearta a chur chun feidhme gohiomlán. Beidh na gnéithe seo a leanas ag an gcóras digiteach nua: - Sonraí Idirbhearta a lódáil agus a réamhphróiseáil. - Comhiomlánuithe agus fiosruithe maidir le sonraí chun léargais rialála a ghiniúint.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			Exchange Commission	cáilíocht agus caighdeán mar a shonraítear i ndoiciméid tairisceana						- Tuarascálacha ar sceideal agus tuarascálacha ad hoc a ghiniúint.
207a	C3.5R9 Feabhas a chur ar bhailiú cánach agus ar éifeachtacht na Roinne Cánach	Garsprioc	Feidhmiú Seirbhísí CBL laistigh de Chóras Comhtháite Riaracháin Cánach (ITAS)	Formheas an Bhoird Tionscadail ar na Táirgí Insoláthartha Tionscadail chun Córas nua comhtháite CBL a chur i gcrích, a shuiteáil agus a oibriú	-	-	-	R1	2022	Cuirfidh Roinn Cánach na Cipire (CTD) Córas Comhtháite Riaracháin Cánach (ITAS) i bhfeidhm a thacóidh le feidhmiúlachtaí agus próisis an riaracháin cánach. Déanfar na feidhmiúlachtaí a bhaineann leis na Seirbhísí CBL a chomhlánú agus a oibriú laistigh den chóras sin.
207b	C3.5R9 Feabhas a chur ar bhailiú cánach agus ar éifeachtacht na Roinne Cánach	Garsprioc	Ceannach an fhoirgnimh nua d'Oifig Cheantar comhtháite na Niocóise agus d'Oifig na nÍocóirí Cánach Móra	Ceannach agus tús na n-oibríochtaí a chur i gcrích				R3	2023	Ceannaíodh an foirgneamh nua d'Oifig Cheantar comhtháite na Niocóise agus d'Oifig na nÍocóirí Cánach Móra.
208	C3.5R9 Feabhas a chur ar bhailiú cánach agus ar éifeachtacht na Roinne Cánach	Garsprioc	Comhtháthú oibríochtaí na roinne riaracháin cánach díri laistigh de ITAS	Formheas an Bhoird Tionscadail ar na Táirgí Insoláthartha Córais chun ITAS a	-	-	-	R2	2024	Beidh na seirbhísí riaracháin cánach a bhaineann le cánacha díreacha daoine nádúrtha agus dlítheanacha (sa bheis ar CBL) oibríochtúil laistigh de ITAS.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
				shuiteáil agus a oibriú le haghaidh cánacha díreacha agus tuarascáil inghlacthachta beo						
209	C3.5R10 Aghaidh a thabhairt ar Phleanáil Ionsaitheach Chánach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí chun dul i ngleic le pleanáil ionsaitheach cánach	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí	-	-	-	R4	2022	Teacht i bhfeidhm dlí chun dul i ngleic le pleanáil ionsaitheach cánach trí (a) cháin iarchoimeáda a fhorchur ar ús, díbhinní agus íocaíochtaí ríchiosa le dlínsí a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibriocha chun críoch cánach agus (b) tástáil chónaitheachta eile sa cháin chorpáraide a thabhairt isteach bunaithe ar ionchorprú gach eintitis.
210	C3.5R10 Aghaidh a thabhairt ar Phleanáil Ionsaitheach Chánach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí chun dul i ngleic le pleanáil ionsaitheach cánach trí íocaíochtaí le dlínsí ísealchánach	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí	-	-	-	R4	2024	Teacht i bhfeidhm dlí chun dul i ngleic le pleanáil ionsaitheach cánach trí íocaíochtaí le dlínsí ísealchánach trí cháin iarchoimeáda ar ús, díbhinní agus íocaíochtaí ríchiosa le dlínsí ísealchánach a thabhairt isteach. I ndáil le híocaíochtaí úis agus ríchiosa, féadfaidh údaráis na Cipire an cur chuige maidir le neamh-inasbhainteacht a chur i bhfeidhm a fhiosrú ina ionad sin.
211	C3.5R10 Aghaidh a thabhairt ar Phleanáil	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm athruithe reachtacha lena	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i	-	-	-	R2	2026	Déanfaidh an Chipir measúnú ar éifeachtacht thacar foriomlán na mbeart a bhaineann le pleanáil ionsaitheach cánach, trí mheastóireacht neamhspleách

Uimhir Sheichea mhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gerích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Ionsaitheach Chánach		dtugtar aghaidh ar thorthaí meastóireachta neamhspleách e ar éifeachtacht na mbeart a bhaineann le pleanáil ionsaitheach cánach	bhfeidhm an dlí						a bheidh le tabhairt i gerích faoin 31 Nollaig 2024. Leis an meastóireacht sin, déanfar measúnú iomlánaíoch ar chreat cánach na Cipire lena n-áirítear na bearta uile a ghlacfar faoin am sin. Mar thoradh ar an meastóireacht sin, déanfar gníomhaíocht beartais a bheidh le déanamh ag an gCipir, lena n-áirítear i bhfoirm athruithe reachtacha chun aghaidh a thabhairt ar aon easnamh a shainaitheofar.
212	C3.5I2 Nuachóiriú ar an gCóras Custaim agus Íocaíochta Leictreonaí	Sprioc	Na córais faisnéise a bheartaítear faoi Chód Custaim an Aontais (CCA) a chur i bhfeidhm	-	Líon	0	2	R4	2023	Rinneadh dhá cheann ar a laghad de na córais faisnéise seo a leanas a bhaineann le hallmhairiú a chomhlánú, a shuiteáil agus a chur i bhfeidhm: 1. Córas Onnmhairiúcháin Uathoibrithe 2. Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais 3. Ionad Ilfhreastail AE 4. Cód Custaim an Aontais 5. Bainistíocht Ráthaíochtaí 6. Cód Custaim an Aontais 7. FAISNÉIS 3 8. Cód Custaim an Aontais - Córas Rialaithe Allmhairí 2 9. Iarratais Allmhairiúcháin faoi Chód Custaim an Aontais 10. Feidhmíocht an Aontais Custaim – Córas Faisnéise Bainistíochta 11. Cód Custaim an Aontais Cruthúnas ar Stádas Aontais 12. Bainistiú Aonfhoirmeach Úsáideoirí agus Síniú Digiteach

Uimhir Sheichea mhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garspíoc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilióchtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
213	C3.5I2 Nuachóiriú ar an gCóras Custaim agus Íocaíochta Leictreonaí	Sprioc	Na córais faisnéise atá beartaithe faoi Chód Custaim an Aontais a chur i bhfeidhm	-	Líon	2	12	R4	2025	Tá an 12 chóras faisnéise curtha i gcrích, suiteáilte agus curtha i bhfeidhm

J. COMHPHÁIRT 4.1: Bonneagar nascachta a uasghrádú

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin bhonneagair i réimse na nascachta sonraí, go háirithe i gceantair thuaithe, d'fhonn an deighilt tuaithe-uirbeach a chúngú, chomh maith le difríochtaí maidir le hinscne, aois, ioncam agus oideachas.

Is é is cuspóir don chomhpháirt feabhas a chur ar rochtain ar bhonneagar cumarsáide do na saoránaigh uile, agus ar an gcaoi sin an bhearna dhigiteach a dhúnadh agus tacú le claochlú digiteach cuimsitheach.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar an moladh tírshonrach maidir le hinfheistíocht san aistriú digiteach agus sa digitíú (Moladh Tírshonrach 4 de 2019 agus Moladh Tírshonrach 3 de 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

J.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C4.1R1): An tÚdarás Rialála Náisiúnta (OCECPR) a chumhachtú

Is é is cuspóir don bheart infheistíochtaí i Líonraí Fíor-Ardacmhainneachta (VHCN) i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu a éascú agus dlús a chur leo tríd an bhfaisnéis ábhartha a sholáthar do pháirtithe leasmhara chun trédhearcacht a fheabhsú agus chun feabhas a chur ar na dreasachtaí d'oibreacha margaidh infheistíocht níos tapúla a dhéanamh i líonraí fíor-ardacmhainneachta, rud a mhéadóidh nascacht sa Chipir.

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú na huirlisí cuí a chur ar fáil, trí reachtaíocht thánaisteach a ghlacadh, d'Oifig an Choimisinéara um Chumarsáid Leictreonach agus um Rialáil Poist (OCECPR) chun suirbhé a sheoladh chun sonraí geografacha a bhailiú maidir le líonraí cumarsáide leictreonaí. Beidh rochtain ar na sonraí ansin trí thairseach ghréasáin lena soláthrófar faisnéis mhionsonraithe maidir le leathadh amach líonraí i limistéir ina bhfuil gá leo. Tá coinne leis go gcuideoidh sé sin leis an mbearna le hinfheistíochtaí príobháideacha le haghaidh líonraí fíor-ardacmhainneachta a dhúnadh.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú 2 (C4.1R2): An Oifig Náisiúnta Inniúlachta Leathanbhanda (DEC an DMRIDP) a chumhachtú

Is é is cuspóir don bheart carnadh bonneagair líonraí fíor-ardacmhainneachta a éascú trí na nósanna imeachta riaracháin is gá lena imscaradh a shimpliú agus an Moladh maidir leis an mBosca Uirlisí um Nascacht á chur chun feidhme ag an am céanna (sraith dea-chleachtas chun an costas a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí a imscaradh a laghdú agus le haghaidh rochtain éifeachtúil ar speictream raidió 5G).

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú na scrogaill riaracháin agus na bacainní ar imscaradh tapa líonraí fíor-ardacmhainneachta agus bearta féideartha chun aghaidh a thabhairt orthu a shainaithint. Tiocfaidh reachtaíocht i bhfeidhm ina dhiaidh sin chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar scrogaill agus bacainní den sórt sin.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2024.

Infheistíocht 1 (C4.1I1): Líonraí an-ardtoillte a leathnú i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu

Is é is cuspóir don bheart feabhas a chur ar nascacht le líonraí fíor-ardacmhainneachta (amhail snáithín agus 5G), trí thacú le forbairt líonraí fíor-ardacmhainneachta i limistéir nach bhfuil leas príobháideach ag baint leo agus, ar an gcaoi sin, aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí críochacha maidir le hinfhaighteacht leathanbhanda.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tairiscintí poiblí a eagrú trí nós imeachta tairisceana oscailte atá dírithe ar oibreoirí teileachumarsáide chun conraitheoirí a roghnú a thabharfaidh faoi dhearadh, tógáil agus oibriú an líonra, chomh maith le cuid den mhaoiniú. Meastar go roinnfear críoch gheografach Phoblacht na Cipire atá faoi rialú Rialtas na Cipire ina trí bheart. Socrófar uasmhéid na ranníocaíochta airgeadais poiblí ar leithligh do gach luchtóg, agus meastar go n-áireofar sna critéir dhámhachtana an tacaíocht phoiblí a iarradh chomh maith leis an bpraghas a thairgtear d'úsáideoirí deiridh agus d'oibreoirí miondíola eile. Forchuirfear oibleagáidí mórdhíola ar na conraitheoirí.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 2 (C4.1I2): Uasghrádú a dhéanamh ar an nasc idirlín ionas go mbeidh sé 'réidh don ghigighiotán' agus glacadh nascachta a chur chun cinn

Is iad cuspóirí an bhirt an t-aistriú digiteach a spreagadh trí thacú le glacadh forleathan líonraí fíor-ardacmhainneachta.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht scéim fóirdheontais éilimh (dearbháin) a chur chun feidhme, atá dírithe go heisiach ar dhaoine fisiciúla (i.e. gan fiontair a áireamh), iad a spreagadh chun dul ar aghaidh lena nasc idirlín a uasghrádú trí liostáil le seirbhís idirlín atá réidh le Gigighiotán. Baineann sé le haonaid tionóntaí aonair, chomh maith le hárasáin i bhfoirgnimh ilteaghaisí nach bhfuil aon nasc acu atá in ann tacú le seirbhísí fíor-ardacmhainne. Socrófar luach an dearbháin in aghaidh an áitribh. Beidh úsáideoirí deiridh in ann soláthraí seirbhíse agus an teicneolaíocht is rogha leo a roghnú chun an nasc a uasghrádú. Tar éis an nasc a uasghrádú, uaslódálfaidh suiteálaithe sa chóras TF an deimhniú 'réidh don ghigighiotán' don teaghlach, mar aon leis an bhfoirm ghlactha arna síniú ag an úinéir/tionónta a d'eisigh an dearbhán, rud a spreagfaidh fuascailt an dearbháin.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

J.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir Sheicheamhach	Ábhartha Tomhas (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
214	C4.1R1 An tÚdarás Rialála Náisiúnta (OCECPR) a chumhachtú	Garsprioc	Seoladh an tsuirbhé gheografaigh agus teacht i bhfeidhm na reachtaíochta tánaistí	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta tánaistí agus seoladh an tsuirbhé	-	-	-	R1	2022	Tiocfaidh an reachtaíocht thánaisteach i bhfeidhm agus cumhdóidh sí na príomhghnéithe a bhaineann leis an tsuirbhé amhail cineál, méid na hanailíse agus foirm na faisnéise is gá, chomh maith leis na daoine a n-iarrtar an fhaisnéis is gá orthu. Seoladh an tsuirbhé gheografaigh ar raon na líonraí leictreonacha atá in ann líonraí leathanbhanda agus bonneagair fhisiceacha a sholáthar bunaithe ar Airteagal 22 den Chód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach.
215	C4.1R1 An tÚdarás Rialála Náisiúnta (OCECPR) a chumhachtú	Garsprioc	Tá an tairseach ghréasáin maidir le mapáil leathanbhanda agus bonneagair oibriochtúil agus inrochtana don spriocphobal	Tá rochtain ar an tairseach ghréasáin maidir le mapáil leathanbhanda agus bonneagair	-	-	-	R4	2024	Déantar an tairseach ghréasáin maidir le mapáil leathanbhanda agus bonneagair a chomhlánú, a thástáil, a oibriú agus a chur ar fáil don spriocphobal (amhail Oifig an Choimisinéara um Chumarsáid Leictreonach agus Rialáil Poist, Údarais Phoiblí, Oibreoirí Líonra Cumarsáide Leictreonaí agus úsáideoirí deiridh).
216	C4.1R2 An Oifig Náisiúnta Inniúlachta Leathanbhanda (DEC an DMRIDP) a chumhachtú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha riaracháin maidir le himscaradh líonraí fíor-ardacmhainne	Foráil sna ngníomhartha riaracháin lena léirítear teacht i bhfeidhm na ngníomhartha faoi seach	-	-	-	R2	2024	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha riaracháin lena gcuíchóireofar agus lena laghdófar go héifeachtach bacainní riaracháin (amhail nósanna imeachta deonaithe ceadanna a ghiorrú agus táillí a ísliú chomh maith le rochtain ar bhonneagar fhisiceach a éascú) chun líonraí fíor-ardacmhainne a imscaradh i gcomhréir leis an Moladh maidir leis an mBosca Uirlisí Nascachta

Uimhir Sheicheamhach	Ábhartha Tomhas (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilióchtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										(lena n-áirítear sraith dea-chleachtas chun an costas a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí a chur in úsáid agus le rochtain éifeachtúil ar speictream raidió 5G a laghdú).
217	C4.1I1 Líonraí An-Ardtoillte a leathnú i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu	Garsprioc	Tús le himscaradh líonraí fíor-ardacmhainne i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu	Conarthaí sínithe le conraitheoirí chun líonraí fíor-ardacmhainne a imscaradh i réimsí nach bhfuil aon leas ag infheisteoirí príobháideach a líonra fíor-ardacmhainne iontu	-	-	-	R4	2023	Síníodh conarthaí le conraitheoirí, a bheidh roghnaithe trí nós imeachta tairisceana oscailte, chun líonraí fíor-ardacmhainne a imscaradh (go háirithe líonraí fosaithe agus móibíleacha (5G) a thairgeann luas íoslódála 100Mbps ar a laghad, a bheidh in-uasghrádaithe go héasca go Gigighiotán le haghaidh rochtain fhosaithe) i réimsí nach bhfuil aon leas ag infheisteoirí príobháideacha líonra fíor-ardacmhainne iontu.
218	C4.1I1 Líonraí An-Ardtoillte a leathnú i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu	Sprioc	Cur in úsáid líonraí fíor-ardacmhainne a leathnú i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu	-	Líon	0	10 000	R4	2024	Tá 10 000 áitreabh ar a laghad i limistéir nach bhfuil spéis ag infheisteoirí príobháideacha i líonraí fíor-ardacmhainne iontu cumhdaithe ag líonraí fíor-ardacmhainne a bhfuil líonra fosaithe nó móibíleach (5G) acu, lena dtairgtear luas íoslódála 100Mbps ar a laghad, a bheidh in-uasghrádaithe go héasca go Gigighiotán (i gcás líonraí fosaithe).
219	C4.1I1 Líonraí An-Ardtoillte a leathnú i limistéir nach	Sprioc	Cur in úsáid líonraí fíor-ardacmhainne a thabhairt chun críche i limistéir nach	-	Líon	10 000	44 000	R4	2025	Tá 44 000 áitreabh ar a laghad i limistéir nach bhfuil spéis ag infheisteoirí príobháideacha i líonraí fíor-ardacmhainne iontu cumhdaithe ag líonraí fíor-ardacmhainne a bhfuil líonra fosaithe nó móibíleach (5G) acu, lena dtairgtear luas íoslódála 100Mbps ar a laghad, a bheidh in-

Uimhir Sheicheamhach	Ábhartha Tomhas (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	ndéantar freastal ceart orthu		ndéantar freastal ceart orthu							uasghrádaithe go héasca go Gigighiotán (i gcás líonraí fosaithe).
220	C4.1I2 Uasghrádú a dhéanamh ar an nasc idirlín ionas go mbeidh sé 'réidh don ghigighiotán' agus glacadh nascachta a chur chun cinn	Sprioc	Méadú ar ghlacadh naisc idirlín atá réidh don ghigighiotán ag teaghlaigh	-	Líon	0	24 300	R2	2023	Rinneadh uasghrádú ar an nasc idirlín chun tacú le nascacht ghigighiotáin a sholáthar i 24 300 teach ar a laghad.
221	C4.1I2 Uasghrádú a dhéanamh ar an nasc idirlín ionas go mbeidh sé 'réidh don ghigighiotán' agus glacadh nascachta a chur chun cinn	Sprioc	Glacadh nasc idirlín atá réidh don ghigighiotán ag teaghlaigh a thabhairt i gcrích	-	Líon	24 300	82 000	R2	2025	Rinneadh uasghrádú ar an nasc idirlín chun go mbeifear in ann tacú le nascacht ghigighiotáin a sholáthar i 82 000 teach ar a laghad.

K. COMHPHÁIRTÍ 4.2: RÍOMHRIALTAS A CHUR CHUN CINN

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire, rannchuidítear le dlús a chur le claochlú digiteach na Cipire trí sheirbhísí rialtais a dhigitiú lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht agus soláthar seirbhísí ar líne, slána agus prasa do shaoránaigh, ar bhealach atá soláimhsithe, éifeachtúil agus éifeachtach. Táthar ag súil go n-éascóidh sé sin an idirghníomhaíocht idir saoránaigh agus na seirbhísí poiblí, gan gá le láithreach fhisiciúil.

Is é cuspóir na comhpháirte ailtireacht dhigiteach shlán, chomhtháite agus nua-aimseartha a thógáil chun an t-aistriú go rialtas digiteach a bhaint amach.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar an moladh tírshonrach maidir le hinfheistíocht san aistriú digiteach agus sa digitiú (Moladh Tírshonrach 4 de 2019 agus Moladh Tírshonrach 3 de 2020).

K.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C4.2R1): Monarcha na Seirbhísí Digiteacha (DSF)

Is é cuspóir an bhirt Samhail nua Seachadta Seirbhíse a thógáil chun seirbhísí digiteacha ar ardchaighdeán ó cheann go ceann a fhorbairt don phobal, ar bhealach atá soláimhsithe, éifeachtúil agus éifeachtach lena n-éascófar ar deireadh an idirghníomhaíocht le seirbhísí poiblí, gan gá le láithreach fhisiciúil.

Is éard a bheidh san athchóiriú an tsamhail seachadta nua sin, DSF, a dhearadh agus a fhorbairt. Ar an gcéad dul síos, bunófar leis an tionscadal (i) príomhfhoireann DSF (ina mbeidh saineolaithe ó speisialtachtaí éagsúla a bhfuil na scileanna agus na cáilíochtaí iomchuí acu), (ii) saineofar na caighdeáin agus na nósanna imeachta chun seirbhísí digiteacha a fhorbairt, agus (iii) tógfar agus forbrófar roinnt seirbhísí digiteacha. Ar an dara dul síos, agus úsáid á baint as na modheolaíochtaí a shainítear, forbrófar seirbhísí digiteacha ar bhealach tionsclaíthe, i gcomhar leis an earnáil phríobháideach. Cuirfear seirbhísí ar fáil go slán do shaoránaigh trí thairseach aonair suímh gréasáin de chuid an rialtais Gov.Cy. Táthar ag súil go mbeidh céannacht aonair sínithe isteach agus dhigiteach ar na príomhchumasóirí bunúsacha chun ríomhsheirbhísí a sholáthar go slán. Ina theannta sin, táthar ag súil go n-úsáidfear sásraí coiteanna atá ann cheana amhail ‘ríomhíocaíocht’ lena dtairgtear roinnt modhanna íocaíochta (amhail víosaí, íocaíochtaí meandracha agus baincéireacht dhíreach) agus ‘fógra’ (amhail SMS, ríomhphost).

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú 2 (C4.2R2): Beartas nua néalríomhaireachta a shainiú agus a chur chun feidhme maidir le córais agus seirbhísí TF rialtais

Is é cuspóir an bhirt beartas néalríomhaireachta an rialtais a mhionsaothrú, go háirithe aicmiú sonraí, cónaí sonraí, óstáil agus oibriú chórais TF an rialtais i dtimpeallacht néalríomhaireachta poiblí nó i dtimpeallacht néalríomhaireachta príobháidí rialtais (G-Cloud).

Is éard a bheidh san athchóiriú G-Cloud a chur ar bun chun córais TF agus seirbhísí digiteacha ranna/aireachtaí rialtais áirithe (amhail clárúitheoir na gcuideachtaí, an córas custaim agus córas na roinne cánach) a óstáil. Gheofar dhá lárionad sonraí áitiúla trí chíos, agus gheofar seirbhísí comhairliúcháin chomh maith le hoiliúint chun G-Cloud a fhorbairt. Táthar ag súil freisin go n-eiseofar tairiscint chun timpeallacht G-Cloud a fhorbairt agus a oibriú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 3 (C4.2R3): Digiteáil nósanna imeachta póilíneachta (‘Digipol’)

Is é cuspóir an bhirt deireadh a chur le húsáid nósanna imeachta páipéir agus láithreach fhisiciúil na saoránach trí bhogadh chuig nósanna imeachta digitithe d'Fhórsa Póilíneachta na Cipire. Meastar go rachaidh sé sin chun tairbhe do shaoránaigh agus d'oifigigh phóilíneachta araon toisc go mbeidh na nósanna imeachta simplithe agus éifeachtúil.

Is éard a bheidh san athchóiriú ardán nua (Digipol) a chruthú ina mbeidh éilimh ar nósanna imeachta póilíneachta agus ar sheirbhísí do shaoránaigh chun cianchumarsáid a bhaint amach. Bainfidh saoránaigh agus póilíní araon úsáid as. Chun an glacadh a uasmhéadú, eagrófar oiliúint (amhail cúrsaí ar líne, fiseáin, teoracha céim ar chéim) do phóilíní agus do shaoránaigh chun cabhrú leis an aistriú chuig seirbhísí ar líne.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2025.

Athchóiriú 4 (C4.2R4): Clárlann na húinéireachta tairbhiúla a bhunú

Is é cuspóir an bhirt an clár a bhunú chun sonraí úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach uile agus na n-eintiteas dlíthiúil eile uile a chur isteach. Cuirfidh clárú den sórt sin feabhas ar mhuinín chorparáideach agus ar thrédhearcacht sa Chipir trína shoiléiriú cé leis cuideachtaí agus eintitis dhlíthiúla eile agus cé a rialaíonn iad ar deireadh.

Is éard a bheidh san athchóiriú an clár a chur ar bun. Faoi láthair, forbraíodh ardán ar líne mar réiteach eatramhach ach tá a fheidhmiúlachtaí teoranta. Is é a bheidh mar thoradh ar an athchóiriú réiteach ag a mbeidh na feidhmiúlachtaí uile is gá chun tacú le cothabháil an chláir agus le bainistiú na faisnéise ábhartha (amhail fógraí a sheoladh amach maidir le nuashonrú, táillí comhdaithe dhéanacha a fhorfheidhmiú, saoráidí cuardaigh ag a bhfuil leibhéil rochtana fhorordaithe). Táthar ag súil go dtacóidh sé sin le clárú shonraí úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach uile agus na n-eintiteas dlíthiúil eile uile agus go mbainfidh sé idirnascadh amach le cláir úinéireachta tairbhiúla na mBallstát eile.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 1 (C4.2I1): Digiteáil in aireachtaí/seirbhísí éagsúla rialtais láir

Is é is cuspóir don bheart príomhshreabha oibre i roinnt aireachtaí agus seirbhísí rialtais láir a dhigitiú, éifeachtúlacht i soláthar seirbhísí rialtais a fheabhsú, comhlíonadh rialachán rialtais a shimpliú, rannpháirtíocht na saoránach agus muinín as an rialtas a neartú, agus coigilteas costais a bhaint amach.

Is éard a bheidh san infheistíocht digitiú sna haireachtaí, sna Leas-Aireachtaí nó sna seirbhísí seo a leanas de chuid an rialtais: (i) Roinn Iompair de Bhóthar na hAireachta Iompair, Cumarsáide agus Oibreacha, (ii) Leas-Aireacht Loingseoireachta, (iii) An Aireacht Gnóthaí Eachtracha, (iv) Ard-Stiúrthóireacht an Fháis agus (v) An Roinn Pleanála Baile agus Tithíochta san Aireacht Gnóthaí Baile (don Oidhreacht Ailtireachta). Áireofar le digiteáil Ard-Stiúrthóireacht an Fháis córas stórais neamhbhuana agus Córas Faisnéise Faireacháin críochnaitheach tiomnaithe a fhorbairt chun na sonraí ábhartha a bhaineann le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta a thairfeadh agus a stóráil (go háirithe maidir le garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach, sonraí maidir le faighteoirí deiridh, conraitheoirí, fochonraitheoirí agus úinéirí tairbhiúla).

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 2 (C4.2I2): Údarás Calafort na Cipire a dhigitiú

Is é cuspóir an bhirt digitiú a dhéanamh ar phríomhphróisis in Údarás Calafóirt na Cipire (CPA) chun feabhas a chur ar a n-éifeachtúlacht agus ar a n-éifeachtacht, lena n-áirítear cumarsáid idir soithí agus na húdaráis ábhartha agus feabhsuithe ar fhaireachán a dhéanamh ar thrácht soithí in uiscí na Cipire. Is é is aidhm don dara ceann loingseoireacht shábháilte soithí a áirithiú, an baol go ndéanfar damáiste don chomhshaol de dheasca doirteadh timpistí a laghdú agus astaíochtaí soithí a laghdú trí bhealaí níos éifeachtúla a bhreacadh.

Is éard a bheidh san infheistíocht (i) roinnt uasghráduithe ar bhonneagar líonra, crua-earraí agus bogearraí CPA, agus acmhainneacht freastalaí; (ii) Córais Bainistíochta Acmhainní Daonna nua a ionchorprú chun nósanna imeachta a uathoibriú; (iii) ollchóiriú a dhéanamh ar Chóras reatha an Chomhphobail Calafóirt chun éifeachtúlacht na hearnála muiriompair a mhéadú agus chun ualaí riaracháin a laghdú; agus (iv) Stáisiún Rialaithe Tráchta Ártach a shuiteáil ag Calafóirt Larnaca agus Vassiliko (sa bhreis ar an gceann atá ann cheana i gcalafort Limassol).

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

K.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
224	C4.2R1 Monarcha na Seirbhísí Digiteacha	Garsprioc	Sainmhíniú ar an tSamhail Seachadta Seirbhíse le haghaidh Monarcha na Seirbhísí Digiteacha	Cinneadh ceapacháin an Leas-Aire Taighde, Nuálaíochta agus Beartais Dhigitigh lena mbunaítear an fhoireann; foilsíú na gcaighdeán ar shuíomh gréasáin na Leas-Aireachta	-	-	-	R4	2022	Sainmhíníodh an tSamhail Seachadta Seirbhíse don Mhonarcha Seirbhísí Digiteacha ionas gur féidir seirbhísí digiteacha ardcháilíochta agus soláimhsithe a sholáthar go héifeachtúil don phobal. Áireofar leis sin: (a) croí-foireann na Monarchan Seirbhísí Digiteacha a bhunú (lena n-áirítear soláthar seirbhísí saineolaithe ón earnáil phríobháideach), agus (b) sainmhíniú ar na caighdeáin agus na nósanna imeachta chun seirbhísí digiteacha a fhorbairt.
225	C4.2R1 Monarcha na Seirbhísí Digiteacha	Sprioc	Leathnú ar sholáthar seirbhísí rialtais ar líne tríd an Monarcha Seirbhísí Digiteacha	-	Líon	0	20	R4	2023	20 seirbhís neamhdhigiteacha ar a laghad a dhigitiú agus a sheachadadh ar líne don phobal tríd an Monarcha Seirbhísí Digiteacha, agus úsáid á baint as an tSamhail Seachadta Seirbhíse shainithe (faoi gharsprioc le huimhir sheicheamhach 224) agus modheolaíochtaí lúfara.
226	C4.2R1 Monarcha na Seirbhísí Digiteacha	Sprioc	Seachadadh ar líne 70 seirbhís neamhdhigiteach a ar a laghad don phobal tríd an Monarcha Seirbhísí Digiteacha	-	Líon	20	70	R2	2026	70 seirbhís neamhdhigiteacha ar a laghad a dhigitiú agus a sheachadadh ar líne don phobal tríd an Monarcha Seirbhísí Digiteacha, agus úsáid á baint as an tSamhail Seachadta Seirbhíse shainithe (faoi gharsprioc le huimhir sheicheamhach 224) agus modheolaíochtaí lúfara.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
227	C4.2R2 Beartas nua néalríomhaireacht a a shainiú agus a chur chun feidhme maidir le córais agus seirbhísí TF rialtais	Garsprioc	Tá néal an rialtais (G-cloud) ag feidhmiú	Seirbhísí a aistríodh go G-cloud	-	-	-	R4	2024	Tá G-cloud oibríochtúil, ag soláthar seirbhísí scamall le haghaidh stórála sonraí do Chláraitheoir na gCuideachtaí, an Monarcha Seirbhísí Digiteacha, agus an córas custaim ar a laghad. Aistríodh na trí sheirbhís seo chuig an G-scamall agus níl siad ag úsáid an tseanchórais TF a thuilleadh.
228	C4.2R2 Beartas nua néalríomhaireacht a a shainiú agus a chur chun feidhme maidir le córais agus seirbhísí TF rialtais	Sprioc	Tá néal an rialtais (G-cloud) in dhá lárionad sonraí oibríochtúil agus cuireann sé néalseirbhísí ar fáil	-	Líon	0	2	R4	2025	Beidh G-néal in dhá lárionad sonraí nua ag feidhmiú go hiomlán, lena n-áirítear na háitribh, na crua-earraí agus na bogearraí, agus tairgfídh siad néalseirbhísí do chórais TF rialtais.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
229	C4.2R3 Digipol – Nósanna Imeachta Póilíneachta a dhigitiú	Garsprioc	Fréamhshamhail Digipol oibríochtúil	Dearbhú ó Phóilíní na Cipire lena ndeimhnítear go bhfuil an t-ardán fréamhshamhla (Digipol) oibríochtúil	-	-	-	R2	2023	Tá an t-ardán fréamhshamhla (Digipol) oibríochtúil. Is iad na póilíní a bheidh ina n-úsáideoirí agus beidh rochtain acu ar an bhfréamhshamhail Digipol chun críoch eolais agus oiliúna.
230	C4.2R3 Digipol – Nósanna Imeachta Póilíneachta a dhigitiú	Sprioc	Baineann saoránaigh úsáid as Digipol	-	Líon	0	500	R3	2025	Beidh rochtain ar líne ar Digipol trí bhonneagar TFC Phóilíní na Cipire. Bhain 500 saoránach ar a laghad úsáid as ceann amháin nó níos mó de na seirbhísí atá ar fáil ar ardán Digipol do shaoránaigh.
231	C4.2R4 Clárlann na húinéireachta tairbhiúla a bhunú	Garsprioc	Clár úinéireachta tairbhiúla ar fáil le húsáid	Clár úinéireachta tairbhiúla atá ar fáil go poiblí ar líne ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach	-	-	-	R4	2023	Cuirfear an clár úinéireachta tairbhiúla in úsáid agus beidh sé ar fáil lena úsáid ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, rud a chuirfidh ar chumas úsáideoirí an fhaisnéis deiridh maidir le húinéireacht tairbhiúil eintiteas dlíthiúil a sheiceáil agus idirnascadh na gclár úinéireachta tairbhithe le Ballstáit eile a bhaint amach.
232	C4.2I1 Digiteáil in Aireachtaí éagsúla Rialtais Láir - Seirbhísí	Garsprioc	Córas stórais le haghaidh iniúchóireachta agus rialaithe: faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF	Tuarascáil iniúchóireachta lena ndeimhnítear feidhmiúlachtaí chóras an stóir lárnaigh	-	-	-	R1	2022	Beidh stórchóras chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF i bhfeidhm agus oibríochtúil. Beidh na feidhmiúlachtaí seo a leanas, ar a laghad, sa chóras: (1) bailiú sonraí agus faireachán ar bhaint amach garspriocanna agus spriocanna; (2) na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22(2)(d) (i) go (iii) de Rialachán (AE) 2021/241 a bhailiú, a stóráil agus rochtain orthu a áirithiú.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garspíoc / Spíoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
233	C4.2I1 Digiteáil in Aireachtaí éagsúla Rialtais Láir - Seirbhísí	Spíoc	Tús an uasghrádaithe dhigitigh ar roinnt aireachtaí agus ranna rialtais láir	-	Líon	0	4	R1	2022	Síníodh na conarthaí le soláthraithe a roghnaíodh trí nósanna imeachta soláthair phoiblí chun ceithre cinn ar a laghad de na hairachtaí/ranna rialtais láir seo a leanas a dhigitiú/a uasghrádú go digiteach: 1. Roinn Iompair de Bhóthar na hAireachta Iompair, Cumarsáide agus Oibreacha, 2. An Leas-Aireacht Loingis. 3. An Aireacht Gnóthaí Eachtracha 4. Ard-Stiúrthóireacht an Fháis 5. An Roinn Pleanála Baile agus Tithíochta san Aireacht Gnóthaí Baile (don Oidhreacht Ailtireachta).
234	C4.2I1 Digiteáil in Aireachtaí éagsúla Rialtais Láir - Seirbhísí	Spíoc	An t-uasghrádú digiteach ar roinnt aireachtaí agus ranna rialtais láir a chur chun cinn	-	Líon	0	2	R4	2024	Forbairt curtha i gcrích agus córais curtha i bhfeidhm le haghaidh dhá aireacht/roinn rialtais ón liosta sa spíoc le huimhir sheicheamhach 233.
235	C4.2I1 Digiteáil in Aireachtaí éagsúla Rialtais Láir - Seirbhísí	Spíoc	An t-uasghrádú digiteach ar roinnt aireachtaí agus ranna rialtais láir a thabhairt chun críche	-	Líon	2	5	R4	2025	Forbairt curtha i gcrích agus córais curtha i bhfeidhm do gach ceann de na cúig aireachtaí/ranna rialtais ón liosta sa spíoc le huimhir sheicheamhach 233.
236	C4.2I2 Údarás Calafort na Cipire a dhigitiú	Spíoc	Tús an uasghrádaithe dhigitigh ar Údarás Calafort na Cipire	-	Líon	0	4	R2	2023	Síníodh na conarthaí le soláthraithe a roghnaíodh trí nós imeachta soláthair phoiblí chun ceithre cinn ar a laghad de na seacht gcóras seo a leanas a fhorbairt/uasghrádú d'Údarás Calafort na Cipire: 1. Uasghrádú ar Chóras Chomhphobal an Chalafoirt; 2. Stáisiún VTS a shuiteáil; 3. Cartlanna CPA a dhigitiú; 4. Uasghrádú ar bhonneagar TF (amhail líonra,

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										lasca); 5. Nuashonraigh córais IS; 6. Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna a shuiteáil; 7. Freastalaithe CPA a uasghrádú; agus síníodh conarthaí chun an ríomhsheirbhís seo a leanas a fhorbairt: • faireachán agus sábháilteacht loingseoireachta chuig calafoirt Larnaca agus Vasiliko agus uathu.
237	C4.2I2 Údarás Calafort na Cipire a dhigitiú	Sprioc	Uasghrádú digiteach Údarás Calafort na Cipire a chur chun cinn	-	Líon	0	4	R4	2024	Bailchríoch a chur ar cheithre cinn ar a laghad de na córais ón liosta i sprioc le huimhir sheicheamhach 236 agus iad a shuiteáil i gcás gach calafoirt ábhartha.
238	C4.2I2 Údarás Calafort na Cipire a dhigitiú	Sprioc	An t-uasghrádú digiteach ar Údarás Calafort na Cipire a thabhairt chun críche	-	Líon	4	7	R4	2025	Tá gach ceann de na seacht gcóras ón liosta sa sprioc le huimhir sheicheamhach 236 le haghaidh na gcalafort ábhartha uile suiteáilte agus oibriochtúil, agus gach crua-earra/trealamh suiteáilte agus curtha ar bun agus • foirmiúlachtaí riaracháin agus tuairiscithe idir longa ag teacht isteach agus/nó ag imeacht ó Phoblacht na Cipire; • faireachán agus sábháilteacht loingseoireachta chuig calafoirt Larnaca agus Vasiliko agus uathu.

L. COMHPHÁIRTÍ 5.1: NUACHÓIRIÚ, UAS-SCILIÚ AGUS ATHOILIÚINT NA GCÓRAS OIDEACHAIS

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire, tugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le rannpháirtíocht íseal sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (VET) agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, le mí-oiriúint scileanna atá ag dul i méid (go háirithe i measc céimithe óga) agus le drochscileanna digiteacha. Tugtar aghaidh ann freisin ar cháilíocht an teagaisc agus ar infhaighteacht agus inacmhainneacht oideachas agus cúram na luath-óige (ECEC) do leanaí atá ceithre bliana d'aois. Is é is cuspóir dó (i) feabhas a chur ar cháilíocht agus éifeachtacht an oideachais agus na hoiliúna ar gach leibhéal, (ii) glacadh deiseanna athscilithe agus uas-scilithe atá ábhartha do mhargadh an tsaothair a chothú, go háirithe maidir leis an dá aistriú, ar fud na sochaí gan beann ar stádas fostaíochta, leibhéal scileanna nó aois, agus (iii) struchtúir na scoile a nuachóiriú chun go mbeidh siad oiriúnach don aistriú digiteach.

Leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áirítear sa chomhpháirt, tugtar aghaidh ar na moltaí tírshonracha maidir le hoideachas agus scileanna (moladh tírshonrach 2 2020 agus moladh tírshonrach 3 2019), oideachas agus cúram na luath-óige (moladh tírshonrach 3 2019) agus maidir le scileanna digiteacha (moladh tírshonrach 4 2019 agus moladh tírshonrach 3 2020).

L.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C5.1R1): Aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna idir an t-oideachas agus an margadh saothair (an Meánoideachas agus an tArdoideachas)

Is é is cuspóir don athchóiriú aghaidh a thabhairt ar an neamhréir scileanna idir margadh an tsaothair agus an córas meánoideachais agus ardoideachais.

Chun na críche sin, cuirfear príomhthionscnaimh an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta chun feidhme lena n-áirítear (i) córas rianaithe céimithe ardoideachais a thabhairt isteach, (ii) curaclaim oideachais meánscoile a athchóiriú chun scileanna boga agus fiontraíochta a fheabhsú, (iii) clár scáthfhoghlaime le haghaidh daltaí meánoideachais ghinearálta, agus (iv) cláir staidéir nua sa mheánoideachas ginearálta chomh maith le gairmoideachas agus gairmoiliúint atá saincheaptha do riachtanais mhargadh an tsaothair. Ina theannta sin, is éard a bheidh i gceist leis oiliúint ardcháilíochta a sholáthar d'fhoireann teagaisc meánoideachais i ndlúthchomhar le saineolaithe ar mhargadh an tsaothair chomh maith le saotharlanna scoile a uasghrádú leis an teicneolaíocht agus an trealamh is déanaí.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 2 (C5.1R2): Córas nua meastóireachta múinteoirí agus scoile

Is é is aidhm don athchóiriú feabhas a chur ar cháilíocht an oideachais agus, dá bhrí sin, ar thorthaí oideachais na mac léinn.

Leis an athchóiriú sin, déanfar an córas meastóireachta múinteoirí agus scoileanna atá ann faoi láthair a nuachóiriú agus a thabhairt cothrom le dáta trí scéim mheastóireachta aonair a fhorbairt don bhunoideachas, don mheánoideachas, don oideachas teicniúil agus don ghairmoideachas ina mbeidh gnéithe difreáilte. Cuimseofar oiliúint múinteoirí agus meastóirí sa chóras meastóireachta comhaimseartha sin ar scoileanna agus ar mhúinteoirí.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 3 (C5.1R3): Leathnú de réir a chéile ar oideachas réamh-bhunscoile éigeantach saor in aisce ó cheithre bliana d'aois

Is é is cuspóir don athchóiriú sin feabhas a chur ar infhaighteacht agus inacmhainneacht oideachas agus chúram na luath-óige (ECEC) lena gcuirtear chun cinn iontráil nó athiontráil daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim leanaí orthu, mná den chuid is mó, i margadh an tsaothair chomh maith le torthaí oideachais agus cuimsiú sóisialta leanaí.

Áireofar ann teacht i bhfeidhm dlí lena bhforáiltear do laghdú 8 mí de réir a chéile ar an aois iontrála in oideachas réamh-bhunscoile éigeantach saor in aisce (ó aois iontrála reatha 4 bliana agus 8 mí go 4 bliana) ag tosú sa bhliain acadúil 2024-2025 go dtí an bhliain acadúil 2032-2033.

Beidh an méid seo a leanas san athchóiriú: (i) acmhainneacht náiscoilleana poiblí a leathnú de réir a chéile; (ii) scéim cabhrach chun fóirdheonú iomlán a dhéanamh ar tháillí teagaisc náiscoilleana comhchoiteanna do leanaí ag aois iontrála in oideachas réamh-bhunscoile éigeantach saor in aisce; (iii) scéim cabhrach lena bhfóirdheonófar na táillí teagaisc do leanaí os cionn 4 bliana d'aois agus faoi bhun na haoise iontrála in oideachas réamh-bhunscoile éigeantach agus atá cláraithe i náiscoilleana príobháideacha suas le huasmhéid 100 % faoi réir caidhpe. Cuirfear an t-athchóiriú reachtach chun feidhme de réir a chéile i gcomhréir leis an dlí arna ghlacadh. Léireofar i bPlean Gníomhaíochta conas a chuirfear an t-athchóiriú chun feidhme, tríd an acmhainneacht i náiscoilleana poiblí a leathnú de réir a chéile agus tríd an dá scéim chabhrach a laghdú de réir a chéile ón tráth a thiocfaidh an dlí i bhfeidhm go dtí go gcuirfear an laghdú ar an aois éigeantach i gcrích.

Faoin 30 Meitheamh 2026, cuirfidh an t-athchóiriú oideachas réamh-bhunscoile saor in aisce agus éigeantach ar fáil do leanaí ó 4 bliana agus 5 mhí d'aois agus fóirdheonóidh sé táillí teagaisc do leanaí idir 4 bliana d'aois agus 4 bliana agus 5 mhí atá cláraithe i náiscoilleana príobháideacha.

Athchóiriú 4 (C5.1R4): Claochlú digiteach na n-aonad scoile d'fhonn scileanna digiteacha agus scileanna a bhaineann le hoideachas ETIM a fheabhsú

Is é is aidhm don athchóiriú tacú le haistriú digiteach an chórais oideachais.

Is éard a bheidh i gceist leis an mbeart sin nuachóiriú a dhéanamh ar struchtúir oideachais trí ríomh-ranganna agus trealamh seomraí ranga le huirlisí digiteacha a fhorbairt, curaclaim agus ábhar oideachais a chlaohlú chun scileanna digiteacha agus modheolaíocht ETIM a fheabhsú, chomh maith le faoiseamh a thabhairt do na costais a bhaineann le trealamh digiteach (ríomhairí glúine/táibléid) a cheannach do dhaltáí ó chúlra socheacnamaíoch íseal. Áireofar leis freisin soláthar scileanna digiteacha agus oiliúint modheolaíochta ETIM do 675 mhúinteoir bunscoile, 300 múinteoir ginearálta meánscoile agus 75 mhúinteoir gairmoideachais meánscoile in aghaidh na bliana ar feadh 5 bliana (ar a laghad 3 375 mhúinteoir san iomlán arb ionann iad agus thart ar 32 % de na múinteoirí uile (bunscoileanna agus meánscoileanna)).

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú 5 (C5.1R5): Plean Gníomhaíochta um Ríomhscileanna – Gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme

Is é is aidhm don bheart seo inniúlachtaí digiteacha a fheabhsú ar fud na ngrúpaí daonra uile.

Áireofar leis (i) creat beartais agus plean gníomhaíochta ríomhscileanna a fhorbairt, (ii) cláir spriocdhírthe a dhearadh agus a sholáthar do ghairmithe san earnáil phoiblí a chuireann inniúlachtaí trasearnála chun cinn, chomh maith le (iii) idirghabhálacha athscilithe/uas-scilithe a dhearadh lena

bhfeabhsófar litearthacht dhigiteach an lucht saothair san earnáil phríobháideach agus daoine dífhostaithe, agus béim ar leith á leagan ar mhná agus ar ghrúpaí leochaileacha. Ina theannta sin, is éard a bheidh i gceist leis an mbeart sin straitéis chumarsáide chun foghlaim ar feadh an tsaoil agus cultúr digiteach a chur chun cinn sa Chipir, infheistíochtaí i mbonneagar digiteach chun tacú leis an bhfoghlaim dhigiteach agus chun ardán ríomhfhoghlama a fhorbairt ina mbeidh príomhábhar ábhair maidir le scileanna digiteacha agus inniúlachtaí trasearnála a mbeidh rochtain ag gach spriocghrúpa air.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 1(C5.1I1): Tógáil Scoil Theicniúil Mhúnla amháin

Is é cuspóir na hinfeistíochta timpeallacht nua-aimseartha dea-fheistithe don fhoghlaim a chur ar fáil do mhic léinn agus d'oideoirí, rud a mhéadóidh acmhainneacht, cáilíocht agus tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET) sa Chipir.

Is éard a bheidh sa bheart sin scoil theicniúil nua amháin a thógáil in Limassol (in ionad Scoil Theicniúil A atá ann faoi láthair).

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (C5.1I2): Scileanna, Athsciliú agus Uas-sciliú

Is é is aidhm don infheistíocht seo scileanna digiteacha an daonra a neartú i gcomhréir leis an bplean gníomhaíochta ríomhscileanna, eolas agus scileanna daoine in earnálacha glasa agus gorma den gheilleagar a fheabhsú agus inniúlachtaí fiontraíochta a chur chun cinn.

Áireofar leis an mbeart oiliúint a chur ar fáil chun scileanna digiteacha, glasa agus gorma do chách a neartú, oiliúint fiontraíochta do dhaoine dífhostaithe, agus béim ar leith á leagan ar mhná agus ar ghrúpaí leochaileacha, chomh maith le hoiliúint i scileanna digiteacha do dhaoine os cionn 55 bliana d'aois.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

L.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
239a	C5.1R1 Aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna idir an t-oideachas agus an margadh saothair (an Meánoideachas agus an tArdoideachas)	Garsprioc	Príomhbhearta ón bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta a chur chun feidhme	Tuarascálacha a fhoilsiú agus cumarsáid ó údarais inniúla	-	-	-	R4	2024	Príomhbhearta ón bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta a chur chun feidhme ina n-iomláine, lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad: (a) foilsítear tuarascáil ar réamhthorthaí an tsuirbhé ‘Rianú Céime ar Ardoideachas na Cipire’; (b) go ndéanfar 320 de churaclaim oideachais na meánscoileanna a athchóiriú chun litearthacht dhigiteach, intleacht mhothúcháinach, scileanna boga agus scileanna fiontraíochta a fheabhsú; agus (c) go bhforbraítear dhá chlár staidéir nua.
239b	C5.1R1 Aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna idir an t-oideachas agus an margadh saothair (an Meánoideachas agus an tArdoideachas)	Sprioc	An clár scáthaithe le linn na hoibre a chur i gcrích		Líon	0	2250	R2	2026	Clár scáthfhoghlama a chur i gcrích le haghaidh 2250 dalta meánoideachais ghinearálta ar a laghad.
239c	C5.1R1 Aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna idir an t-oideachas agus	Sprioc	Saotharlanna feistithe agus nuashonraithe	-	Líon	0	170	R2	2026	Uasghrádú ar 20 saotharlann a bhaineann le Meánoideachas agus Gairmoiliúint, agus 150 saotharlann a bhaineann le Meánoideachas Ginearálta.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	an margadh saothair (an Meánoideachas agus an tArdoideachas)									
240	C5.1R1 Aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna idir an t-oideachas agus an margadh saothair (an Meánoideachas agus an tArdoideachas)	Sprioc	Foireann teagaisc meánoideachais oilte	-	Líon	0	3 100	R4	2025	Cuirtear oiliúint ar 3 100 ball foirne teagaisc meánoideachais ar a laghad sna curaclaim oideachais athchóirithe.
241	C5.1R2 Córas nua meastóireachta múinteoirí agus scoile	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí chun sásra nua Meastóireachta Múinteoirí agus Scoile a bhunú	Foráil sa dlí/sna dlíthe lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí/na ndlíthe	-	-	-	R4	2023	Teacht i bhfeidhm an dlí chun sásra nua Meastóireachta Múinteoirí agus Scoile a bhunú, ina leagfar síos go mbeidh feidhm ag an sásra nua ón scoilbhliain 2024/2025 ar a dhéanaí.
242	C5.1R2 Córas nua meastóireachta múinteoirí agus scoile	Sprioc	Oiliúint a chur ar bhaill foirne teagaisc	-	Líon	0	1 100	R4	2025	Cuireadh oiliúint ar 1 100 ball foirne teagaisc ar a laghad (múinteoirí, leaschinn agus cinn scoile) don chóras nua Múinteoirí agus Meastóireachta Scoile.
243	C5.1R3 Leathnú de réir a chéile ar oideachas réamh-bhunscoile éigeantach saor	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Dlí nua maidir le síneadh de réir a chéile a chur leis an oideachas réamh-bhunscoile éigeantach saor in	Foráil sa dlí/sna dlíthe lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí/na ndlíthe	-	-	-	R4	2023	Teacht i bhfeidhm an Dlí lena laghdófar de réir a chéile (ag tosú sa bhliain acadúil 2024-2025 go dtí an bhliain acadúil 2032-2033) an aois iontrála i gcás oideachas réamh-bhunscoile éigeantach saor in aisce ó cheithre bliana d'aois agus ocht mí d'aois go ceithre bliana d'aois. Scéimeanna

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	in aisce ó cheithre bliana d'aois		aisce ó cheithre bliana d'aois agus maidir le glacadh scéimeanna cabhrach ag Comhairle na nAirí							cabhrach arna nglacadh ag Comhairle na nAirí chun (a) táillí teagaisc a chumhdach don oideachas réamh-bhunscoile éigeantach saor in aisce i naíscoileanna communal, do leanaí nach féidir a chlárú i naíscoileanna poiblí, agus (b) táillí teagaisc i naíscoileanna príobháideacha a fhóirdheonú, chun leanaí atá faoi bhun leibhéal iontrála an oideachais réamh-bhunscoile éigeantaigh agus os cionn ceithre bliana d'aois a chlárú.
244	C5.1R3 Leathnú de réir a chéile ar oideachas réamh-bhunscoile éigeantach saor in aisce ó cheithre bliana d'aois	Sprioc	Leanaí idir 4 bliana agus 4 bliana d'aois agus 8 mí cláraithe i naíscoileanna poiblí, comhchoiteanna agus príobháideacha	-	Líon	0	3375	R2	2026	Chláraigh 3 375 leanbh ar a laghad idir 4 bliana agus 5 mhí d'aois agus 4 bliana agus 8 mí d'aois in oideachas réamh-bhunscoile éigeantach saor in aisce. Bhí 3 375 leanbh ar a laghad, idir 4 bliana d'aois agus 4 bliana d'aois agus 5 mhí cláraithe i naíscoileanna príobháideacha le táillí fóirdheonaithe.
245	C5.1R3 Leathnú de réir a chéile ar oideachas réamh-bhunscoile éigeantach saor in aisce ó cheithre bliana d'aois	Sprioc	Áiteanna nua a forbraíodh i naíscoileanna poiblí nua nó leathnaithe	-	Líon	0	675 áit nua i naíscoileanna poiblí	R2	2026	675 áit nua ar a laghad i naíscoileanna poiblí i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta.
246a	C5.1R4 Claochlú digiteach na n-	Sprioc	Seomraí ranga atá feistithe go digiteach	-	Líon	0	700	R2	2024	Tá ríomhairí glúine, teilgeoirí, micreafóin, callairí, cláir ghrafacha dhigiteacha

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	aonad scoile d'fhonn scileanna digiteacha agus scileanna a bhaineann le hoideachas ETIM a fheabhsú									feistithe go digiteach i seomraí ranga in 700 scoil ar a laghad.
246b	C5.1R4 Claochlú digiteach na n-aonad scoile d'fhonn scileanna digiteacha agus scileanna a bhaineann le hoideachas ETIM a fheabhsú	Sprioc	Páirt-aisíocaíocht as trealamh digiteach a cheannach do dhaltáí	-	Líon	0	15 000	R2	2026	Páirt-aisíocaíocht ar tháibléad/riomhaire glúine a cheannach le haghaidh 15000 dalta bunscoile agus meánscoile ó chúlra socheacnamaíoch níos ísle.
247	C5.1R4 Claochlú digiteach na n-aonad scoile d'fhonn scileanna digiteacha agus scileanna a bhaineann le hoideachas ETIM a fheabhsú	Sprioc	Claochlú curaclaim agus táirgeadh ábhair oideachais le haghaidh scileanna digiteacha agus modheolaíocht STEM	-	Líon	0	120	R4	2024	Claochlú curaclaim agus táirgeadh ábhair oideachais le haghaidh scileanna digiteacha agus modheolaíocht STEM le haghaidh 120 ábhar scoile.

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
248	C5.1R4 Claochlú digiteach na n-aonad scoile d'fhonn scileanna digiteacha agus scileanna a bhaineann le hoideachas ETIM a fheabhsú	Sprioc	Múinteoirí ag baint tairbhe as Oiliúint agus Campa Inseirbhíse; Forbairt Ghairmiúil	-	Líon	0	3 375	R2	2026	Bhain 3 375 múinteoir bunscoile agus meánscoile ar a laghad tairbhe as Oiliúint agus campa Inseirbhíse; Forbairt Ghairmiúil ar Inniúlachtaí Digiteacha.
249	C5.1R5 Plean Gníomhaíochta um Ríomhscileanna – Gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme	Garsprioc	Glacann Comhairle na nAirí an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ríomhscileanna	Ríomhsheirbhísí náisiúnta Glacann Comhairle na nAirí le Plean Gníomhaíochta Scileanna	-	-	-	R4	2021	Glacann Comhairle na nAirí an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ríomhscileanna, ina mbeidh an méid seo a leanas ar a laghad: • ardán ríomhfhoghlama a fhorbairt, ina mbeidh uirlis féinmheasúnaithe le haghaidh na hoiriúnachta digití, innéacs na gelár scilithe uile atá ar fáil, agus ábhar ábhair maidir le scileanna digiteacha agus inniúlachtaí trasearnála; • cláir agus idirghabhálacha a dhearadh agus a chur ar fáil do ghairmithe laistigh den an earnáil phoiblí i réimsí amhail Bainistiú tionscadal, uirlisí Microsoft, cibearshlándáil, na meáin shóisialta, ríomh-chomhoibriú agus uirlisí táirgiúlachta; • infheistíocht sa bhonneagar digiteach.
250	C5.1R5	Garsprioc	Príomhbhearta ón bPlean	Foilsíú na tuarascála	-	-	-	R4	2025	Cur chun feidhme iomlán na bpríomhbhearta ón bPlean Gníomhaíochta

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Plean Gníomhaíochta um Ríomhscileanna – Gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme		Gníomhaíochta um Ríomhscileanna a chur chun feidhme	bliantúla ón Leas-Aireacht Taighde, Nuálaíochta agus Beartais Dhigitigh agus postálacha/fôgra í ábhartha ar an ardán ríomhfhoghlama						Ríomhscileanna, ina n-áireofar an méid seo a leanas ar a laghad: cláir spriocdhírthe a dhearadh agus a sholáthar do ghairmithe laistigh den earnáil phoiblí le haghaidh scileanna digiteacha agus inniúlachtaí trasearnála (amhail bainistiú tionscadal); - infheistíochtaí ábhartha i mbonneagar digiteach (amhail ríomhairí glúine, ríomhairí); - soláthraítear dearadh aon ardáin ríomhfhoghlama amháin ina bhfuil ábhar oideachais chun cúrsaí a chuireann institiúidí oideachais ar fáil a chur san áireamh; cur chun feidhme na straitéise cumarsáide trí imeachtaí cistithe, i measc nithe eile.
251	C5.1I1 Tógáil Scoil Theicniúil Mhúnla amháin	Garsprioc	Conradh chun Scoil Theicniúil amháin a thógáil	Síniú an Chonartha agus tionscnamh na tógála	-	-	-	R4	2022	Síniú conartha leis an gconraitheoir a roghnaíodh faoi ghlao iomaíoch ar thograí chun Scoil Theicniúil amháin a thógáil in Limassol agus ordú tionscanta tógála a eisiúint ag an Innealtóir tionscadail.
252	C5.1I1 Tógáil Scoil Theicniúil Mhúnla amháin	Garsprioc	Tógáil aon Scoile Teicniúla amháin a chríochnú	Eisiúint maidir le Tógáil Thar Lear Deimhniú le haghaidh tionscadal tógála amháin	-	-	-	R2	2026	Déanamh aon Cheard-Scoile amháin in Limassol a chríochnú agus deimhniú a thógaint ar láimh. Scoil ag feidhmiú go hiomlán ó thús na scoilbhliana 2026-2027.
253	C5.1I2 Scileanna, Athsciliú agus Uas-sciliú	Sprioc	Oiliúint a chur i gcrích le haghaidh 11 500 rannpháirtí ar a laghad	-	Líon	0	11 500	R4	2024	Oiliúint a chur i gcrích do 11 500 rannpháirtí ar a laghad i gclár le haghaidh scileanna digiteacha, scileanna a bhaineann leis an ngeilleagar gorm agus glas, cláir fiontraíochta do dhaoine dífhostaithe agus

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										neamhghníomhacha agus cláir oiliúna do dhaoine os cionn 55 bliana d'aois.
254	C5.112 Scileanna, Athsciliú agus Uas-sciliú	Sprioc	Oiliúint a chur i gcrích le haghaidh 25 600 rannpháirtí ar a laghad	-	Líon	11 500	25 600	R4	2025	Oiliúint a chur i gcrích do 25 600 rannpháirtí ar a laghad i gcláir le haghaidh scileanna digiteacha, scileanna a bhaineann leis an ngeilleagar gorm agus glas, cláir fiontraíochta do dhaoine dífhostaithe agus neamhghníomhacha agus cláir oiliúna do dhaoine os cionn 55 bliana d'aois.

M. COMHPHÁIRT 5.2: MARGADH AN TSAOTHAIR, COSAINT SHÓISIALTA AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire, tugtar aghaidh ar an méid seo a leanas: (i) neamhéifeachtúlachtaí agus bearnaí sa chosaint shóisialta go háirithe do dhaoine féinhostaithe agus do dhaoine atá ag obair i gcineálacha fostaíochta neamhchaighdeánacha, (ii) an easpa reachtaíochta maidir le socruithe solúbtha oibre i bhfoirm teilea-oibre, (ii) dúshláin a bhaineann leis an dífhostaíocht agus leis an dífhostaíocht i measc na hóige agus an t-ardleibhéal daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna), (iii) bearnaí in oideachas agus cúram na luath-óige (ECEC) agus (iv) dúshláin maidir le cuimsiú sóisialta agus leas sóisialta, lena n-áirítear ardleibhéal daoine atá i mbail bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROE) agus riachtanais mhéadaitheacha sa chúram fadtéarmach.

Leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áirítear sa chomhpháirt, tugtar aghaidh ar na moltaí tírshonracha maidir le feabhas a chur ar éifeachtacht na seirbhísí poiblí fostaíochta agus an chórais oideachais agus oiliúna (moladh tírshonrach 3 de 2019 agus moladh tírshonrach 2 de 2020), lena soláthraítear cosaint shóisialta do chách agus lena dtugtar isteach socruithe solúbtha oibre (moladh tírshonrach 2 de 2020), agus lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht agus digitiú na hearnála poiblí (moladh tírshonrach 1 de 2019 agus moladh tírshonrach 4 de 2020).

M.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 2 (C5.2R2): Socruithe oibre solúbtha i bhfoirm teilea-oibre

Is é is cuspóir don athchóiriú socruithe solúbtha oibre a chur chun cinn i bhfoirm teilea-oibre chun cothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú agus deiseanna fostaíochta a mhéadú.

Is éard atá san athchóiriú reachtaíocht nua maidir le socruithe solúbtha oibre i bhfoirm teilea-oibre agus comhaontuithe comhchoiteanna a chur chun cinn chun teilea-obair a rialáil. Áireofar ann freisin scéim lena saortar cuid de chostais foirne mar dhreasacht d'fhostóirí daoine dífhostaithe a fhostú a dhéanfaidh teilea-obair.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2025.

Infheistíocht 1 (C5.2I1): Éifeachtacht na Roinne Saothair agus Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPFanna) a fheabhsú agus tacaíocht do dhaoine óga a threisiú

Is iad seo a leanas cuspóirí na hinfheistíochta: (i) cur chun feidhme rathúil scéimeanna fostaíochta a choimirciú trína riarachán a dhigitiú, (ii) feidhmíocht oibríochtúil na SPFanna a fheabhsú, (iii) an riosca do dhaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) a bheith dífhostaithe go fadtéarmach a íoslaghdú, (iv) tacú le NEETanna nach bhfuil cláraithe go fóill leis na SPFanna trí lánpháirtiú daoine óga atá cláraithe i margadh an tsaothair a éascú.

Is éard atá san infheistíocht: ardáin/córais TF a chur i gcrích chun na scéimeanna arna mbainistiú ag an Roinn Saothair a dhigitiú, Córas Bainistíochta Feidhmíochta a fhorbairt le haghaidh na SPFanna agus córas luathrabhaidh agus rianaithe a fhorbairt le haghaidh NEETanna. Ina theannta sin, áireofar san infheistíocht cóitseáil agus gairmthreoir maidir le díriú ar an margadh saothair agus NEETanna a lánpháirtiú agus scéim dreasachta d'fhostóirí chun NEETanna a fhostú.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (C5.2I2): Ionaid Ilfheidhmeacha agus Ionaid Cúraim Leanai a bhunú

Is é cuspóir na hinfheistíochta rannpháirtiúocht cúramóirí (mná go minic) i margadh an tsaothair a mhéadú, agus feabhas a chur ar infhaighteacht bonneagair cúraim agus forbartha sóisialta ar

ardchaighdeán do leanaí, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna do chách.

Is éard atá san infheistíocht scéim atá dírithe ar údarais áitiúla agus ar eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) chun ionaid ilfheidhmeacha agus ionaid leanaí nua a bhunú nó ionaid atá ann cheana a fheabhsú do leanaí idir 0 agus 3 bliana agus 8 mí d'aois, agus do leanaí go dtí 13 bliana d'aois bunaithe ar mheasúnú riachtanas agus ar anailís inmharthanachta. Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, áirítear san infheistíocht staidéar faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (TSI) chun anailís a dhéanamh ar staid sholáthar seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige do leanaí óga (idir 0 agus aois scoile) sa Chipir agus chun moltaí a fhorbairt maidir le hinfeistíocht san earnáil, agus go háirithe in ionaid leanaí. Tar éis mholtaí thionscadal STI, glacfar straitéis náisiúnta maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige (ECEC) agus plean gníomhaíochta a ghabhann léi.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 3 (C5.2I3): Struchtúir bhaile a bhunú do leanaí, do dhéagóirí a bhfuil neamhoird iompair orthu, do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu

Is iad seo a leanas cuspóirí na hinfeistíochta: (i) tacú le Poblacht na Cipire a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Acht na nDídeanaithe 2000-2016 cúram a chur ar fáil agus cearta mionaoiseach neamhthionlactha a thagann isteach sa Phoblacht a choimirciú, (ii) freastal ar riachtanais tithíochta do leanaí agus do dhéagóirí a bhfuil deacrachtaí ar leith acu agus a chuirtear faoi chaomhnóireacht na seirbhísí leasa shóisialaigh, (iii) feabhas a chur ar struchtúir mhaireachtála phobalbhunaithe a dtacaítear leo do dhaoine faoi mhíchumas chun institiúidiú agus eisiámh sóisialta a sheachaint agus (iv) aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht ocht struchtúr stáit ar a laghad a bhunú do leanaí nó do dhaoine faoi mhíchumas agus ocht dteach déag ar a laghad a bhunú nó a athchóiriú do leanaí, do dhéagóirí a bhfuil neamhoird iompair orthu agus do dhaoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu (trí nósanna imeachta tairisceana agus scéimeanna cabhrach).

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 4 (C5.2I4): Ionaid do leanaí i mbardais

Is é is cuspóir don infheistíocht sin rannpháirtíocht oibrithe a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu, mná den chuid is mó, i margadh an tsaothair a éascú agus dul isteach sa mhargadh sin arís, agus ar an gcaoi sin comhionannas inscne a chur chun cinn. Tá sé d'aidhm aige freisin feabhas a chur ar chuimsiú sóisialta leanaí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste agus/nó ó chúlra imirceach.

Is éard atá san infheistíocht ceithre (4) ionad cúraim leanaí a thógáil i mbardais Ayios Athanasios, Ayia Napa, Paralimni agus Yermasoyia.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 5 (C5.2I5): Tógáil dhá shamhail de scoileanna oideachais speisialta

Is é cuspóir na hinfeistíochta timpeallacht na scoile a fheabhsú do dhaltaí atá faoi mhíchumas trom nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais eile acu agus tacú lena bhforbairt acadúil agus shóisialta.

Is éard atá san infheistíocht ná dhá scoil speisialta i gceantar Limassol a athsholáthar: (i) Scoil Oideachais Speisialta Apostolos Loucas agus (ii) Scoil Riachtanas Speisialta Aisghabháil na Croise Deirge. Tógfar na scoileanna in aice lena chéile agus roinnfidh siad an halla ilchuspóireach chomh maith le linn snámha theiripeach faoi dhíon.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

M.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir Sheichea mhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
255	C5.2R2 Socruithe Oibre Solúbtha i bhFoirm na Teilea-oibre	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le socruithe solúbtha oibre i bhfoirm teilea-oibre	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí maidir leis na socruithe solúbtha oibre i bhfoirm teilea-oibre	-	-	-	R2	2023	Teacht i bhfeidhm dlí nua lena rialófar socruithe solúbtha oibre i bhfoirm teilea-oibre. Áireofar sa dlí sainmhíniú ar theilea-obair, tuairisc ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha ina bhfuil an teilea-obair infheidhme, na coinníollacha maidir le dul i mbun teilea-oibre agus cearta agus oibleagáidí na bhfostóirí agus na bhfostaithe.
256	C5.2R2 Socruithe Oibre Solúbtha i bhFoirm na Teilea-oibre	Sprioc	Deontas a dhámhtar do 400 duine ar a laghad i dteilea-obair	-	Líon	0	400	R3	2025	Deontas arna dhámhachtain d'fhostóirí chun 400 duine ar a laghad a bhí dífhostaithe roimhe sin a fhostú tar éis 12 mhí fostaíochta a chríochnú agus 30 % ar a laghad acu i mbun teilea-oibre.
258	C5.2I1 Éifeachtacht na Roinne Saothair agus Seirbhísí Poiblí Fostaíochta a fheabhsú agus tacaíocht do dhaoine óga a threisiú	Sprioc	Ardáin chríochnaithe lánoibríochtúla a chur chun feidhme	-	Líon	0	3	R4	2024	Ardáin chríochnaithe lánoibríochtúla a chur chun feidhme le haghaidh (1) scéimeanna fruilithe na Roinne Saothair a dhigitiú, (2) Córas Bainistíochta Feidhmíochta a fhorbairt do na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta agus (3) córas luathrabhaidh agus rianaithe a fhorbairt do dhaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna) le haghaidh na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta.
259	C5.2I1 Éifeachtacht na Roinne Saothair agus Seirbhísí Poiblí Fostaíochta a	Sprioc	Deontas arna dhámhachtain ar fhostóirí as 600 duine óg ar a laghad a fhostú nach bhfuil i	-	Líon	0	600	R4	2025	Deontas arna dhámhachtain d'fhostóirí chun 600 duine óg ar a laghad (idir 15-29 mbliana d'aois) nach bhfuil fostaíthe, in oideachas ná faoi oiliúint (NEETanna) a fhostú, ar feadh tréimhse fostaíochta 12 mhí, tar éis tréimhse oiliúna fóirdheonaithe 2 mhí a bheith curtha i gcrích

	fheabhsú agus tacaíocht do dhaoine óga a threisiú		mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna)							(oiliúint fhóirdheonaithe 2 mhí agus fostaíocht fhóirdheonaithe 10 mí).
260	C5.211 Éifeachtacht na Roinne Saothair agus Seirbhísí Poiblí Fostaíochta a fheabhsú agus tacaíocht do dhaoine óga a threisiú	Sprioc	Cóitseáil agus gairmthreoir do dhaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna)	-	Líon	0	5 500	R2	2026	Cóitseáil agus gairmthreoir maidir le treoshuíomh mhargadh an tsaothair agus lánpháirtiú daoine óga a thairgtear do 5 500 duine óg ar a laghad nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) trí na seirbhísí poiblí fostaíochta.
261	C5.212 Ionaid ilfheidhmeacha agus ionaid cúraim leanaí a bhunú	Garsprioc	Glacadh straitéis náisiúnta maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige (ECEC) agus plean gníomhaíochta a ghabhann léi ag Comhairle na nAirí	Foilsíú na straitéise náisiúnta maidir le ECEC agus an phlean gníomhaíochta a ghabhann léi	-	-	-	R4	2024	Ghlac Comhairle na nAirí straitéis náisiúnta maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige (ECEC) a fheabhsú lena gcumhdaítear leanaí nach bhfuil in aois scoile, agus plean gníomhaíochta a ghabhann léi, agus moltaí thionscadal críochnaithe TSI á gcur san áireamh.
262	C5.212 Ionaid ilfheidhmeacha agus ionaid cúraim leanaí a bhunú	Sprioc	Deontas arna dhámhachtain ar dheich n-údarás áitiúla ar a laghad/Eagraíocht aí Neamhrialtasacha chun Ionaid Ilfheidhmeacha nó Ionaid Leanaí a bhunú nó a fheabhsú	-	Líon	0	10	R4	2024	Tá deontas faighte ag deich gcinn ar a laghad d'údaráis áitiúla/Eagraíochtaí Neamhrialtasacha chun Ionaid Ilfheidhmeacha nó Ionaid Leanaí a bhunú nó a fheabhsú.
263	C5.212 Ionaid ilfheidhmeacha agus ionaid	Sprioc	Deontas arna dhámhachtain ar 27 údarás áitiúil/Eagraíocht	-	Líon	10	27	R2	2026	Tá deontas faighte ag 27 údarás áitiúil/Eagraíocht Neamhrialtasach ar a laghad chun Ionaid Ilfheidhmeacha nó Ionaid Leanaí a bhunú nó a fheabhsú.

	cúraim leanaí a bhunú		Neamhrialtasach ar a laghad chun Ionaid Ilfheidhmeacha nó Ionaid Leanaí a bhunú nó a fheabhsú							
264	C5.2I3 Struchtúir bhaile a bhunú do leanaí, do dhéagóirí a bhfuil neamhoird iompair orthu agus do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu (LTC)	Sprioc	Foirgnimh le haghaidh riachtanais leanaí nó daoine faoi mhíchumas agus tacaíocht do thithe do leanaí, do dhéagóirí a bhfuil neamhoird iompair orthu agus do dhaoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu (conarthaí/comhaontuithe cistiúcháin a shíniú)	-	Líon	0	26	R3	2024	Conarthaí/comhaontuithe cistiúcháin a shíniú chun 26 fhoirgneamh ar a laghad a bhunú do riachtanais leanaí nó daoine faoi mhíchumas agus do thithe do leanaí, do dhéagóirí a bhfuil neamhoird iompair orthu agus do dhaoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu.
265	C5.2I3 Struchtúir bhaile a bhunú do leanaí, do dhéagóirí a bhfuil neamhoird iompair orthu agus do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu (LTC)	Sprioc	Foirgnimh le haghaidh riachtanais leanaí nó daoine faoi mhíchumas agus tacaíocht do thithe do leanaí, do dhéagóirí a bhfuil neamhoird iompair orthu agus do dhaoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu (bunú)	-	Líon	0	26	R2	2026	26 fhoirgneamh ar a laghad a bhunú le haghaidh riachtanais leanaí nó daoine faoi mhíchumas agus le haghaidh tithe do leanaí, do dhéagóirí a bhfuil neamhoird iompair orthu agus do dhaoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu.

266	C5.214 Ionaíd Leanaí i mBardais	Sprioc	Tógáil ionaid leanaí amháin ar a laghad	-	Líon	0	1	R4	2022	Tógáil ionaid leanaí amháin ar a laghad a chur i gcrích agus deimhniú glactha freagrachta a eisiúint i gceann de na bardais seo a leanas: Ayios Athanasios, Ayia Napa, Paralimni agus Yermasoyia.
267	C5.214 Ionaíd Leanaí i mBardais	Sprioc	Ceithre ionad leanaí ar a laghad a thógáil	-	Líon	1	4	R4	2024	Tógáil agus eisiúint deimhnithe glactha freagrachta ceithre ionad leanaí a thabhairt chun críche (ionad leanaí amháin in Ayios Athanasios, ceann amháin in Ayia Napa, ceann amháin in Paralimni agus ceann amháin in Yermasoyia).
268	C5.215 Tógáil Dhá Shamhail de Scoileanna Oideachais Speisialta	Garsprioc	Síniú an chonartha leis an tairgeoir roghnaithe (conraitheoir)	Déanfar an Conradh a shíniú leis an tairgeoir roghnaithe (conraitheoir)	-	-	-	R4	2022	Síniú conartha leis an tairgeoir/na tairgeoirí roghnaithe (conraitheoir/conraitheoirí) arna roghnú faoi ghlaio iomaíoch ar thograí chun dhá scoil eiseamláireacha a thógáil in Limassol - Scoil Oideachais Speisialta Apostolos Loucas agus Scoil Riachtanas Speisialta na Croise Deirge.
269	C5.215 Tógáil Dhá Shamhail de Scoileanna Oideachais Speisialta	Garsprioc	Tógáil Apostolos Loukas & a chur i gcrích; Scoil Riachtanas Speisialta na Croise Deirge	Eisiúint deimhnithe glactha freagrachta ag an innealtóir tionscadail arna bhfíorú ó thaobh riaracháin agus ar an láthair, ag Ceann Seirbhísí Teicniúla na hAireachta Oideachais agus Ealaíon; Cultúir.	-	-	-	R4	2025	Tógáil Scoil Oideachais Speisialta Apostolos Loucas agus Scoil Riachtanas Speisialta Aisghabháil na Croise Deirge a thabhairt chun críche.

M.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Athchóiriú 1 (C5.2R1): Athchóiriú an Chórais Árachais Shóisialta agus Athstruchtúrú na Seirbhísí Árachais Shóisialta

Is iad cuspóirí an athchóirithe rochtain ar chosaint shóisialta a leathnú agus éifeachtúlacht agus éifeachtacht oibríochtúil na Seirbhísí Árachais Shóisialta a fheabhsú. Go sonrach, leathnófar agus feabhsófar cumhdach na sochar leis an athchóiriú. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, sochar dífhostaíochta, sochar tionóisce ag an obair agus sochar galair cheirde go háirithe do dhaoine féinfhostaithe, lena n-áirítear daoine atá ag obair le conarthaí nó cineálacha nua fostaíochta (amhail oibrithe ardáin). Ina theannta sin, cuirfidh an t-athchóiriú feabhas ar thráthúlacht agus ar chruinneas na seirbhísí a sholáthraítear do shaoránaigh agus déanfaidh sé calaois agus earráidí a íoslaghdú trí anailís riosca agus sásraí rialaithe cáilíochta.

Is éard atá san athchóiriú: (i) athbhreithniú ar an reachtaíocht don Chóras Slándála Sóisialta ina n-ionchorprófar leathnú an chumhdaigh slándála sóisialta chuig daoine féinfhostaithe, lena n-áirítear cineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta, amhail obair ardáin, agus (ii) próisis ghnó a athstruchtúrú, oiliúint phearsanra, acmhainneacht anailísíochta sonraí a chur ar bun agus seirbhísí a dhigitiú, chomh maith le (iii) na Córais TF atá ann cheana a uasghrádú de réir a chéile chuig Córas Comhtháite Faisnéise.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

M.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Uimhir Sheichea mhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cusp óir	Ráithe	Bliain	
270	C5.2R1 Athchóiriú an Chórais Árachais Shóisialta agus Athstruchtúrú na Seirbhísí Árachais Shóisialta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Dlí Árachais Shóisialta athbhreithnithe	Foráil sa dlí leasaitheach lena léirítear teacht i bhfeidhm na n-athbhreithnithe ar an Dlí Árachais Shóisialta	-	-	-	R2	2023	Teacht i bhfeidhm an Dlí Árachais Shóisialta athbhreithnithe, lena n-ionchorprófar leathnú an chumhdaigh slándála sóisialta chuig daoine féinfhostaithe, lena n-áirítear cineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta, amhail obair ardáin.
271	C5.2R1 Athchóiriú an Chórais Árachais Shóisialta agus Athstruchtúrú na Seirbhísí Árachais Shóisialta	Garsprioc	Uasghrádú na gcóras TF atá ann cheana go Córas Comhtháite Faisnéise Slándála Sóisialta a thabhairt chun críche	Síníonn an fhoireann glactha táirgí insoláthartha (taobh an údarais chonarthaigh) tuarascáil anailíse, deartha agus forbartha	-	-	-	R2	2026	An Córas Comhtháite Faisnéise Slándála Sóisialta a chur i gcrích agus a chur i bhfeidhm lena n-áirítear modúl íocaíochta, modúl riaracháin tairbhí, anailísíocht sonraí agus idir-inoibritheacht le córais eile.

UIMH. COMHPHÁIRT 6.1: REPOWEREU

Tugtar aghaidh i gcaibidil REPowerEU ar an dúshlán a bhaineann leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Is iad cuspóirí na comhpháirte spleáchas na Cipire ar bhreoslaí iontaise allmhairithe i gcoitinne a laghdú go láidir. Rannchuidíonn caibidil nua RePowerEU le baint amach oibleagáidí agus spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh na Cipire a socraíodh do 2030, faoin bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide. Chun a spleáchas fuinnimh a theorannú, déanfaidh an Chipir tuilleadh infheistíochta i bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh agus in iompar de bhóthar agus cuirfidh sí dlús le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh.

Leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU, tugtar aghaidh ar fhormhór na ngnéithe de na moltaí tírshonracha is déanaí i réimse an fhuinnimh, ós rud é go gcothófar leo taighde agus nuálaíocht i réimse an aistrithe ghlais agus na réiteach táirgthe, stórála, tarchurtha agus dáileacháin fuinnimh, go gcuirfear foinsí in-athnuaite fuinnimh chun cinn agus go gcuirfear dlús le bearta éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh éagsúla san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, go bhfeabhsófar an creat rialála maidir le hoibriú na gComhphobal Fuinnimh, agus go gcuirfear úsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha chun cinn.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) á cur san áireamh.

Meastar go gcuideoidh cur chun feidhme na mbeart leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Tá gné thrasteorann agus ilnáisiúnta ag baint le sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú toisc go rannchuidíonn sé leis an soláthar fuinnimh a dhaingniú san Aontas ina iomláine.

N.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (C6.1R1) Rannpháirtíocht Custaiméirí Gníomhacha, Féintomhaltóirí In-athnuaite, Pobail Fuinnimh Saoránach, Pobail Fuinnimh In-athnuaite agus Freagairt Éilimh a rialáil agus a éascú trí Ionadaíocht Charnach sa mhargadh leictreachais

Is iad cuspóirí an athchóirithe sin rannpháirtíocht na saoránach a chur chun cinn mar Chustaiméirí Gníomhacha agus/nó mar Fhéintomhaltóirí In-athnuaite, trí Phobail Fuinnimh Saoránach agus/nó Pobail Fuinnimh In-athnuaite, Freagairt Éilimh trí Ionadaíocht Charnach sa mhargadh náisiúnta fuinnimh. Leis an athchóiriú sin, ba cheart glacadh tionscadal fuinnimh in-athnuaite sa tír a chumasú, rud a d’fhágfadh go bhféadfaí dul i bhfód níos tapúla ar fhuinneamh in-athnuaite sa gheilleagar.

Tar éis do CERA na cinntí rialála ábhartha a ghlacadh, agus an creat maidir le Custaiméirí Gníomhacha agus Féintomhaltóirí In-athnuaite, Pobail Fuinnimh na Saoránach, Pobail Fuinnimh In-athnuaite agus Freagairt ar Éileamh á chur i gcrích, is é is aidhm don bheart pointe teagmhála amháin nó níos mó a chruthú do na grúpaí agus na pobail thuasluaite tríd an bpointe teagmhála aonair a

bunaíodh de réir na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite (AE) 2018/2001, maidir leis an bpróiseas ábhartha deonaithe ceadanna, a leathnú. Déanfaidh na pointí teagmhála sin, arna iarraidh sin do pháirtí leasmhar, na páirtithe leasmhara a threorú agus a éascú le linn an nós imeachta riaracháin ar fad is gá chun RECanna agus CECanna a chruthú/rannpháirtíocht iontu agus chun a bheith ina bhféintomhaltóirí inathnuaite nó ina gcustaiméirí gníomhacha. Thairis sin, beidh na pointí teagmhála freagrach as faisnéis úsáideach a sholáthar d'eintitis incháilithe agus ceisteanna a fhreagairt, cruinnithe le páirtithe leasmhara agus le húdaráis ábhartha a éascú, maidir le pobail fuinnimh a bhunú agus/nó a rannpháirtíocht sa mhargadh leictreachais. Beidh cead ag páirtithe leasmhara iarrataí, fiosruithe agus doiciméid ábhartha a chur isteach i bhfoirm dhigiteach agus i bhfoirm fhisiciúil araon.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 2 (C6.1R2) Creat rialála a thabhairt isteach chun pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha a nascadh leis an líonra dáileacháin

Is iad cuspóirí an athchóirithe seo treoirlínte a bhunú chun creataí rialála a fhoirmlíú maidir le soláthar seirbhísí solúbthachta ag an DSO chomh maith le Pointí Muirir Feithiclí Leictreacha a nascadh leis an Líonra Dáileacháin. Leis an athchóiriú sin, éascófar leathadh amach feithiclí leictreacha agus cuirfear ar chumas tomhaltóirí deiridh páirt ghníomhach a ghlacadh sa mhargadh leictreachais.

Is éard atá san athchóiriú creat rialála a thabhairt isteach lena n-éascaítear nascadh pointí luchtaithe leis an ngréasán dáileacháin agus lena n-áirítear an t-idirghníomhú leis an DSO, mar aon leis na treoirlínte maidir le nós imeachta tairisceana cothrom do na conarthaí poiblí; agus cuireann sé creat ar fáil chun an OCD a cheadúnú chun seirbhísí solúbthachta a sholáthar, lena n-áirítear bainistiú ar phlódú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 1 (C6.1I1). Beart méadaithe: Foinsí in-athnuaite fuinnimh agus bearta aonair éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i dteaghaisí agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, lena n-áirítear i dteaghlaigh ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais

Is é is cuspóir don bheart seo Infheistíocht C2.1I2 a mhéadú: Foinsí in-athnuaite fuinnimh agus bearta aonair éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i dteaghaisí agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, lena n-áirítear i dteaghlaigh ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais faoi Chomhchuid 2.1. Leis an gcuid mhéadaithe den bheart, méadófar líon na dteaghaisí, lena n-áirítear teaghlaigh tomhaltóirí leochaileacha leictreachais, a mbeidh feidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe acu agus é mar aidhm leis sin coigilteas fuinnimh a mhéadú agus dul i ngleic tuilleadh leis an mbochtaineacht fuinnimh.

Infheistíocht 2 (C6.1I2). Beart méadaithe: Úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus coigilteas fuinnimh ag údaráis phoiblí áitiúla/níos leithne a spreagadh

Is é is cuspóir don bheart seo Infheistíocht C2.1I3 a mhéadú: Úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus coigilteas fuinnimh ag údaráis phoiblí áitiúla/níos leithne a spreagadh agus aistriú pobal áitiúil i dtreo maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a éascú faoi Chomhchuid 2.1. Mar thoradh ar an

gcuid mhéadaithe den bheart, tiocfaidh laghdú breise ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil in aghaidh na bliana d'údaráis phoiblí áitiúla agus d'údaráis phoiblí i gcoitinne.

Infheistíocht 3 (C6.1I3) Uasghrádú fairsing fuinnimh ar stoc tithíochta a chur chun cinn

Is é is aidhm don infheistíocht sin an tomhaltas fuinnimh phríomhúil agus deiridh agus na hastaíochtaí CO₂ i dteaghlaigh atá ann cheana a laghdú. Ina theannta sin, cuirfidh an scéim suiteáil Córas Fuinnimh In-athnuaite chun cinn sna teaghlaigh sin. Beidh laghdú 30 % ar Phríomhéileamh Fuinnimh na bhfoirgneamh athchóirithe mar thoradh ar an gelár athchóirithe.

Áireofar na nithe seo a leanas sna hinfeistíochtaí incháilithe faoin scéim deontais:

- An costas a bhaineann le Deimhniú Feidhmíochta Fuinnimh (EPC) an teaghlaigh a eisiúint roimh chur chun feidhme na n-idirghabhálacha agus ina dhiaidh sin.
- Bearta éifeachtúlachta fuinnimh (lena n-áirítear athchóiriú foirgneamh) i bhfoirgnimh amhail insliú teirmeach eilimintí cothrománacha agus ingearacha foirgnimh, fuinneoga a athsholáthar, scáthú seachtrach, córais ghréine chun uisce te a tháirgeadh, Córais RES a shuiteáil le haghaidh téamh / fuarú spáis, córais aerchóiriúcháin an-éifeachtúil.
- Suiteáil Córas Fótvoltach (Glanbhilleáil). Ceallraí a shuiteáil le haghaidh stórála fuinnimh.

Infheistíocht 4 (C6.1I4). Beartméadaithe: Úsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha (EVanna) a chur chun cinn

Is é is cuspóir don bheart seo Infheistíocht C2.2I3 a mhéadú: Úsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha (EVanna) a chur chun cinn, faoi Chomhchuid 2.2. Leis an gcuid mhéadaithe den bheart, méadófar líon na bhfeithiclí leictreacha a cheannófar, agus méaduithe ar phraghsanna sa mhargadh á gcur san áireamh freisin.

Infheistíocht 5 (C6.1I5). Beartméadaithe: Scéim chun iomaíochas agus éifeachtúlacht fuinnimh fiontar mór sa Chipir a fheabhsú

Is é is cuspóir don bheart seo Infheistíocht C3.1I7 a mhéadú: Scéim chun iomaíochas agus éifeachtúlacht fuinnimh fiontar mór sa Chipir a fheabhsú, faoi Chomhchuid 3.1. Leis an gcuid mhéadaithe den bheart, méadófar líon na bhfiontar mór a dtugtar tacaíocht dóibh, i ngach earnáil eacnamaíoch, agus é mar aidhm a bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, trí chórais fhótavoltacha a shuiteáil agus trí bhearta an gheilleagair chiorclaigh atá nasctha le cuspóirí REPowerEU mar a leagtar amach in Airteagal 21c(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Is éard a bheidh sa chuid mhéadaithe den infheistíocht scéim deontais EUR 10 000 000 ar a laghad atá tiomnaithe chun tacú le hinfeistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanann fiontair mhóra, amhail infheistíochtaí chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú, le haghaidh bearta éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le próisis táirgthe, le haghaidh córais fuinnimh in-athnuaite agus chomhghiniúna, agus le haghaidh an gheilleagair chiorclaigh.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht:¹⁵ (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breosláí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach; (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos

¹⁵ Tá na fonótaí uile a leagtar amach sa téacs maidir le beart C2.1I4 infheidhme freisin maidir leis an mbeart seo.

